Comhairle Contae
Loch Garman
Wexford
County Council

# Comhairle Contae Loch Garman
# Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide
# 2024-2029








GNÍOMHÚ AERÁIDE
LOCH GARMAN
ÁR gCONTAE. ÁR nDEIS. ÁR dTODHCHAÍ



*Eala ag Caisleán Bhaile Sheáin (Foinse: Celtic Routes)*

Comhairle Contae Loch Garman
Wexford County Council

Comhairle Contae Loch Garman

# Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029

GNÍOMHÚ AERÁIDE LOCH GARMAN
ÁR gCONTAE. ÁR nDEIS. ÁR dTODHCHAÍ

## Brollach

Ceist chinniúnach ár linne atá san athrú aeráide, athrú atá ag titim amach anois. Tá tús á chur le próiseas fada dúshlánach in Éirinn agus an tír ag aistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin a bheidh seasmhach ó thaobh na haeráide agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

Tá taithí phearsanta ag pobal Chontae Loch Garman ar an méadú atá tagtha ar tharluithe adhaimsire, tuilte cósta agus creimeadh cósta, méadú atá tagtha mar gheall ar an athrú aeráide.

Tá Údaráis Áitiúla ar thús cadhnaíochta sna hiarrachtaí i gcoinne na n-iarmhairtí a thagann as adhaimsir agus tionchar an athraithe aeráide. Is é an próiseas faoin bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide an chéad uair atáthar i ndiaidh iarraidh ar údaráis áitiúla díriú ar níos mó ná ar dhul in oiriúint do na hathruithe seo, ach le díriú go mór ar aon iarmhairtí a mhaolú a bheadh ann don aeráid mar gheall ar aon ghníomhaíochtaí a dhéanfaimis mar eagraíocht san earnáil phoiblí. Caithfidh Comhairle Contae Loch Garman glacadh le ról ceannasach agus tacaíocht a thabhairt ar leibhéal an Chontae san aistriú i dtreo sochaí ísealcharbóin ar bhonn práinne.

Leis an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 – 2029, táthar ag féachaint leis an ngníomhú sin a dhaingniú i ngach feidhm agus réimse soláthair seirbhíse sa Chomhairle. Mar sin, ní mór don Chomhairle bearta a chur i bhfeidhm chun dul in oiriúint don athrú aeráide, dul i ngleic lena iarmhairtí ar an gcontae seo againne agus ár n-astaíochtaí díreacha a laghdú 51% faoi 2030 i gcomhréir leis an mbeartas Náisiúnta. Mar chuid den obair seo, tá de dhualgas orainn cur go mór leis an mbithéagsúlacht agus an timpeallacht nádúrtha a chosaint.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le baill an Choiste don Bheartas Straitéiseach um an Athrú Aeráide, Bithéagsúlacht agus Comhshaol mar aon le comhaltaí Chomhairle Contae Loch Garman atá tar éis páirt a ghlacadh go fonnmhar sa phróiseas seo. Is mian liom aitheantas a thabhairt freisin don obair atá déanta ag an bhfoireann feidhmiúcháin sa Stiúrthóireacht um an gComhshaol agus Athrú Aeráide atá i ndiaidh ceannasaíocht a thabhairt chun an plean a fhorbairt.



**John Fleming**
*Cathaoirleach*

## Brollach

Tá an t-athrú aeráide ar cheann de na dúshláin is práinne atá roimh an domhan sa lá atá inniu ann. Na hathruithe sin atá ag titim amach mar thoradh ar an ardú ar theochtaí domhanda, meastar gur athruithe 'dochúlaithe' iad. Tá an réabadh de dheasca tarluithe adhaimsire le brath i ngach cearn den domhan. Tá an aeráid in Éirinn ag athrú ar aon dul le treochtaí domhanda. Beidh na hiarmhairtí ó na hathruithe sin le brath i ngach pobal, beidh tionchar acu ar chórais dhaonna agus nádúrtha, agus beidh an-chostas ann dár ngeilleagar agus dár sochaí dá bharr.

Uirlis bhunúsach do Chomhairle Contae Loch Garman is ea an Plean seo um Ghníomhú ar son na hAeráide chun go mbeifear in ann dul i ngleic leis na dúshláin agus forbairt a dhéanamh ar réitigh nuálacha inbhuanaithe lenár n-astaíochtaí féin a laghdú agus ár dteacht aniar a láidriú i leith aeráid atá ag athrú.

Beidh ról le glacadh ag gach duine agus ag gach eagraíocht sna hiarrachtaí ollmhóra atá riachtanach chun dul i ngleic leis an athrú aeráide.

Tá Comhairle Contae Loch Garman dúthrachtach chun bheith inár gceannródaí d'fhonn athrú dearfach a bhaint amach tríd an maolú agus dul in oiriúint. Is léir an méid sin ón ról ceannais atá glactha ag Comhairle Contae Loch Garman san aistriú chuig tionscadail tithíochta ísealcharbóin atá tíosach ar fhuinneamh agus nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de.

Is maith atá an Chomhairle in ann gníomhú áitiúil ar son na haeráide a spreagadh, a éascú agus a mholadh toisc go bhfuil tionchar ag an gcomhairle ar réimsí mar thithíocht, iompar, pleanáil úsáide talún, cosaint an chomhshaoil, forbairt pobail agus forbairt gheilleagrach inbhuanaithe.

Is mian liom buíochas a ghabháil le gach duine a raibh ról acu chun an Plean seo um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur le chéile.



**Tom Enright**
*Príomhfheidhmeannach*



*Mainistir Thinteirn, Rinn Duáin (Celtic Routes)*

## Achoimre Fheidhmeach

Tá Comhairle Contae Loch Garman tar éis an Plean seo um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2024-2029, a ullmhú i gcomhréir le Cuspóir Aeráide Náisiúnta an Rialtais. Féachtar leis an gcuspóir sin an t-aistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, ar mhórán bithéagsúlachta, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus aeráid-neodrach a shaothrú agus a bhaint amach faoi dheireadh 2050. Beidh an earnáil rialtais áitiúil lárnach san aistriú seo, bunaithe ar ghníomhú ar son ná haeráide a bheidh áitiúil áitbhunaithe.

Tá Comhairle Contae Loch Garman tar éis an Plean seo a ullmhú i gcomhar le hOifig Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre don Ghníomhú ar son na hAeráide, in éineacht le Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt, agus faoin treoir ón gCoiste Beartais Straitéisigh um an Athrú Aeráide, Bithéagsúlacht agus Comhshaol agus ó Chomhaltaí Tofa Chomhairle Contae Loch Garman.

Cuireann an Plean le Straitéis reatha um Oiriúnú don Athrú Aeráide Chomhairle Contae Loch Garman, 2019-2024, agus le hobair leanúnach atá ar bun ag Grúpa Stiúrtha na Comhairle don Ghníomhú ar son na hAeráide i gcomhar le Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt. Tá an Caighdeán Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 bainte amach ag Comhairle Contae Loch Garman sa tréimhse sin. Chuireamar feabhsuithe i bhfeidhm san éifeachtúlacht fuinnimh ar fud na heagraíochta (éifeachtúlacht 40% bainte amach os cionn bhunlíne 2009); rinneamar forbairt ar chlár gníomhach faireacháin agus measúnaithe d'imeallbhord an Chontae; agus chuireamar tús leis an bpróiseas chun flít feithiclí an Údaráis Áitiúil a dhícharbónú, agus is feithiclí leictreacha iad 5% de na feithiclí anois. Tá clár éifeachtúlachta don soilsiú poiblí nach mór curtha i gcrích ag an gComhairle agus meastar go bhfuil méadú 60% tagtha ar an éifeachtúlacht fuinnimh dá bharr. Lena chois sin, tá tacaíocht tugtha ag an gComhairle chun fiche a cúig Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe a chur ar bun ar fud an Chontae, atá ag tabhairt ceannaireachta sa ghníomhú ar son na haeráide ar leibhéal an phobail.

Agus an Plean seo á fhorbairt, tá Crios Dícharbónaithe sa chontae (Limistéar Uirbeach Inis Córthaidh) molta ag Comhairle Contae Loch Garman. Binse tástála i limistéar sainithe a bheidh ann i gcomhair réimse de bhearta don mhaolú ar an athrú aeráide, don oiriúnú don athrú aeráide, agus don bhithéagsúlacht.

Agus an plean seo á ullmhú, tá Comhairle Contae Loch Garman tar éis Measúnú Riosca um Athrú Aeráide agus Fardal Astuithe Bunlíne a fhorbairt don Chontae.

Sa mheasúnú riosca, sonraíodh na héifeachtaí is mó atá ag an athrú aeráide ar an gContae agus a bheidh amach anseo de réir cosúlachta. Tugtar san Fhardal Astuithe Bunlíne meastachán ar astaíochtaí gás ceaptha teasa don Chontae agus do ghníomhaíochtaí na Comhairle féin. Táthar tar éis meastachán Fardail Astuithe Bunlíne den sórt céanna i gcomhair gás ceaptha teasa a fhorbairt don Chrios Dícharbónaithe, agus do ghníomhaíochtaí na Comhairle féin sa chrios sin. Tá na measúnuithe seo tar éis an bonn fianaise a chur ar fáil chun gníomhartha áitbhunaithe ar son na haeráide a fhorbairt don Chontae ar fad.

Na bunspriocanna i bPlean Chomhairle Contae Loch Garman don Ghníomhú ar son na hAeráide:

- Laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na Comhairle faoi 2030
- Feabhsú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh na Comhairle faoi 2030

Thairis sin, tá réimse de bhearta oiriúnúcháin don aeráid sa Phlean, iad

dírithe ar athléimneacht an Chontae a fheabhsú ar iarmhairtí an athraithe aeráide, chomh maith le réimse de bhearta maolaithe leis an tionchar ar an aeráid amach anseo a laghdú. Tá siad sin á gcur i láthair i gcúig (5) cinn de Réimsí Gníomhaíochta lárnacha:

- Rialachas agus Ceannaireacht
- Timpeallacht Thógtha agus Iompar
- Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas
- Pobail, Teacht Aniar agus Aistriú
- Inbhuanaitheacht agus Bainistiú Acmhainní

Maidir leis na gníomhartha a luaitear, tá an Chomhairle iomlán freagrach as cuid acu ina bhfoirgnimh, oibríochtaí, seirbhísí agus feidhmeanna féin. Chomh maith leis sin, tá gníomhartha eile ann don ghníomhú ar son na haeráide a mbeidh ról ag an gComhairle ina leith: tionchar a imirt, iad a chomhordú, éascaíocht a dhéanamh agus troid ar son na cúise.

Tá Príomhsprioc Straitéiseach D dírithe ar an ngníomhú ar son na haeráide a ghríosú i bpobail áitiúla, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a chothú sa phobal, agus Aistriú Cóir a chur chun cinn don Chontae. Tugann an Sprioc seo agus na gníomhartha istigh inti léiriú ar chomh tábhachtach atá sé go mbeidh gach duine agus gach pobal i gContae Loch Garman páirteach sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Príomhghníomhaíochtaí samplacha: tionscnaimh don Taisteal Gníomhach a chur i bhfeidhm mar chuid de Chlár na Comhairle don Taisteal Gníomhach, feabhas leanúnach a dhéanamh ar éifeachtúlachtaí fuinnimh i soláthar foirgneamh na Comhairle, eolas agus ceannaireacht an phobail a mhéadú sa Chrios Dícharbónaithe agus tús a chur leis an gCiste Pobail don Ghníomhú ar son na hAeráide don Chontae. Déanfar dul chun cinn ar thionscadail nuálacha sa tréimhse lena mbaineann an Plean, tionscadail mar shampla an mhicrighiniúint a mhéadú agus indéantacht scéime téimh ceantair a fhiosrú. Leanfaidh rannóg Tithíochta na Comhairle ar aghaidh chun uasghrádú éifeachtúlachta fuinnimh a chur ar fáil do 20% ar a laghad de stoc tithíochta sóisialta na Comhairle. Ó thaobh na ceannaireachta de, tá Grúpa Stiúrtha tras-rannach don Ghníomhú ar son na hAeráide curtha ar bun cheana féin san údarás áitiúil, á threorú ag leibhéal na Bainistíochta Feidhmiúcháin, mar aon le Foireann shonrach don Ghníomhú ar son na hAeráide. I dteannta a chéile, déanfaidh siad maoirseacht ar fheidhmiú an Phlean faoin Stiúrthóireacht um Thithíocht, Pobal, Leabharlanna, Ealaíona, Comhshaol agus Athrú Aeráide, agus Bainistíocht Éigeandála. Coinneoidh an fhoireann seo súil ar ghníomhartha agus a gcur i ngníomh, déanfaidh siad meastóireacht an Phlean a chomhordú chomh maith leis an tuairisciú don Choiste um Beartas Straitéiseach maidir leis an Athrú Aeráide, Bithéagsúlacht agus Comhshaol de réir mar is gá. Cuirfear tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn faoi bhráid na Comhairle iomláine agus foilseofar ar láithreán gréasáin na Comhairle iad. Meastar go ndéanfar athbhreithniú ar an bPlean gach cúig bliana.

Is é príomhchuspóir ginearálta Chomhairle Contae Loch Garman agus an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide á chur i láthair ná iarmhairtí ó theagmhais athraithe aeráide amach anseo a laghdú agus a cheansú chun ceannaireacht agus tacaíocht a thabhairt, ar bhonn áitiúil, san aistriú ionas gur contae athléimneach ó thaobh na haeráide de a bheidh ann, é ar mhórán bithéagsúlachta agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

# CLÁR NA nÁBHAR


| | | |
|---|---|---|
| **1** | **Beartas agus Comhthéacs** | **5** |
| 1.1 | Réamhrá | 5 |
| 1.2 | Raon feidhme Phlean Loch Garman um Ghníomhú ar son na hAeráide | 7 |
| 1.3 | Forléargas ar an athrú aeráide, an tábhacht a bhaineann leis, a iarmhairtí agus rioscaí i gcás na hÉireann (mar atá breathnaithe agus réamh-mheasta) | 7 |
| 1.4 | Achoimre ar Chomhthéacs an Bheartais Aeráide | 10 |
| 1.4.1 | Beartas Idirnáisiúnta don Athrú Aeráide | 11 |
| 1.4.2 | Beartas in Éirinn don Athrú Aeráide | 12 |
| 1.4.3 | Pleanáil Chomhairle Contae Loch Garman don Ghníomhú ar son na hAeráide | 15 |
| 1.5 | Struchtúr an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide | 16 |
| 1.6 | Ullmhúchán Phlean Chomhairle Contae Loch Garman um Ghníomhú ar son na hAeráide | 17 |
| **2** | **An Comhthéacs Réigiúnach agus Áitiúil** | **23** |
| | Oifig Réigiúnach don Ghníomhú ar son na hAeráide | 23 |
| 2.1 | Ról Tacaíochta Oifigí Réigiúnacha don Ghníomhú ar son na hAeráide | 23 |
| | Comhthéacs Chontae Loch Garman | 25 |
| 2.2 | Áit agus Méid | 25 |
| 2.3 | Daonra | 25 |
| 2.4 | Tithíocht | 25 |
| 2.5 | Fostaíocht | 26 |
| 2.6 | Oideachas | 26 |
| 2.7 | Iompar | 26 |
| 2.7.1 | Bóithre agus Feithiclí | 26 |
| 2.7.2 | Iarnród | 27 |
| 2.7.3 | Bus agus Taisteal Gníomhach | 27 |
| 2.7.4 | Calafoirt | 28 |
| 2.8 | Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce | 29 |
| 2.9 | Fuinneamh | 29 |
| 2.10 | Timpeallacht Nádúrtha | 30 |
| 2.11 | Talmhaíocht | 30 |
| 2.12 | Pleanáil don fhreagairt éigeandála | 31 |
| 2.12.1 | Freagairt Éigeandála ar leibhéal réigiúnach agus leibhéal áitiúil | 31 |

**3 An Gníomhú ar son na hAeráide atá Bunaithe ar Fhianaise 35**
3.1 Tábhacht na pleanála don ghníomhú ar son na haeráide atá bunaithe ar fhianaise 35
3.2 Measúnú Riosca Chomhairle Contae Loch Garman ar Athrú Aeráide 35
3.2.1 Guaiseacha Aeráide atá sonraithe do Chontae Loch Garman 36
3.2.2 Minicíocht na guaise aeráide 38
3.2.3 Rioscaí Aeráide reatha atá sonraithe do Chontae Loch Garman 40
3.2.4 Rioscaí Aeráide roimh Chomhairle Contae Loch Garman san am atá le teacht 40
3.3 Fardal Astuithe Bunlíne do Chontae Loch Garman 41
3.3.1 Astaíochtaí bunlíne ar fud an chontae 44
3.3.2 Torthaí Astaíochtaí Bunlíne Chomhairle Contae Loch Garman 2016-2018 45
3.4 Fardal Astuithe Bunlíne do Chrios Dícharbónaithe Inis Córthaidh 47

**4 Creat na nGníomhartha ar son na hAeráide 49**
4.1 Fís an Phlean 49
4.2 Bunchuspóir an Phlean 49
4.3 Spriocanna agus Cuspóirí Straitéiseacha sna Réimsí Gníomhaíochta 50
4.4 Gníomhartha 58

**5 Crios Dícharbónaithe (DZ) 106**
5.1 Achoimre ar phróifíl astaíochtaí DZ an Údaráis Áitiúil 106
5.1.1 Sainmhíniú ar Chrios Dícharbónaithe 106
5.1.2 Crios Dícharbónaithe a Roghnú 106
5.1.3 Crios Dícharbónaithe mar Bhinse Tástála 107
5.2 Próifíl Limistéar Uirbeach Inis Córthaidh 108
5.3 Astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ídiú fuinnimh in aghaidh na hearnála 111
5.3.1 Iompar 112
5.3.2 Tráchtáil 114
5.3.3 Áiteanna Cónaithe 115
5.3.4 Tithíocht Shóisialta 117
5.3.5 Talmhaíocht 118
5.3.6 Uisce agus Fuíolluisce 119

5.3.7 Úsáid Fuinnimh ag Comhairle Contae Loch Garman sa Chrios Dícharbónaithe 120
5.4 Fís don Chrios Dícharbónaithe 121
5.4.1 Clár Deiseanna 121
5.4.1.1 An Chomhghuaillíocht Foirgneamh Ardfheidhmíochta (HPBA) 123
5.4.1.2 Foirgnimh atá nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh (NZEB) 124
5.4.1.3 Ionad Oiliúna um Fhoirgnimh atá nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh (nZEB) 124
5.4.1.4 Inis Córthaidh Inbhuanaithe 124
5.4.1.5 Fuinneamh In-Athnuaite 125
5.4.1.6 Ionad Athchúrsála Inis Córthaidh 125
5.4.1.7 Feirm Ghréine Naomh Eoin 126
5.4.1.8 Aistriú chuig Feithiclí Leictreacha 126
5.4.1.9 Rannpháirtíocht na Scoileanna i gcúrsaí Fuinnimh 126
5.4.1.10 Téamh Ceantair 126
5.4.1.11 Inis Córthaidh a Athshamhlú 127
5.5 Gníomhartha don Chrios Dícharbónaithe 127

**6 Cur chun Feidhme agus Tuairisciú 147**
6.1 Cur chun feidhme a phleanáil 147
6.2 Spleáchais agus Riosca an Phlean 150
6.2.1 Maoiniú agus Comhpháirtíochtaí 150
6.2.2 An Clár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide 151
6.3 An Dul Chun Cinn a Rianú trí Phríomhtháscairí Feidhmíochta 152
6.4 Ceanglais agus Socruithe Tuairiscithe 154
6.4.1 Tuairisciú Inmheánach 154
6.4.2 Cumarsáid Phoiblí 154
6.4.3 An Córas Monatóireachta agus Tuairiscithe 154
6.4.4 EnergyElephant 155
6.4.5 ISO50001 155
6.4.6 Feidhmíocht Earnála 155
6.4.7 An Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 155
6.4.8 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 156

**Aguisín A: Beartais agus Cuspóirí DECA 159**
**Aguisín B: Amlíne na nlmeachtaí Aeráide 162**
**Aguisín C: Gluais Téarmaí 165**
**Gluais 168**
**Tagairtí, Foinsí Leabharliosta 169**
**Buíochas 172**

## Fís

Geilleagar a bheidh athléimneach ó thaobh na haeráide de, ar mhórán bithéagsúlachta, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus aeráid-neodrach a bhaint amach faoi dheireadh 2050.

## Misean

Is é an misean atá againne Loch Garman a aistriú ionas gur geilleagar é a bheidh athléimneach ó thaobh na haeráide de, ar mhórán bithéagsúlachta, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus aeráid-neodrach.



*Seamair CEN Dhún Canann (Comhairle Contae Loch Garman)*

# 1 Beartas agus Comhthéacs

## 1.1 Réamhrá




*Páiste ag Iascaireacht le hAghaidh Portán, Fiodh Ard (Celtic Routes)*

Tá Comhairle Contae Loch Garman tar éis an Plean seo um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2024-2029, a ullmhú chun tacaíocht a thabhairt le go mbainfear amach Contae ísealcharbóin aeráid-díonach mar thoradh ar an dea-chleachtas a chur i ngníomh go háitiúil. Tá an Plean ag teacht le Cuspóir Aeráide Náisiúnta an Rialtais. Féachtar leis an gcuspóir sin an t-aistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, ar mhórán bithéagsúlachta, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus aeráid-neodrach a shaothrú agus a bhaint amach faoi dheireadh 2050.

Tá leagtha amach san Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, uaillmhian aeráide na hÉireann atá ceangailteach de réir dlí "laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030". Tá an tír ag dul i dtreo aeráidneodracht a bhaint amach faoi dheireadh 2050.

Leis an Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, éilítear go sonrach ar gach údarás áitiúil in Éirinn Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide a ullmhú agus a dhéanamh, spriocanna náisiúnta ginearálta aeráide agus fuinnimh á gcur san áireamh, agus bearta maolaithe agus oiriúnaithe mar chuid de.

Is é atá i gceist leis an **Maolú ar an Athrú Aeráide** ár modhanna beatha, iompair, tomhaltais agus déantúsaíochta a athrú chun táirgeadh gás ceaptha teasa díobhálach a laghdú nó a stopadh. Tá an dea-chleachtas talún mar chuid de.

Is é atá i gceist leis an **Oiriúnú don Athrú Aeráide** iarrachtaí chun dul i ngleic le hiarmhairtí an athraithe aeráide. Baineann sé le bearta praiticiúla a dhéanamh le rioscaí a bhainistiú, pobail a chosaint agus athléimneacht an gheilleagair a threisiú (mar shampla, tuilte, ardú ar leibhéal na mara, etc.).

Agus an Plean á chur le chéile, tá Comhairle Contae Loch Garman tar éis an reachtaíocht agus beartas aeráide cuí a chur san áireamh; measúnú riosca don athrú aeráide a dhéanamh; agus measúnú bonnlíne astaíochtaí gás ceaptha teasa a shocrú ar leibhéal an chontae. Níos tábhachtaí fós, tugtar gealltanas sa phlean réimse beart a dhéanamh i 5 cinn de réimsí straitéiseacha, réimsí atáthar i ndiaidh a fhorbairt le go mbeidh Comhairle Contae Loch Garman in ann na spriocanna riachtanacha aeráide a bhaint amach agus aistriú i dtreo contae a bheidh níos inbhuanaithe ó thaobh comhshaoil de.

Tá bealach follasach sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide gur féidir le Comhairle Contae Loch Garman na nithe seo a dhéanamh:

- beartas náisiúnta don athrú aeráide a chur in oiriúint go gníomhach do chúinsí áitiúla, tús áite a thabhairt do bhearta fianaisebhunaithe agus dlús a chur leo.
- páirt a ghlacadh in iarrachtaí chun neodracht ó thaobh aeráide de a bhaint amach go háitiúil agus ar leibhéal an phobail.
- Crios Dícharbónaithe (DZ) a shonrú agus a shocrú i limistéar an údaráis áitiúil a bheidh mar bhinse tástála i gcás réimse de bhearta maolaithe aeráide, oiriúnaithe aeráide agus bithéagsúlachta.





*Fíor 1.1: Maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide - bearta agus cosúlacht eatarthu*

Tá Comhairle Contae Loch Garman dúthrachtach i dtaobh tús áite a thabhairt don ghníomhú ar son na haeráide in obair agus feidhmeanna na Comhairle féin agus, san am céanna, ról ceannaireachta a thabhairt chun an gníomhú sin a chur i bhfeidhm go háitiúil. Léiriú atá sa Phlean ar chur chuige leanúnach don ghníomhú ar son na haeráide ar fud struchtúr riaracháin agus polaitiúil Chomhairle Contae Loch Garman. Bhí comhairliúchán poiblí agus tréimhse rannpháirtíochta pobail ann agus ansin cuireadh an Plean faoi bhráid na gComhaltaí Tofa.

## 1.2 Raon feidhme Phlean Loch Garman um Ghníomhú ar son na hAeráide

Tá leagtha amach sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide na cásanna ina bhfuil Comhairle Contae Loch Garman freagrach as an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú, as éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, agus as astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú i gcás a sócmhainní, seirbhísí agus bonneagair féin. Is as na réimsí sin a bhfuil freagracht iomlán ar an údarás áitiúil faoin bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide. Chomh maith leis sin, caithfidh Comhairle Contae Loch Garman ról níos ginearálta a léiriú sa phlean, is é sin tionchar a imirt, an cás a throid, agus é a chur ar a gcumas d'earnálacha eile a gcuid spriocanna agus cuspóirí aeráide féin a bhaint amach. Tá an chuid sin riachtanach le go mbeifear in ann gach leas a bhaint as na buntáistí comhshaoil, sóisialta agus geilleagracha a bhaineann leis an ngníomhú ar son na haeráide.

Tá raon feidhme an Údaráis Áitiúil ó thaobh Gníomhú ar son na hAeráide de le feiceáil i bhFíor 1.2.





*Taispeántar i bhFíor 1.2 raon feidhme na freagrachta ar an údarás áitiúil as an nGníomhú ar son na hAeráide (Foinse: Treoirlínte le haghaidh Pleananna Gníomhaíochta Údarás Áitiúil, 2023)*

## 1.3 Forléargas ar an athrú aeráide, an tábhacht a bhaineann leis, a iarmhairtí agus rioscaí i gcás na hÉireann (mar atá breathnaithe agus réamh-mheasta)

Tá an tuiscint ann níos mó anois ná riamh gurb é an t-athrú aeráide an dúshlán domhanda fadtéarmach is práinní inár linn agus go bhfuil a thionchar le tabhairt faoi deara i gcéin agus i gcóngar. Tá deimhnithe sa Séú Tuarascáil Mheasúnachta ón Meitheal ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide go bhfuil fianaise ann nach féidir a shárú go bhfuil athrú tagtha ar an aeráid ón ré réamhthionsclaíoch agus gurb iad gníomhaíochtaí an duine, trí astaíochtaí gás ceaptha teasa, is mó is cúis leis an athrú sin. Luaitear sa tuarascáil

gurb iad gníomhaíochtaí an duine is cúis leis an téamh domhanda gan aon agó. D'éirigh teochtaí domhanda an dromchla go teocht 1.1°C ní b'airde sa tréimhse 2011-2020 ná an meánleibhéal sa tréimhse 1850-1900.

Tá cás na hÉireann ag teacht leis an athrú aeráide go domhanda ó thaobh teochta agus frasaíochta (báisteach) de. Luaigh Met Éireann go raibh 2022 'ar an mbliain ba theo dár taifeadadh riamh'. Taifeadadh go raibh an teocht in Éirinn ní b'airde ná an meánteocht fadtéarmach don 12ú bliain as a chéile. Anuas air sin, taifeadadh teochtaí nach raibh a leithéid ann riamh in Éirinn sa samhradh in 2022, an dara teocht ab airde a taifeadadh riamh in Éirinn san áireamh, b'in 33°C. Tá an méid sin dearbhaithe arís sna breathnuithe frasaíochta ó 2022 inar taifeadadh go raibh an bháisteach ar leibhéal ní b'ísle ná an meánleibhéal fadtéarmach sa chuid is mó de na stáisiúin. Bhí athraitheacht sa bháisteach in 2022, agus adhaimsir i ngach séasúr, a d'fhág go raibh an samhradh agus an t-earrach ní ba thirime agus an fómhar agus an geimhreadh ná ba fhliche ná mar is gnách. Tháinig méadú 20 cm ar mheánleibhéal domhanda na farraige idir 1901 agus 2018. Tá an t-ardú domhanda ar mheánleibhéal na mara ann ar bhonn seasta ó bhí 1901 ann. Tá ardú den chineál céanna ar leibhéal na mara le feiceáil thart ar Éirinn go dtí seo agus ardú 2-3 mm ann gach bliain ar an meán. Is téamh aeráide is cúis leis an ardú ar leibhéal na mara de dheasca muiroighear atá á cailleadh agus forbairt theirmeach (méadú ar an toirt uisce mar gheall ar an téamh) atá ann mar thoradh ar théamh na farraige móire.




Aimhrialtachtaí teochta (°C) Oileán na hÉireann/difríocht ón meánteocht bhliantúil (9.5 °C) sa tréimhse iomlán 1961-1990
Sonraí ó Chionn Mhálanna, Co. Dhún na nGall, Biorra/an Goirtín, Co. Uíbh Fhailí/Tiobraid Árann, Páirc an Fhionnuisce, Co. Bhaile Átha Cliath, Réadlann Dhairbhre, Co. Chiarraí agus Réadlann Ard Mhacha, Co. Ard Mhacha (sonraí Ard Mhacha le caoinchead Réadlann Ard Mhacha agus an Met Office, an Ríocht Aontaithe)

*Fíor 1.3: Aimhrialtachtaí Teochta (°C) Oileán na hÉireann 1900-2022 (difríocht ó 1961-1990) (Foinse: Met Éireann)*

Tá droch-iarmhairtí ón aeráid feicthe in Éirinn cheana féin. Tá léirithe i dtarluithe adhaimsire le deireanas an baol ina bhfuil daoine, gnólachtaí, pobail agus bonneagar ón athrú aeráide agus go bhfuil gá práinneach leis an ngníomhú ar son na haeráide i ngach gné den tsochaí.

Fágadh 59,000 teach cónaithe agus áitreabh gnó gan chumhacht de dheasca tarluithe adhaimsire mar Stoirm Arwen agus Stoirm Barra (2021). Is minic a chuireann droch-iarmhairtí ón athrú aeráide le dúshláin shóisialta, chomhshaoil agus gheilleagracha. Féadfaidh sé sin cur le leochaileacht i leith aeráid atá ag athrú agus dálaí foircneacha aeráide.

Tá Met Éireann, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus eolaithe aeráide eile in ann réamh-mheastacháin iontaofa a sholáthar i dtaobh patrúin aeráide amach anseo in Éirinn agus go domhanda, iad sin bunaithe ar athruithe atá taifeadta ar an aeráid

agus ar iarmhairtí ó na hathruithe sin. D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Foras na Mara agus Met Éireann an tuarascáil **The Status of Ireland's Climate** in Iúil 2021.

## CÁS-STAIDÉAR 1:

## Athchóiriú Muiríneach agus Dumhcha

Tá dornán de phobail trá i gContae Loch Garman tar éis teacht le chéile chun éiceolaíocht nádúrtha an chósta a thabhairt ar ais. Is léir anois le blianta beaga anuas an tábhacht atá leis na dumhcha agus na muiríneacha atá mar thaca fúthu lenár gcósta a chosaint ar thuilte, ar dhamáiste ó stoirmeacha agus ar an gcreimeadh.




*Fíor 1.4 Cur Muiríní*

Planda dúchasach atá sa mhuiríneach a fhásann sa ghaineamh in Éirinn. Tá riosóim inti a fhásann cúpla méadar ar fhad. Fíonn na riosóim ina chéile le fréamhacha agus le riosóim muiríní eile le máithreach láidir a fhorbairt chun an gaineamh éadrom scaoilte atá i ndumhcha na dúiche a ghreamú dá chéile. Is réiteach inbhuanaithe fadtéarmach é seo ar an gcreimeadh cósta atá éifeachtúil ó thaobh costais de agus lenar féidir an tírdhreach a chaomhnú.

Tá an Chomhairle Contae, Cóstaí Glana Éireann agus eagraíochtaí eile tar éis cuidiú a thabhairt i gcás tionscadail athchóirithe agus phlandála ar Chósta Loch Garman, cuir i gcás Teach Coimseáin, Caisleán Mhurchú, Currach Cló agus Trá Ros Láir.

Seo a leanas achoimre ar réamh-mheastacháin aeráide i gcás na hÉireann:

- Tá an teocht ag ardú agus meastar go leanfar ar aghaidh leis an ardú sin i ngach séasúr.
- Meastar go dtiocfaidh laghdú suntasach ar na meánleibhéil frasaíochta (báisteach) san earrach agus sa samhradh. Tá sé le tuiscint ó réamh-mheastacháin go mbeidh níos mó tarluithe den fhrasaíocht fhoircneach ann, go háirithe sa gheimhreadh.
- Is beag athrú a thiocfaidh a thiocfaidh ar luas agus treo na gaoithe de réir na réamh-mheastachán. Meastar go mbeidh dálaí foircneacha gaoithe níos minice ann, go háirithe sa gheimhreadh.
- Tiocfaidh ardú ar leibhéal na mara, bunaithe ar na treochtaí faoi láthair, ar aon dul leis an méid atá tite amach go dtí. Tá Éire an-leochaileach i dtaobh ardú ar leibhéal na mara mar gheall ar chósta fairsing na tíre agus patrún lonnaíochta forleathan na


tíre feadh an chósta.

- Méadú ar mhinicíocht tuilte srutha (tuilte abhann) agus tuilte báistiúil (uisce dromchla).
- Méadú ar mhinicíocht agus déine tuilte cósta agus creimthe cósta.
- Méadú ar mhinicíocht agus déine tonnta teasa samhraidh, teochtaí foircneacha agus triomaigh.
- Laghdú ar mhinicíocht seaca agus sneachta.
- Séasúr fáis níos faide (cúrsa feineolaíochta).

Tá athrú tagtha ar aeráid na hÉireann i gcomparáid leis na 1900idí. Mar gheall ar an téamh sin, atá ag teacht le teochtaí domhanda, tá iarmhairtí éagsúla tagtha chun cinn a bhaineann le haeráid níos teo chomh maith le níos mó tarluithe adhaimsire.

## 1.4 Achoimre ar Chomhthéacs an Bheartais Aeráide

Tá borradh faoin ngníomhú ar son na haeráide mar gheall ar an bhfianaise eolaíochta a dheimhníonn go bhfuil an t-athrú aeráide ann mar thoradh ar an tionchar daonna, taobh le réimse de chreataí beartais uaillmhianacha agus gealltanais idirnáisiúnta atá ceangailteach sa dlí chun freagraí éifeachtacha a fháil i dtíortha éagsúla. Dá bharr sin, tá an Plean seo um Ghníomhú ar son na hAeráide fréamhaithe i gcomhthéacs níos ginearálta de bheartas aeráide idirnáisiúnta, náisiúnta, earnála agus ón Aontas Eorpach. Tá léiriú ar an méid sin i bhFíor 1.5 thíos.




*Fíor:1.5 Ordlathas sa Bheartas um Ghníomhú ar son na hAeráide.*


### 1.4.1 Beartas Idirnáisiúnta don Athrú Aeráide

Aithnítear go dteastaíonn comhar agus uaillmhian ar leibhéal idirnáisiúnta má táthar chun dul i ngleic mar is ceart leis an athrú aeráide. Ó bunaíodh Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide sa bhliain 1994, tá tíortha tar éis comhar idirnáisiúnta a fhorbairt chun an méadú ar an meánteocht dhomhanda a theorannú agus chun dul i ngleic le hiarmhairtí an athraithe aeráide mar gheall ar na méaduithe ar na teochtaí.

Is mar thoradh ar na hiarrachtaí sin a síníodh Comhaontú Pháras 2015 le linn Chomhdháil na bPáirtithe 21 (COP21). Conradh idirnáisiúnta é Comhaontú Pháras, 2015, atá ceangailteach ó thaobh dlí de. Shínigh gach Ballstát é, is é sin 196 tír, Éire ina measc. Tháinig sé i bhfeidhm an 4 Samhain 2016. Agus dhá sprioc ann atá sainithe go soiléir, is é is aidhm do Chomhaontú Pháras gníomh forásach agus uaillmhianach a dhéanamh ar son na haeráide chun athrú contúirteach aeráide a sheachaint, ar na slite seo:

i. An méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 20°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh teorainn 1.50°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an méadú teochta; agus

ii. Méadú a dhéanamh ar an gcumas oiriúnú d'éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a chothú.




*Fíor 1.6: Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (Foinse: Forbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe)*

Comhaontú idirnáisiúnta eile atá nasctha go dlúth le Comhaontú Pháras ná Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a ghlac Ballstáit de na Náisiúin Aontaithe i Meán Fómhair 2015. I gcroílár an Chláir Oibre tá na 17 gcinn de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Is é is aidhm leis na spriocanna seo “deireadh a chur leis an mbochtaineacht, an pláinéad a chosaint, agus saol agus deiseanna gach duine i ngach áit a fheabhsú.” Tá 169 cuspóir sna 17 sprioc forbartha inbhuanaithe atá le baint amach faoi 2030. D’iarr ceannairí domhanda ‘deich mbliana gníomhaíochta’ in 2019 leis na spriocanna a bhaint amach

taobh istigh den tréimhse sin. Tá plé ar na spriocanna forbartha inbhuanaithe i gCuid 6 den Phlean seo.

Mar chuid de na gealltanais a tugadh i gComhaontú Pháras, d'fhógair an Coimisiún Eorpach an Comhaontú Glas don Eoraip i mí na Nollag 2019, agus é mar aidhm ann go mbeidh an Eoraip ar an gcéad mhór-roinn a bheidh neodrach ó thaobh díobháil aeráide de. Is é is aidhm don Chomhaontú deireadh a chur le hastaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2050, an fás eacnamaíoch a scaradh le húsáid acmhainní agus gan aon duine a fhágáil ar lár. Thug an tAontas Eorpach sraith moltaí isteach ionas go mbeadh beartais aeráide, chánachais, fuinnimh agus iompair an Aontais ag teacht le chéile leis an aidhm seo a bhaint amach. Tá na spriocanna seo ceangailteach sa dlí mar gheall ar an Dlí Aeráide Eorpach. Gné eile de sin ná laghdú 55% ar a laghad a bhaint amach ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030.

### 1.4.2 Beartas in Éirinn don Athrú Aeráide

Tá an beartas don athrú aeráide in Éirinn ag teacht anois leis na spriocanna atá ag an Aontas Eorpach agus leis an méid a theastaíonn chun dul i ngleic le dúshláin an athraithe aeráide. Mar chuid den obair chun an Cuspóir Náisiúnta Aeráide a bhaint amach, déanann an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, geilleagar agus sochaí inbhuanaithe a chur chun cinn, áit a ndéanfar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chothromú, a laghdú nó a bhaint. Tá an beartas aeráide i mbun iarrachtaí a mhéadú ar fud na sochaí trí chéile d'fhonn mór-athrú a bhaint amach ar ghníomhú uaillmhianach agus bunathraitheach ar son na haeráide go 2030 agus chomh fada le 2050, an méid sin trí bhuiséid charbóin chéimnitheacha uile-gheilleagair, uasteorainneacha earnála, réimse straitéisí agus iad á gceapadh le meascán de bhearta oiriúnaithe agus maolaithe a chur chun cinn, chomh maith le socruithe láidre maoirseachta agus tuairiscithe.



*Rón ag snámh i gCalafort Ché na Cille Móire (Celtic Routes)*

Seoladh Plean 2023 um Ghníomhú ar son na hAeráide an 21 Nollaig 2022. Is é an dara huasdátú bliantúil é ar Phlean 2019 an Stáit um Ghníomhú ar son na hAeráide. Tá sé ar an gcéad phlean atá ullmhaithe de réir an Achta um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, agus ar an gcéad phlean ó tugadh isteach (in 2022) buiséid charbóin uile-gheilleagair agus uasteorainneacha earnála. Tá leagtha amach sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2023, treochlár go 2025 i dtreo gníomh cinntitheach a dhéanamh chun astaíochtaí a laghdú faoina leath faoi 2030 agus neodracht carbóin a bhaint amach faoi dheireadh 2050, mar atá geallta i gClár an Rialtais.

Tá uasteorainneacha astaíochtaí earnála náisiúnta leagtha amach sa Phlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide (bunaithe ar sprioc iomlán de laghdú 51% faoi 2030) agus foilsíodh iad an 22 Iúil 2018. Uasteorainneacha atá iontu i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa i ngach earnáil de gheilleagar na hÉireann go dtí deireadh 2030. Tá uasteorainneacha astaíochtaí earnála leagtha amach do na hearnálacha leictreachais, iompair, tógála, tionsclaíochta agus talmhaíochta, rud atá mar ghealltanas i gClár an Rialtais. Beidh athrú ó bhonn ag teastáil i ngach cuid den tsochaí agus i ngach eagraíocht.

| Earnáil | Laghdú |
|---|---|
| Leictreachas | 75% |
| Iompar | 50% |
| Foirgnimh (foirgnimh thráchtála agus phoiblí) | 45% |
| Foirgnimh (foirgnimh chónaithe) | 40% |
| Tionscal | 35% |
| Talmhaíocht | 25% |
| Eile | 50% |

*Tábla 1.1: Spriocanna Náisiúnta Earnála Laghdaithe Astaíochtaí 2030 (an Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2023)*

Foilsíodh an chéad chreat náisiúnta oiriúnúcháin in Éirinn in 2018. Sa chreat sin, leagadh amach an comhthéacs lena dheimhniú go mbeadh na hearnálacha is mó agus na húdaráis áitiúla in ann na cineálacha priacail agus leochaileachta is mó a bhaineann leis an athrú aeráide a mheas, bearta aeráid-díonacha a chur i ngníomh, agus féachaint chuige lena chinntiú go mbeadh breithniú sásúil i leith an oiriúnaithe don athrú aeráide go lárnach sa cheapadh beartais go náisiúnta, go réigiúnach agus go háitiúil.

Foilsíodh Pleananna Earnála um Oiriúnú don Athrú Aeráide i ranna éagsúla Rialtais mar fhreagairt ar an gCreat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide. I ngach plean, sonraítear na rioscaí is mó atá roimh an earnáil agus an cur chuige atá á ghlacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí seo agus chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fhorbairt don am atá le teacht. Úsáideadh próiseas pleanála sé chéim don oiriúnú chun iad a fhorbairt. Tá cuntas ar an bpróiseas sin sna Treoirlínte um Pleanáil Earnála maidir leis an Oiriúnú don Athrú Aeráide atá foilsithe ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Tugann na pleananna aghaidh ar na hearnálacha seo a leanas: Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Bia Mara, Bithéagsúlacht, Oidhreacht Thógtha agus Oidhreacht Seandálaíochta, Bonneagar Iompair, Líonraí Leictreachais agus Gáis, Líonraí Cumarsáide, Bainistiú Riosca Tuilte, Cáilíocht an Uisce, Bonneagar Seirbhísí Uisce agus Sláinte. I Straitéis Fhadtéarmach reatha na hÉireann maidir le Laghdú ar Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa

(arna foilsiú in 2023), leagtar amach conairí táscacha, a théann níos faide ar aghaidh ná 2030, i dtreo neodracht carbóin a bhaint amach in Éirinn faoi 2050. Cuireann an Straitéis leis na conairí dícharbónaithe a bhí leagtha síos sna buiséid charbóin, uasteorainneacha astaíochtaí earnála agus sa Phlean náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide, ionas go mbeidh beartas comhleanúnach éifeachtach ann don athrú aeráide. Mar bhonn faoi, tá anailís ar na roghanna aistrithe i ngach earnáil thábhachtach den gheilleagar. Tugtar ann nasc ríthábhachtach idir spriocanna aeráide na hÉireann do 2030 agus an sprioc fadtéarma atá leagtha síos i gCuspóir Náisiúnta Aeráide na hÉireann agus sa Dlí Aeráide Eorpach.

Is é atá sa doiciméad Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide á Bhaint Amach, 2030, ná an straitéis rialtais áitiúil ar an ngníomhú ar son na haeráide a foilsíodh in Aibreán 2021. Léiriú atá sa straitéis ar ghealltanas ginearálta san earnáil d'fhonn cur chuige leanúnach a chinntiú sa ghníomhú ar son na haeráide sna struchtúir riaracháin agus pholaitiúla i nach ceann de na 31 údarás áitiúil. Ar leibhéal earnála, cuireann an straitéis sprioc in iúl i dtreo na ceannaireachta, chun líonra an údaráis áitiúil a thabhairt isteach sa ghníomhú éifeachtach ar son na haeráide. Treochlár atá sa straitéis ionas gur féidir le húdaráis áitiúla na freagairtí riachtanacha dícharbónaithe agus oiriúnaithe don athrú aeráide a chur i bhfeidhm.



*Baill foirne ó Chomhairle Contae Loch Garman ag dul i mbun oibre le linn Stoirm Emma (Comhairle Contae Loch Garman)*

Shínigh Comhairle Contae Loch Garman Cairt na nÚdarás Áitiúil maidir leis an nGníomhú ar son na hAeráide i mí Dheireadh Fómhair 2019. Léiriú é sin ar ghealltanas chun borradh a chur faoi iarrachtaí agus páirt a ghlacadh go háitiúil agus go náisiúnta chun gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a bhaint amach. Leagann an chairt de chúram ar gach údarás áitiúil ceannaireacht láidir a thabhairt chun an gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn go réigiúnach agus go háitiúil agus, san am céanna, cloí le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, go háirithe Sprioc 13, an Gníomhú ar son

na hAeráide, chomh maith le hastaíochtaí óna n-oibríochtaí féin a laghdú agus obair a dhéanamh i gcomhar le fiontair áitiúla, grúpaí pobail agus saoránaigh, agus leis an earnáil phoiblí, phríobháideach agus oideachais, ar thionscnaimh a bhaineann leis an ngníomhú sin.



*Teach Solais Rinn Duáin (Celtic Routes)*

### 1.4.3 Pleanáil Chomhairle Contae Loch Garman don Ghníomhú ar son na hAeráide

Déanann Plean Chomhairle Contae Loch Garman um Ghníomhú ar son na hAeráide na naisc a láidriú idir an beartas náisiúnta agus idirnáisiúnta don athrú aeráide chomh maith le gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a bhaint amach go háitiúil agus sa phobal bunaithe ar an ngníomhú sin a reáchtáil ar bhonn áitbhunaithe. Is é an luach intreach a bhaineann leis an bplean um ghníomhú ar son na haeráide ná go bhfuil ról suntasach ag baint leis i dtaca le díograis na hearnála rialtais áitiúil ceannaireacht a thabhairt sa ghníomhú ar son na haeráide go háitiúil agus go náisiúnta, mar atá le feiceáil sa straitéis rialtais áitiúil Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide 2030. Deis atá i bPlean na Comhairle um Ghníomhú ar son na hAeráide, idir ullmhúchán agus fheidhmiú an phlean, páirtithe leasmhara tábhachtacha a thabhairt le chéile ó phobail agus gnólachtaí éagsúla chun fís a fhorbairt do neodracht ó thaobh díobháil aeráide de amach anseo.

Tá Comhairle Contae Loch Garman agus údaráis eile ar fud na hÉireann ar thús cadhnaíochta sa ghníomhú ar son na haeráide in Éirinn. Tá ról suntasach ag Comhairle Contae Loch Garman i dtaobh bearta oiriúnaithe agus maolaithe a chur i bhfeidhm go háitiúil agus sa phobal. Tá curtha de chúram orainne ár bhfeidhmeanna rialála agus straitéiseacha a úsáid chun na spriocanna uaillmhianacha agus an beartas uaillmhianach náisiúnta don aeráid a chur chun feidhme go háitiúil mar chuid de na hiarrachtaí chun an

Cuspóir Náisiúnta Aeráide a bhaint amach.

Tá Plean Chomhairle Contae Loch Garman um Ghníomhú ar son na hAeráide mar chuid d'iarrachtaí fadtéarmacha a éilíonn freagairt leanúnach agus phleanáilte chun an cuspóir i leith na haeráidneodrachta a bhaint amach go háitiúil agus sa phobal. Tá an plean seo ag leanúint ar aghaidh ón Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide, 2019-2024, agus beidh sé mar bhonn faoi bheartas aeráide reatha Chomhairle Contae Loch Garman. Leagfar amach go soiléir ann na bearta atá le glacadh ag an gComhairle lena cuid oibleagáidí a chomhlíonadh i dtaobh astaíochtaí carbóin a laghdú. San am céanna, léireofar ann slite ina bhféadfaidh gnólachtaí áitiúil, an earnáil tionsclaíochta, an earnáil talmhaíochta agus comhlachtaí deonacha a lorg carbóin a laghdú chun contae níos glaine a fhorbairt do chách.

Tugann an Plean seo um Ghníomhú ar son na hAeráide creatlach chun bearta oiriúnaithe agus maolaithe a thabhairt le chéile chun an gníomh forásach agus torthaí dearfacha a chur chun cinn i ngach áit a bhaineann leis an Údarás áitiúil agus lena limistéar riaracháin. I gcreat na mbeart aeráide sa phlean, leagtar amach na bearta ar son na haeráide i struchtúr sonraithe lena chinntiú go mbeidh na bearta ar an talamh ag teacht leis an bhfís ardleibhéil atá le baint amach ag an bplean.

Táthar tar éis an Plean seo a ullmhú i gcomhréir leis na Treoirlínte do Phleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i Márta 2023.

## 1.5 Struchtúr an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide

Sa Phlean seo um Ghníomhú ar son na hAeráide, táthar tar éis beartas agus reachtaíocht náisiúnta maidir leis an athrú aeráide a chur san áireamh, chomh maith leis an eolas is déanaí ar leibhéil reatha an athraithe aeráide, agus a iarmhairtí measta agus tuartha eile don am atá le teacht.

Tá an Plean um Ghníomhú ar son na haeráide á chur i láthair ina cheithre chuid:

- Ar dtús, tá an bonn fianaise do Chontae Loch Garman agus Comhairle Contae Loch Garman á chur i láthair, lena n-áirítear rioscaí athraithe aeráide agus próifíl astaíochtaí na bonnlíne.
- Ar an dara dul síos, tá leagtha amach sa Phlean creatlach na comhairle don ghníomhú ar son na haeráide, lena n-áirítear Fís, Bunchuspóir, Spriocanna Straitéiseacha, Cuspóirí agus Gníomhartha an Phlean.
- Tá an tríú cuid dírithe ar Chrios Dícharbónaithe (DZ) Chomhairle Contae Loch Garman, is é sin Limistéar Uirbeach Inis Córthaidh, an Fhís agus na Bearta don Chrios Dícharbónaithe san áireamh.
- Tá leagtha amach sa chuid deiridh den Phlean seo cur chuige na Comhairle i leith bearta a chur chun feidhme, dul chun cinn a thomhas, agus an tslí a dtuairisceoidh an Chomhairle ar bhearta fad a mhairfidh an Plean.

## 1.6 Ullmhúchán Phlean Chomhairle Contae Loch Garman um Ghníomhú ar son na hAeráide

**Iarraidh ón Aire**

Fuair Comhairle Contae Loch Garman iarraidh an 24 Feabhra 2023 ón Aire Iompair agus Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide le tús a chur leis an bpróiseas reachtúil pleanála chun Plean Chomhairle Contae Loch Garman um Ghníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt agus a ghlacadh taobh istigh de 12 mhí.

**Réamhphleanáil**

**Céim 1 – Tús – an Bonn Fianaise a fhorbairt**

Rinneadh an Plean seo um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2024 – 2029, a fhorbairt i gcomhréir le Treoirlínte na nÚdarás Áitiúil chun Pleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide. Táthar tar éis beartas náisiúnta agus idirnáisiúnta don athrú aeráide a chur san áireamh ann.

Bhí céimeanna éagsúla i gceist san fhorbairt ar an bPlean Gníomhaithe seo ar son na hAeráide. Rinneadh plean cláir a fhorbairt ina raibh príomhchúraimí a bheadh le cur i gcrích i ngach céim den réamhphleanáil agus den phleanáil reachtúil. Bunaíodh Foireann um Ghníomhú ar son na hAeráide sa Rannóg Comhshaoil i gComhairle Contae Loch Garman i Márta 2023. Chuaigh an fhoireann sin i mbun plé leis an nGrúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus i ngach réimse seirbhíse chun gníomhartha aeráide a shonrú. Iarradh gníomhartha molta ar pháirtithe leasmhara seachtracha agus fuarthas an tacaíocht chun tabhairt faoin méid seo a leanas don Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide:

- Measúnú Riosca um Athrú Aeráide don Chontae
- Fardal Astuithe Bunlíne an Chontae
- Fardal astuithe bunlíne an Chreasa Dícharbónaithe do Limistéar Uirbeach Inis Córthaidh
- Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta
- Measúnachtaí Cuí.

**Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnachtaí Cuí**

Ba ghá measúnú a fháil déanta ar an bPlean um Ghníomhú ar son na haeráide faoi reachtaíocht shonrach chomhshaoil. Tá na moltaí agus na bearta maolaithe a rinneadh trí phróisis an mheasúnaithe mar atá leagtha amach thíos curtha san áireamh sa Phlean seo agus cloífear leo nuair a bheidh an plean á chur chun feidhme.

**Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta**

Is éard atá sa mheasúnacht timpeallachta nós imeachta lena dheimhniú go ndéantar na himpleachtaí comhshaoil i gcinntí a mheas sula ndéantar aon chinntí mar sin. Is éard is Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta ann téarma a úsáidtear i dtaobh measúnacht timpeallachta a dhéanamh ar phleananna agus ar chláir le cinntí a dhéanamh faoin gcuma a bheidh ar thionscadail agus faoin áit a mbeidh siad. Is éard is Measúnacht Straitéiseach

Timpeallachta ann próiseas córasach chun na hiarmhairtí suntasacha comhshaoil is dócha a bheidh ann mar gheall ar fheidhmiú plean nó cláir bheartaithe a thuar agus a mheas, lena chinntiú go dtéitear i ngleic leis na hiarmhairtí sin a luaithe agus is féidir sa chinnteoireacht, an méid sin go léir taobh le ceisteanna geilleagracha, sóisialta agus eile a mheas.

**Measúnú Cuí**

Leis an Treoir maidir le Gnáthóga, tugtar cosaint dlí i gcás gnáthóga agus speicis a bhfuil tábhacht Eorpach ag baint leo. Is é an aidhm ghinearálta atá leis an Treoir maidir le Gnáthóga ná stádas caomhantais fabhrach a choinneáil nó a thabhairt ar ais i gcás gnáthóga agus speicis a bhfuil tábhacht Eorpach ag baint leo. Luaitear na gnáthóga agus na speicis seo sna Treoracha um Ghnáthóga agus um Éin (Treoir 2009/147/CE ón gComhairle maidir le héin fhiáine a chaomhnú) ina sonraítear Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir Chosanta Speisialta chun an chuid is leochailí acu a chosaint. I dteannta a chéile, tugtar láithreáin Eorpacha ar an dá chatagóir ainmnithe seo agus tá siad mar pháirt de líonra Natura 2000.

Ceanglaítear an Mheasúnacht Chuí leis an Treoir maidir le Gnáthóga, arna trasuí i reachtaíocht na hÉireann. Is éard is Measúnacht Chuí ann ná measúnacht le fáil amach an mbeadh éifeachtaí díobhálacha nó droch-éifeachtaí ag baint le plean nó tionscadal, in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, a chuirfeadh isteach ar na cuspóirí caomhantais atá ag baint le láithreán Eorpach. Ar na láithreáin seo tá limistéir chaomhantais speisialta agus limistéir faoi chosaint speisialta. Déanann siad cuid de na speicis agus gnáthóga is luachmhaire agus is mó faoi bhagairt san Eoraip a chosaint ionas go mairfidh siad san fhadtéarma.

Rinneadh an próiseas don Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus don Mheasúnacht Chuí a fhí isteach agus Plean Chomhairle Contae Loch Garman um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2024-2029, á ullmhú ar na slite seo:

- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna Áirithe agus ar Chláir Áirithe), 2004 (I.R. 435 de 2004 arna leasú le I.R. 200 de 2011)
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (arna leasú), agus an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (arna leasú)

Tá na Tuarascálacha Comhshaoil ón Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus ón Measúnacht Chuí le fáil mar dhoiciméid faoi leith a ghabhann leis an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2024-2029.

**Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara**

Cuireadh tús leis an bplé le páirtithe leasmhara in Aibreán 2023. Reáchtáladh cruinniú faisnéise leis an bhfoireann ardbhainistíochta, le comhaltaí tofa na Comhairle agus leis an bhfoireann bainistíochta, agus rinneadh cur i láthair don choiste um Beartais Straitéiseacha maidir leis an Athrú Aeráide, Bithéagsúlacht agus Comhshaol. Tugadh eolas faoin riachtanas atá ann an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur le chéile, na cúraimí a bhainfeadh leis agus na scálaí ama a bheadh i gceist.

Rinne an Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide plé leis an bhFoireann Ardbhainistíochta agus le gach Rannóg i gcruinnithe agus ceardlanna chun teacht ar

ghníomhartha don Phlean.

D'eagraigh an Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide imeacht don ghníomhú sin ar an 1 Meitheamh i Halla an Chontae, Loch Garman, chun feasacht a ardú i dtaobh gníomhartha ar son na haeráide. Bhí 21 cainteoir ann a labhair ar cheithre théama agus d'fhreastail slua breá air. Reáchtáladh imeachtaí rannpháirtíochta páirtithe leasmhara roimh an gcomhairliúchán i mBealtaine agus Meitheamh 2024. Tá tuilleadh sonraí ón gcéim sin i ndoiciméad eile a ghabhann leis an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2024-2029.




*Mary Farrell, Cathaoirleach ar an gCoiste Beartas Straitéiseach, an Comhairleoir Leonard Kelly, cainteoirí agus baill foirne de chuid na Comhairle ar an Lá Gníomhaithe ar son na hAeráide, Hall an Chontae, an 1 Meitheamh 2023*

### Céim 2 – an Plean

Fuarthas tuairiscí chun dáta ar an bpróiseas go tráthrialta i dTuarascáil Mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh Feidhmiúcháin. Reáchtáladh seisiún rannpháirteachais eile i Meán Fómhair 2023 leis na Comhaltaí Tofa agus leis an gCoiste um Beartas Straitéiseach maidir leis an Athrú Aeráide, Bithéagsúlacht agus Comhshaol chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta aeráide. Rinneadh plé go leanúnach le foirne inmheánacha agus rinneadh plé ar na dúshláin sa chontae i dtaca leis an oiriúnú don athrú aeráide agus an maolú air. Cheadaigh na comhaltaí tofa an plean lena chur amach i gcomhair comhairliúchán poiblí ón 10 Deireadh Fómhair go dtí an 21 Samhain 2023.




*Plean Gnomhaithe Loch Garman ar son na hAeraide, 2023 agus Cáipéisí lena mbaineann*

**Céim 3 - Céim an Chríochnaithe** - Tuarascáil ón bPríomhfheidhmeannach ar aighneachtaí a fhaightear chomh maith le leasuithe ar an bPlean (de réir mar is iomchuí) agus moladh chun Plean Chomhairle Contae Loch Garman um Ghníomhú ar son na hAeráide a ghlacadh an 12 Feabhra 2024.

**An foilseachán deiridh – spriocdháta** – idir 12 Feabhra agus 12 Márta 2024.



*Tionscadal EIP Abhainn na Coirre Móire (Comhairle Contae Loch Garman)*

CÁS-STAIDÉAR 2:

## Córas téite bithgháis i gcomhair Stáisiún Dóiteáin Loch Garman





*Sa phictiúr tá an fearas bithgháis, sorcóirí stórála gáis agus aonad dí-chomhbhrúcháin i gcompún sábháilte*

Achoimre ar an Tionscadal: Coire bithgháis 120kw suiteáilte agus coimisiúnaithe i stáisiún dóiteáin Loch Garman agus deontas 60% ann ón gCiste Áitiúil Fuinnimh.

I gcás an fhearais seo, cuireadh córas bithgháis isteach seachas córais téite ola agus GPL i Stáisiún Dóiteáin Loch Garman. Fuarthas maoiniú breise don scéim seo ó chúnamh deontais ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Mhaolaigh sé sin neamhchosaint Chomhairle Contae Loch Garman ar an ardú ar chostas breoslaí iontaise, laghdaigh sé astaíochtaí gás ceaptha teasa na heagraíochta agus tugadh tacaíocht le tionscal áitiúil toisc gur ceannaíodh bithghás a fuarthas go háitiúil i bPort Láirge.

Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt a rinne an soláthar. D'fhéadfadh Comhairle Contae Loch Garman an fhoinse bhreosla seo a úsáid i gcúpla áit eile. Laghdódh sé sin astaíochtaí gás ceaptha teasa na Comhairle. Bheadh sé ina chuidiú ag an eagraíocht a spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 51% agus úsáid fuinnimh a laghdú 50% faoi 2030. Mar sin, tá Comhairle Loch Garman mar eiseamláir don Soláthar Glas, agus tá tacaíocht ann ionas gur féidir díriú níos mó ar an athrú aeráide le teicneolaíochtaí glasa nua agus atá á bhforbairt, leis an úsáid fuinnimh inathnuaite a mhéadú agus chun tacú le slándáil an tsoláthair breosla.

Mar sin tá Comhairle Contae Loch Garman in ann cloí leis an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus tá tacaíocht ann le go mbeidh an Chomhairle in ann an Caighdeán Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 a bhaint amach. De réir na sonraí a cuireadh isteach faoi bhráid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann i gcéim an iarratais, tá laghdú 17% ar fhuinneamh agus laghdú 58% ar astaíochtaí $CO_2$ bainte amach.




*Ostán na mbeach taobh amuigh de Halla an Chontae, Plásóg na Carraige (Comhairle Contae Loch Garman)*


# 2 An Comhthéacs Réigiúnach agus Áitiúil

## Oifig Réigiúnach don Ghníomhú ar son na hAeráide

### 2.1 Ról Tacaíochta Oifigí Réigiúnacha don Ghníomhú ar son na hAeráide

Bhunaigh an earnáil rialtais áitiúil agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide na hOifigí Réigiúnacha don Ghníomhú ar son na hAeráide in 2018 toisc gur aithníodh gur gá foráil a dhéanamh do chur chuige comhordaithe i leith an ghníomhaithe ar son na haeráide ar fud an chórais rialtais áitiúil.


Tá sainordú ag na ceithre Oifig Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide an rannpháirtíocht a chomhordú sna leibhéil éagsúla rialtais, an scaipeadh eolais agus smaointe a chur chun cinn, an comhar éifeachtach ar ghníomhartha a éascú agus cur leis an taithí agus saineolas atá ann cheana féin i réimse an athraithe aeráide agus an ghníomhaithe ar son na haeráide. Táthar tar éis na ceithre Réigiún um Ghníomhú ar son na hAeráide a shocrú bunaithe ar na tréithe geografacha agus topagrafacha, ar an leochaileacht agus ar na rioscaí aeráide comhchoiteanna atá i ngach limistéar san údarás áitiúil.




*Fíor 2.1: Léarscáil de na limistéir lena mbaineann na ceithre Oifig Réigiúnach don Ghníomhú ar son na hAeráide*

Tá Contae Loch Garman suite i Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre don Ghníomhú ar son na hAeráide. Tá sé ar cheann de 17 n-údarás áitiúla sa réigiún seo. Is é is mó as na ceithre Réigiún um Ghníomhú ar son na hAeráide in Éirinn. Seachas Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath, baineann an réigiún le hoirthear, lár agus oirdheisceart na tíre. I measc na rioscaí aeráide a bhaineann le réigiún an Oirthir agus Lár Tíre don Ghníomhú ar son na hAeráide tá tuilte srutha, tuilte báistiúla, tuilte cósta agus tuilte screamhuisce.

# FORLÉARGAS AR CHONTAE LOCH GARMAN




DAONRA
**163,919**

**3,700 km**
GRÉASÁN BÓITHRE
Príomhbhóithre M11/N11 N25 N80

**260 km**
CÓSTA

**2 CHALAFORT**
EORAFORT ROS LÁIR AGUS CALAFORT ROS MHIC THRIÚIN

**70 TRÁ**
6 THRÁ A BHFUIL BRATACH GHORM ACU
10 dTRÁ A BHFUIL GRADAM AN CHÓSTA GHLAIS ACU

**2 MHUIRÍNE A BHFUIL BRATACH GHORM ACU**

**2 PHRÍOMHABHAINN**
AN BHEARÚ 192KM
AN DARA hABHAINN IS FAIDE SA TÍR
AN tSLÁINE 118KM

## Comhthéacs Chontae Loch Garman

### 2.2 Áit agus Méid

Is in oirdheisceart na hÉireann atá Contae Loch Garman suite. Contae muirí atá ann agus an fharraige ar an dá thaobh de, an tAigéan Atlantach ar an taobh ó dheas de agus Muir Bhreatan ar an taobh thoir de. Tá cósta an chontae thart ar 260km ar fad. Thart ar 236,527ha atá sa chontae ó thaobh achar talún de. Faoin bPlean Forbartha Contae (2022-28), tá Loch Garman agus Guaire i measc na mbailte móra is tábhachtaí sa chontae, agus tá Inis Córthaidh agus Ros Mhic Thriúin i measc na mbailte móra eile. Tá cúig cheantar bhardasacha sa chontae.

### 2.3 Daonra

Tá 163,919 duine ina gcónaí i gContae Loch Garman, de réir dhaonáireamh 2022. Is méadú 9.3% é sin ar na figiúirí a taifeadadh i ndaonáireamh 2016. Tá sé ar an 13ú contae is mó ó thaobh daonra de sa tír agus ar an gcúigiú contae is mó ó thaobh daonra de i Réigiún an Deiscirt. Tá leibhéal ard spleáchais sa chontae. Tá 27.5% de dhaonra an chontae faoi bhun ocht mbliana déag d’aois.

### 2.4 Tithíocht

Tá sé le tuiscint as daonáireamh 2022 go raibh a dteach féin ag breis agus 70% de theaghlaigh i gContae Loch Garman agus go raibh an áit chónaithe ar cíos ag 24% eile acu. Mar chuid de sin tá 9% acu atá ar cíos ó Chomhairle Contae Loch Garman.

In ainneoin go bhfuil dúshláin ag baint le tógáil tithe ann, tá Contae Loch Garman aicmithe i nDaonáireamh 2022 sa leath is airde de thháblaí réigiúnacha agus náisiúnta maidir le tithe a cuireadh i gcrích idir 2016 agus 2022. Tá an contae sa dara háit go réigiúnach agus sa deichiú háit go náisiúnta.



*Droichead Carley, Inis Córthaidh, tithíocht shóisialta nua atá de réir an chaighdeáin d’fhoirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh.*

## 2.5 Fostaíocht

Bhí breis agus 77,071 duine (15 bliana agus os a chionn) fostaithe i gContae Loch Garman de réir dhaonáireamh 2022. Méadú 11% é seo ar an bhfigiúr i ndaonáireamh 2016.

Cuireann an fiontar príobháideach leibhéil fostaíochta ar fáil ar fud an chontae atá níos airde an meánleibhéal náisiúnta (go háirithe gnólachtaí beaga). De réir staitisticí in 2022 ón bPríomh-Oifig Staidrimh (staitisticí fostaíochta ginearálta), bhí 60% den fhostaíocht sa Chontae ag baint le gnólachtaí a raibh níos lú ná 50 fostaí ag obair iontu.

Tá an contae ag brath ar sheirbhísí ina mbítear ag trádáil go háitiúil. Is sna hearnálacha turasóireachta, fáilteachais, miondíola agus foirgníochta atá sciar maith den fhostaíocht. De réir mar atá tuairiscithe ag Invest Wexford tá 19 gcuideachta ilnáisiúnta ag feidhmiú sa chontae, cuir i gcás BNY Mellon, Zurich agus Danone. Tá sé riachtanach campas de chuid Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt a fhorbairt chun infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh agus a choinneáil. Tá cuideachtaí dúchasacha eile a bhfuil luach suntasach onnmhairiúcháin ag baint leo lonnaithe i gContae Loch Garman chomh maith, cuir i gcás Done Deal agus Slaney Foods. I measc na bhfostóirí is mó san earnáil phoiblí tá Comhairle Contae Loch Garman, Ospidéal Ginearálta Loch Garman, Teagasc, MARA, an Roinn Talmhaíochta, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

## 2.6 Oideachas

Is i gContae Loch atá campas de chuid Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, i mbaile mór Loch Garman féin. Faoi phlean straitéiseach na hollscoile, tá gealltanas ann go ndéanfar infheistíocht chun campas nua a fhorbairt i gceantar Loch Garman. Tá fógartha ag Georgia Southern University, Stát Georgia, Stáit Aontaithe Mheiriceá, go bhfuiltear chun infheistíocht a dhéanamh i gcampas i Loch Garman chun freastal ar shocrúcháin mac léinn thar lear.

## 2.7 Iompar

Tá bonneagar tábhachtach sa chontae, mar shampla an M11 agus an N25, Eorafort Ros Láir, Calafort Ros Mhic Thriúin, agus cúig stáisiún de chuid Iarnród Éireann (Guaire, Inis Córthaidh agus Loch Garman ina measc).

### 2.7.1 Bóithre agus Feithiclí

Tá níos mó ná 3700km de bhóithre sa ghréasán bóithre iomlán i gContae Loch Garman, idir 47km de mhótarbhealach agus 182km de bhóithre náisiúnta. Sa chuid eile den ghréasán tá thart ar 3500km de bhóithre réigiúnacha agus áitiúla.

Tá dhá (2) scéim mhóra bóithre á bhforbairt i gContae Loch Garman. Ar chéim na réamhthógála faoi láthair tá an N11/M11 Maolán na nGabhar go Calafort Ros Láir agus an N25 Bóthar Rochtana Eorafort Ros Láir.

Idir 2020 agus 2021, tháinig méadú 157% an líon feithiclí leictreacha nua a díoladh i gContae Loch Garman, sin méadú ó 142 ceann go 365 ceann. Tá 146 pointe luchtaithe feithiclí leictreacha i gContae Loch Garman ó mhí na Samhna 2022 chomh maith le 594 cás ina bhfuil cead tugtha. Tá an contae aicmithe ag Cumann Thionscal Mótar na

hÉireann mar an dara contae sa réigiún i dtaobh pointí atá suiteáilte faoi láthair agus an ceathrú contae i dtaobh ceadanna atá tugtha.

Ó thaobh modhanna taistil chun na hoibre de, bhí 71% de chomaitéirí an chontae mar an tiománaí nó mar phaisinéir i gcarr nó i veain de réir Dhaonáireamh 2016. Bhí fiche faoin gcéad acu ag baint úsáid as modhanna inbhuanaithe iompair le dul chun na hoibre. Bhí timpeall 5% acu ag obair ón mbaile den chuid is mó.

I bhfeidhm ag Comhairle Contae Loch Garman tá flít 288 feithicil. Ina measc tá feithiclí earraí éadroma, feithiclí earraí troma, chomh maith le gléasra agus innealra speisialaithe. Is faoi úinéireacht agus faoi bhainistíocht Iosta lárnach an Chlóis Innealra an méid sin ar fad, ar Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath, Inis Córthaidh. Tugadh na chéad cheithre (4) veain tráchtála leictreacha isteach i bhflít an Chlóis Innealra in 2019. San iomlán, faoi láthair, tá flít 11 veain leictreacha ag Comhairle Contae Loch Garman san eagraíocht chomh maith le 3 fhorcardaitheoir leictreacha atá ag feidhmiú in ionaid fóntas poiblí sa chontae.




*Cuid de fhlít leictreach na Comhairle Contae (Comhairle Contae Loch Garman)*

### 2.7.2 Iarnród

An t-aon bhealach iarnróid atá ag feidhmiú sa Chontae faoi láthair ná an líne iarnróid Ros Láir – Baile Átha Cliath.  Cé nach bhfuil an líne iarnróid ó Ros Láir go Port Láirge in úsáid faoi láthair, aithníodh san Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin go bhfuil tábhacht ag baint leis an líne iarnróid seo le hEorafort Ros Láir a nascadh leis an gcuid eile de réigiún an deiscirt.

### 2.7.3 Bus agus Taisteal Gníomhach

Tá neart seirbhísí bus ann ar an mbealach idir Loch Garman, Inis Córthaidh agus Guaire

agus Baile Átha Cliath/aerfort BÁC. Tá méid níos lú seirbhísí idirchontae ann ar bhealaí eile, mar shampla seirbhísí go Ros Mhic Thriúin agus Bun Clóidí agus uathu, chomh maith le seirbhísí a fhreastalaíonn ar Phort Láirge, Cill Chainnigh agus Ceatharlach. Is comhlachtaí poiblí agus príobháideacha araon a chuireann na seirbhísí ar fáil.

Cuireann Bus Éireann, Wexford Bus agus Nasc Áitiúil seirbhísí ar fáil in áiteanna tuaithe sa chontae freisin agus cuireann Wexford Bus seirbhís ar fáil i Loch Garman féin.

Tá clár náisiúnta maoinithe á chur i bhfeidhm chun na cúinsí a sholáthar go bhféadfar forbairt a dhéanamh ar bhonneagar rothaíochta agus coisíochta don taisteal gníomhach ar fud an chontae.

### 2.7.4 Calafoirt



*Eorafort Ros Láir agus Murlach Chalafort Ros Láir (Tony Mullen)*

Tá dhá chalafort mhóra sa chontae: Eorafort Ros Láir agus Calafort Ros Mhic Thriúin. Is calafort Leibhéal 2 é Eorafort Ros Láir. Sócmhainn straitéiseach náisiúnta, réigiúnach agus de chuid an chontae atá ann. Is é an ról atá ag an gcalafort trácht tráchtála agus paisinéirí a éascú. Déantar 20% den trácht árthaí ar fad in Éirinn a láimhseáil ann agus is é an dara calafort is mó in Éirinn é do phaisinéirí.

Tá 56 seoladh chun na Ríochta Aontaithe ón gcalafort gach seachtain agus 30 ceann nó os a chionn chun na mór-roinne.

Tá deiseanna móra tráchtála ag baint le tionscal na gaoithe amach ón gcósta don chalafort agus don chontae go ginearálta. Chomh maith leis sin, tabharfaidh sé bonneagar a bhfuil géarghá leis ionas go mbeidh Éire in ann a spriocanna don fhuinneamh inathnuaite a

bhaint amach feasta. (Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil 2023 -2029).

Calafort Leibhéal 3 is ea Calafort Ros Mhic Thriúin. Tá tábhacht straitéiseach ag baint leis freisin, go háirithe i dtaobh lasta speisialaithe a láimhseáil i gcás bulcthairgí tirime agus leachtacha. Tá feidhmeanna tábhachtacha ag baint le cuanta eile sa chontae agus iad ag freastal ar ghnólachtaí mara áitiúla agus ar thionscal na hiascaireachta. Áit straitéiseach is ea Cé na Cille Móire i gcomhair cabhlach mór lonnaithe in Éirinn. Tá muiríne brait ghoirm ann freisin.

## 2.8 Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce

Ghlac Uisce Éireann an fhreagracht as seirbhísí uisce phoiblí agus fuíolluisce a bhainistiú go díreach i gContae Loch Garman i Meán Fómhair 2023.  Tá 124 áis uisce agus 1950 km den phríomhlíonra uisce phoiblí á bhfeidhmiú ag Uisce Éireann chun uisce a sholáthar do thimpeall 111,996 duine. Tá 208 saoráid agus 501 ciliméadar de shéaraigh phoiblí á bhfeidhmiú ar fud an chontae ag Uisce Éireann, áiseanna a dhéanann an fuíolluisce a chóireáil ó fhoinsí tís agus trádála/tionsclaíocha araon.

Déanann Comhairle Contae Loch Garman líon beag de sholáthairtí a fheidhmiú nach mbaineann le hUisce Éireann, lena n-áirítear 51 ceann de sholáthairtí tollphoil agus 16 ionad fuíolluisce.

## 2.9 Fuinneamh




*Feirm Ghaoithe Chósta Chontae Loch Garman (Comhairle Contae Loch Garman)*

Tá toilleadh suiteáilte cumhachta gaoithe iomlán de 182MW i gContae Loch Garman agus cuireann an contae le thart ar 4.2% den toilleadh suiteáilte gaoithe agus gineadóirí uisce in Éirinn, de réir Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann in 2022. Tá cead pleanála tugtha i gcás 44 feirm ghréine i gContae go dtí Deireadh Fómhair 2022. Beidh aschur measta 604MW astu agus clúdóidh siad achar thart ar 1180Ha.

## 2.10 Timpeallacht Nádúrtha

Tá Contae Loch Garman i gCeantar Abhantraí na hÉireann. Is iad an tSláine agus an Bhearú an dá abhainn mhóra i gContae Loch Garman. Is í an Bhearú an dara habhainn is faide in Éirinn, 192km ar fad. Tá limistéir sa chontae atá á gcosaint faoi reachtaíocht Eorpach agus náisiúnta, na cinn seo ina measc: 15 Limistéar Caomhantais Speisialta is iarrthóir, 1 Limistéar Caomhantais Speisialta ainmnithe amháin, 9 Limistéar Cosanta Speisialta ainmnithe, 3 Láithreán Ramsar (Cuan Bhanú san áireamh), 27 Limistéar Oidhreachta Nádúrtha is iarrthóir, 1 Limistéar Oidhreachta Nádúrtha amháin (Oileáin na gCaorach) agus 3 anaclann dúlra.

As an 70 trá i gContae Loch Garman tá 6 cinn de thránna brait ghoirm ann agus 10 gcinn de thránna ann a bhfuil Gradam Cósta Glas buaite acu. Tá dhá cheann de mhuiríní brait ghoirm ann – Cé na Cille Móire agus Ros Mhic Thriúin. Tá an cósta 260km ag síneadh ó Rinn Chill Mhichíl i dtuaisceart an chontae go Cuan Phort Láirge sa deisceart.




*Fíor 2.2 Tránna agus Muiríní i gContae Loch Garman a bhfuil Brat Gorm nó Brat Glas acu, 2023.*

## 2.11 Talmhaíocht

Tá 4,330 feirm sa chontae de réir Dhaonáireamh Talmhaíochta 2020.

Tá éagsúlacht le fáil i ngeilleagar feirmeoireachta Loch Garman. Tá níos lú ná 30% d'fheirmeacha dírithe ar an táirgeadh mairteola speisialaithe i gcomparáid le 53% díobh go náisiúnta. Tá leibhéal níos airde ná an meánleibhéal sa chontae de bharra measctha agus

beostoc, barra páirce measctha agus feirmeoireacht curaíochta speisialaithe. Tá an ráta fostaíochta san earnáil sa chontae níos airde ná an meánráta.

## 2.12 Pleanáil don fhreagairt éigeandála

Is éard is Móréigeandáil ann aon teagmhas, gan rabhadh ar bith roimh ré de ghnáth, is cúis nó is baol a bheith ina cúis le bás, le gortú, le mórshuaitheadh ar sheirbhísí riachtanacha nó le damáiste do mhaoin, don chomhshaol nó do bhonneagar, a sháródh gnáthacmhainní na bpríomhsheirbhísí éigeandála sa cheantar ina dtiteann an teagmhas amach. Má bhíonn a leithéid ann, caithfear nósanna imeachta breise faoi leith a chur i ngníomh agus acmhainní breise a úsáid le go mbeidh freagra éifeachtach comhordaithe ann.

Glacadh Creat le haghaidh Móréigeandálaí a Bhainistiú i gcinneadh rialtais in 2006. Is é is cuspóir don chreat socruithe agus struchtúir choiteanna a leagan síos don bhainistiú éigeandála túslíne san earnáil phoiblí in Éirinn. Tá an Creat bunaithe ar an gcur chuige córas a aithnítear go hidirnáisiúnta. Go bunúsach, sa chur chuige sin, moltar ciogal atriallach de ghníomhaíocht leanúnach trí chúig chéim den bhainistíocht éigeandála: Sainaithint guaiseacha; Maolú; Ullmhacht; Freagairt; agus Aisghabháil. faoin gcreat, tá an Chomhairle ar cheann de na trí Phríomh-ghníomhaireacht Freagartha, agus bíonn ag obair go dlúth leis an dá cheann eile, sin an Garda Síochána agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. I dteannta a chéile, tugann na príomh-ghníomhaireachtaí faoi gach gné den bhainistiú éigeandála agus móréigeandálaí, freagairt chomhordaithe ar tharluithe adhaimsire san áireamh. Tá eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí áirithe ann ar féidir iarraidh orthu cuidiú leis na príomhghníomhaireachtaí freagartha freagairt ar mhóréigeandálaí, le taobh saineagraíochtaí náisiúnta agus áitiúla, lena n-áirítear an Chosaint Shibhialta, Óglaigh na hÉireann, Cros Dhearg na hÉireann, Garda Cósta na hÉireann, seirbhísí éigeandála deonacha eile agus na cuideachtaí fóntais phoiblí (Bord Soláthair an Leictreachais, Bus Éireann, etc.)

### 2.12.1 Freagairt Éigeandála ar leibhéal réigiúnach agus leibhéal áitiúil

Tá Comhairle Contae Loch Garman ag feidhmiú i Réigiún Bainistithe Móréigeandálaí an Oirdheiscirt. Sa réigiún seo tá contaetha Cheatharlach, Chill Chainnigh, Phort Láirge agus Loch Garman. Cuireadh Grúpa Stiúrtha Réigiúnach idirghníomhaireachta ar bun do Réigiún Bainistithe Móréigeandálaí an Oirdheiscirt. Déanann an grúpa seo ionadaíocht don ardbhainistíocht ó gach ceann de na Príomh-ghníomhaireachtaí Freagartha. Cuireadh Meitheal Réigiúnach um Bainistiú Móréigeandála ar bun leis chun tacú leis an mBainistiú Móréigeandála i réigiún an oirdheiscirt agus chun é a chur chun cinn.

Is é limistéar feidhme an Phlean le haghaidh Móréigeandálaí contae riaracháin Loch Garman. Is iad na ceantair bhardasacha i gComhairle Contae Loch Garman ná Loch Garman, Guaire agus Cill Mhucraise, Inis Córthaidh, Ros Mhic Thriúin agus Ros Láir. Má bhíonn móréigeandáil ann, déanfaidh Comhairle Contae Loch Garman a dheimhniú go mbeidh na limistéir chontúirte sábháilte ionas go mbeidh gníomhaireachtaí eile in ann a gcuid oibríochtaí aisghabhála agus athshlánaithe a dhéanamh. Go díreach i ndiaidh teagmhas éigeandála, na nithe is práinní ar gá tabhairt fúthu ná tacaíocht do na seirbhísí éigeandála eile, tacaíocht agus cúram don phobal áitiúil agus ginearálta, acmhainní a úsáid chun éifeachtaí na héigeandála a mhaolú agus comhordú na n-eagraíochtaí deonacha. I gcéim na haisghabhála beidh an Chomhairle Contae freagrach as athshlánú an phobail agus athbhunú an chomhshaoil a threorú agus a chomhordú.



*Talamh talmhaíochta Chontae Loch Garman (Celtic Routes)*

Sa Phlean le haghaidh Móréigeandálaí tá fophleananna, mar shampla an Plean Éigeandála i gcás Tuilte agus an Plean i gcomhair adhaimsire. Leagtar amach iontu siúd na nósanna imeachta slógtha agus prótacail chomhordaithe réigiúnacha chun freagairt do na dúshláin éagsúla a bhaineann le tarluithe adhaimsire. Tá Comhairle Contae Loch Garman ag brath ar chóras na bhfoláireamh aimsire atá ag Met Éireann chun fógra roimh ré a fháil i dtaca le drochaimsir. Tá na foláirimh seo mar chabhair ag an gComhairle chun measúnú a dhéanamh ar na beart freagartha cuí a bheadh ann chun leas na saoránach a chosaint, bonneagar criticiúil a chosaint, tacú le gnólachtaí agus lena dheimhniú nach gcuirtear isteach ar an soláthar seirbhísí.

## CÁS-STAIDÉAR 3:

## CIDU i Loch Garman



Is éard is CIDU ann Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbí. Spásanna iad atá i dtírdhreacha uirbeacha; dearadh iad agus an dúlra á chur san áireamh iontu. Cabhair atá sna córais i gcás rith chun srutha a bhainistiú, i gcás athlíonadh an uiscígh nádúrtha, i gcás tuilte a stopadh agus cuireann siad gnáthóg ar fáil don fhiadhúlra.

Tá spás mar seo sa phictiúr - forbartha agus curtha as an nua i gContae Loch Garman. D'fhéadfadh a leithéid de dhraenáil buntáistí éagsúla a thabhairt isteach do spásanna uirbeacha.

*Sceach Gheal, Cnoc Fhiodh na gCaor, Inis Córthaidh (Comhairle Contae Loch Garman)*



# 3 An Gníomhú ar son na hAeráide atá Bunaithe ar Fhianaise


## 3.1 Tábhacht na pleanála don ghníomhú ar son na haeráide atá bunaithe ar fhianaise

Ní mór bonn láidir fianaise a úsáid don Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide. Má chuirtear leis an mbonn fianaise, beidh Comhairle Contae Loch Garman in ann cur chuige córasach a úsáid chun tuiscint níos fearr a fháil ar na dúshláin, sineirgí agus deiseanna a aithint, agus córais agus gníomhaithe a úsáid chun gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a bhaint amach. Tá na nithe seo i gceist leis an mbonn fianaise a fhorbairt:

- Measúnú ar rioscaí agus tionchair an athraithe aeráide a bhaineann go sonrach le Contae Loch Garman
- Fardal astuithe bunlíne a fhorbairt don chontae ar fad
- Fardal astuithe bunlíne do Chrios Dícharbónaithe Inis Córthaidh a fhorbairt.

Táthar tar éis tabhairt faoin maolú ar an athrú aeráide agus faoin oiriúnú don athrú aeráide mar dhá chlár oibre faoi leith de ghnáth. Deis atá i bPlean Chomhairle Contae Loch Garman um Ghníomhú ar son na hAeráide chun an dá chlár a sholáthar ar shlí chomhtháite. Nuair a dhéantar an bonn fianaise a fhorbairt, is é sin is bonn leis an ngníomhú comhtháite áitiúil ar son na haeráide agus beidh an gníomhú áitbhunaithe ar son na haeráide níos láidre dá bharr.

## 3.2 Measúnú Riosca Chomhairle Contae Loch Garman ar Athrú Aeráide




*Fíor 3.1 Creatlach na Tuarascála Measúnachta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide ina léirítear an nasc idir na trí ghné de riosca (guaiseacha, neamhchosaint, leochaileacht) agus próisis aeráide agus shocheacnamaíocha – (an Cúigiú Tuarascáil Mheasúnachta ón bPainéal).*



Rinne Comhairle Contae Loch Garman Measúnú Riosca ar Athrú Aeráide mar chuid den Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt. Tá Measúnú Riosca ar Athrú Aeráide lárnach mar bhonn eolais faoi Phlean an Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide ós rud é go ndéantar rioscaí reatha agus amach anseo a shonrú agus a chur in ord tosaíochta ann. Cabhair atá sa mheasúnú chun bearta oiriúnaithe a aimsiú chun rioscaí athraithe aeráide a mhaolú nó a bhaint i gComhairle Contae Loch Garman.







Rinneadh an Measúnú Riosca a ullmhú i gcomhréir leis an modheolaíocht in Iarscríbhinn B de Threoirlínte na nÚdarás Áitiúil don Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide. Tá an Measúnú Riosca maidir leis an Athrú Aeráide dírithe ar na seirbhísí agus feidhmeanna a chomhlíonann Comhairle Contae Loch Garman agus tá sé mar chuid den bhonn fianaise faoin bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide.



### 3.2.1 Guaiseacha Aeráide atá sonraithe do Chontae Loch Garman

Táthar tar éis ceithre cinn déag de ghuaiseacha aeráide a shonrú a bhaineann le Contae Loch Garman.

*Tábla 3.1 Guaiseacha Aeráide atá sonraithe do Chontae Loch Garman*


| Tionchar | | Neamhchosaint/Riosca |
|---|---|---|
| Tuilte srutha (tuilte abhann) |  | • Damáiste do bhonneagar ríthábhachtach<br>• Feidhm laghdaithe an iompair<br>• Méadú ar oibreacha cothabhála<br>• Cáilíocht laghdaithe uisce<br>• Éilliú comhshaoil<br>• Brú ar an mbithéagsúlacht agus ar limistéir atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de<br>• Brú ar fhoirne práinnfhreagartha thar thréimhsí fada |
| Tuilte báistiúla (tuilte talaimh/ dromchla) |  | • Damáiste do bhonneagar ríthábhachtach<br>• Feidhm laghdaithe an iompair<br>• Méadú ar oibreacha cothabhála<br>• Cáilíocht laghdaithe uisce<br>• Suaitheadh fadtréimhseach ar sheirbhísí |
| Tuilte cósta |  | • Dochar do sheirbhísí cuain<br>• Damáiste do limistéir atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de (inbhir agus tránna)<br>• Leochaileacht níos mó i gcás pobail cois cósta |
| Frasaíocht fhoircneach |  | • Dobharlaigh éillithe<br>• Moirtiúlacht níos mó<br>• Imeachtaí ar ceal |

| Tionchar | | Neamhchosaint/Riosca |
|---|---|---|
| Titim sneachta throm |  | • Damáiste do línte cumhachta agus cumarsáide lasnairde<br>• Titim díonta<br>• Suaitheadh i seirbhísí<br>• Ganntanas uisce<br>• Bóithre nach féidir a thrasnú ar feadh tréimhsí fada |
| Stoirm ghaoithe dhian |  | • Mórdhamáiste do mhaoin<br>• Dálaí contúirteacha, bagrach don bheatha b'fhéidir<br>• Scriosadh gnáthóg |
| Borradh stoirme |  | • Bonneagar criticiúil gan chosaint<br>• Suaitheadh ar bhealaí iompair<br>• Costais níos airde don ghlantachán, cothabháil agus deisiúchán |
| Creimeadh cósta |  | • Caillteanas tithe, gnólachtaí agus tírdhreacha<br>• Gnáthóga agus oidhreacht cois cósta á gcailleadh |
| Tonn teasa |  | • Iarmhairtí sláinte cuir i gcás béim teasa<br>• Dálaí oibre míchompordacha nó contúirteacha<br>• Cáilíocht laghdaithe uisce<br>• Baol tinte<br>• Brú neamhghnách ar áiteanna áineasa<br>• Athruithe ar an séasúr fáis |
| Triomach |  | • Soláthar uisce easnamhach<br>• Baol níos mó ó ghalar uisce-iompartha<br>• Glaonna amach breise práinnfhreagartha<br>• Brú níos mó ar sheirbhísí agus ar bhonneagar |
| Teocht dromchla os cionn an mheáin |  | • Mar a bhíonn triomach nó tonn teasa agus imní níos mó ann do struchtúr éiceolaíoch an chontae<br>• Athruithe ar na séasúir fáis<br>• Athruithe ar éiceachórais. |

| Tionchar | | Neamhchosaint/Riosca |
|---|---|---|
| Ardú ar leibhéal gaolmhar na mara |  | • Tá bonneagar criticiúil, tithíocht, gnó agus feirmeoireacht i mbaol níos mó mar gheall ar bhorrthaí stoirme, tuilte cósta agus creimeadh cósta |
| Leibhéal frasaíochta os cionn an mheáin |  | • Riachtanais draenála níos airde ná an acmhainneacht.<br>• Tuilte ag éirí níos minice<br>• Dochar do mheabhairshláinte saoránach<br>• Méadú ar úsáid breoslaí iontaise ag cur leis an athrú aeráide |
| Tréimhse fhuar |  | • Laghdú ar an soláthar uisce<br>• Dochar don mheabhairshláinte agus do shláinte an choirp<br>• Dálaí oibre míchompordacha nó contúirteacha |

### 3.2.2 Minicíocht na guaise aeráide


Tá sé le feiceáil i dTábla 3.2 gurb iad stoirmeacha troma, in éineacht le frasaíocht fhoircneach go minic, na guaiseacha aeráide is minice a fhaightear i gContae Loch Garman. Tá amlíne de theagmhais fhoircneacha le 30 bliain anuas in Aguisín B.




*Tábla 3.2 Minicíocht na gcineálacha guaiseacha aeráide i gContae Loch Garman 1993 - 2022*

*** Táthar tar éis an creimeadh cósta a shonrú mar chineál faoi leith guaise toisc go

mbíonn sé ag tarlú i rith an ama. Tugadh faoi deara go bhfuil rátaí creimthe i bhfad níos airde i Loch Garman le blianta beaga anuas, ó tharla go bhfuil ráta creimthe an chósta i limistéir aitheanta atá i mbaol a gcreimthe tar éis éirí i bhfad níos measa de dheasca tarluithe gaoithe airde móire, borrthaí stoirme agus tuilte cósta i gContae Loch Garman, go háirithe le 5 bliana anuas, mar atá le feiceáil i dTábla 3.2. Tá an t-eolas seo againn ó fhaireachán leanúnach ar an gcósta ina n-úsáidtear taifid aer-léarscáilithe, suirbhéireachtaí GPS agus ábhar taifeadta ag dróin. Chomh maith leis sin, déantar faireachán tar éis tarluithe adhaimsire. Táthar tar éis eachtraí móra staire a aithint sa taifead agus próifíl guaiseacha aeráide atá mar fhianaise ar iarmhairtí suntasacha. Mar gheall ar an eolas thuasluaite maidir le ráta an chreimthe, áfach, déantar é a aicmiú mar tharlú an-mhinic.




*Fíor 3.2 Ceantair atá i mbaol ón gcreimeadh cósta i gContae Loch Garman*

### 3.2.3 Rioscaí Aeráide reatha atá sonraithe do Chontae Loch Garman

Bunaithe ar an measúnú riosca, is iad seo na rioscaí aeráide is suntasaí faoi láthair i gContae Loch Garman: Tuilte aibhneacha; tuilte cósta; agus creimeadh cósta.




### 3.2.4 Rioscaí Aeráide roimh Chomhairle Contae Loch Garman san am atá le teacht


Tá na rioscaí measta aeráide amach anseo a imreoidh tionchar ar Chomhairle Contae Loch Garman á gcur i láthair bunaithe ar an minicíocht amach anseo agus ar an leibhéal a bhainfidh leis an nguais amach anseo (féach Fíor 3.3).

Déantar leibhéal an tionchair sa todhchaí a ríomh mar meánleibhéal an tionchair sna catagóirí seo a leanas:

- Damáiste do shócmhainní
- Sláinte agus Folláine
- An Comhshaol (bithéagsúlacht san áireamh)
- Sóisialta
- Airgeadas
- Cáil
- Oidhreacht Chultúrtha.

Tá sé le tuiscint ó réamh-mheastacháin don athrú aeráide go bhfanfaidh frasaíocht fhoircneach, tréimhsí fuara an-fhada agus sneachta trom mar atá faoi láthair den chuid is mó.

Mar sin, táthar ag tuar go dtiocfaidh méadú ar an riosca i gcás na nguaiseacha aeráide ar fad eile. Tuilte srutha, tuilte cósta agus creimeadh cósta fós is ea is mó is cúis leis an riosca i gcás Chontae Loch Garman.




*Fíor 3.3 Measúnacht Tionchair na hAeráide sa Todhchaí*

## 3.3 Fardal Astuithe Bunlíne do Chontae Loch Garman

D'earcaigh Comhairle Contae Loch Garman Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt chun Fardal Astuithe Bunlíne Leibhéal 2 a ullmhú do Chontae Loch Garman chun bheith mar bhonn fianaise faoin bpleanáil maolaithe do Chontae Loch Garman agus chun bheith mar bhonn eolais faoi fhorbairt Phlean 5 bliana Chomhairle Contae Loch Garman um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Is é atá san Fhardal Astuithe Bunlíne gléas tábhachtach a fhágfaidh go mbeidh Comhairle Contae Loch Garman in ann tomhas a dhéanamh ar an tionchar a bhaineann le gach beart a bhaineann leis an laghdú ar astaíochtaí in oibríochtaí ar fad na Comhairle agus in earnálacha éagsúla sa tsochaí. Cur chuige fianaise-bhunaithe atá san fhardal astuithe bunlíne le bonn eolais a thabhairt i dtaobh bearta cuí le hastaíochtaí a laghdú agus le dul chun cinn a thomhas.

Is tábhachtach a lua nach bhfuil san Fhardal Astuithe Bunlíne ach taifead ag an am áirithe sin d'fhoinsí astaíochtaí gás ceaptha teasa ceantair seachas fardal de dheiseanna chun astaíochtaí a laghdú (RCAC, 2023).

Tá na torthaí agus an mhodheolaíocht a úsáideadh chun ídiú fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa Chontae Loch Garman a ríomh i ngach earnáil do 2018 (an Bhunlíne a thugtar ar an bhfigiúr) leagtha amach i dtuarascáil iomlán an Fhardail Astuithe Bunlíne. Sa tuarascáil ar Fhardal Astaíochtaí Bonnlíne, tá cuntas ar shonraí bonnlíne 2018 do Chontae Loch Garman ar fad ina gcuimsítear na sonraí do 2018 ó Chomhairle Contae Loch Garman. Mar sin féin, i gcás spriocanna Chomhairle Contae Loch Garman féin,

táthar tar éis an tréimhse 2016-2018 a ghlacadh mar bhunlíne, mar atá leagtha amach sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2021. Tá sprioc 2030 i gcomhair údaráis áitiúla bunaithe ar na sonraí ó 2016-2018 a cuireadh faoi bhráid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann tríd an gcóras faireacháin agus tuairiscithe.

Tá an mhodheolaíocht agus cur chuige Leibhéal 2 don fhardal astaíochtaí gás ceaptha teasa don chontae ar fad leagtha amach in “Iarscríbhinn Theicniúil C: Measúnú ar Mhaolú ar an Athrú Aeráide” de Threoirlínte na nÚdarás Áitiúil don Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide (RCAC, 2023).



*Painéil Ghréine ar dhíon Halla an Chontae, Loch Garman (Comhairle Contae Loch Garman)*

Is é Leibhéal 2 an cur chuige ó bhun aníos le haghaidh anailísiú sonraí. Is é atá i gceist leis ná tacair sonraí ar scála náisiúnta agus áitiúla a thabhairt le chéile chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a scrúdú ar fud an chontae in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear:


- Áiteanna Cónaithe
- Déantúsaíocht agus Tráchtáil
- Próisis Thionsclaíocha
- Talmhaíocht
- Iompar
- Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht
- Dramhaíl
- Gáis Fhluairínithe.

Is é is aidhm leis na sonraí bunlíne seo feasacht a ardú faoin athrú aeráide agus faoin tionchar atá ag na hearnálacha éagsúla i gContae Loch Garman ar astaíochtaí carbóin agus ar an úsáid fuinnimh in Éirinn ar fad. Tugann na sonraí sin an t-eolas riachtanach do Chomhairle Contae Loch Garman le cinntí a dhéanamh maidir le bearta aeráide lena n-astaíochtaí carbóin féin a laghdú, astaíochtaí a bhfuil siad féin freagrach astu.

Baineadh feidhm as MapEIre, sonraí ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus foinsí áitiúla eile a bhfuil fáil phoiblí orthu mar chuid den mhodheolaíocht don anailís.

I gcás an Phlean seo, cuimsíonn Astaíochtaí Bunlíne astaíochtaí a ghintear ó na hearnálacha seo a leanas:

- Tionscail Mhóra
- Foirgnimh (cónaithe agus tráchtála)
- Próisis thionsclaíocha
- Dramhaíl
- Iompar
- Talmhaíocht
- Gáis fhluairínithe.





*Fíor 3.4 Foinsí samplacha earnála d'astaíochtaí gás ceaptha teasa (foinse: Codema)*

Úsáidtear fachtóirí astaíochtaí chun úsáid fuinnimh a aistriú go hastaíochtaí coibhéise $CO_2$. Foilsíonn Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann fachtóirí astaíochtaí cineálacha éagsúla breoslaí gach bliain agus úsáideadh fachtóirí 2018 don tuarascáil seo ós 2018 bliain na bonnlíne.

An sprioc atá ann d'astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 ná laghdú 51% ar an bhfigiúr don bhonnbhliain, 2018.

Na hastaíochtaí bunlíne gás ceaptha teasa do 2018 i gContae Loch Garman ná coibhéis **2,460.1 kt$CO_2$eq**.

Na hastaíochtaí ceadaithe gás ceaptha teasa do Chontae Loch Garman in 2030 ná coibhéis **1,205.5 kt$CO_2$eq**.




*Fíor 3.5 Astaíochtaí bunlíne Chontae Loch Garman agus Astaíochtaí gás ceaptha teasa incheadaithe*

### 3.3.1 Astaíochtaí bunlíne ar fud an chontae

Miondealú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ídiú fuinnimh i ngach earnáil in 2018 mar seo a leanas:

**Áiteanna Cónaithe**

- Ba choibhéis 433.9 $ktCO_2$ na hastaíochtaí cónaithe iomlána
- Ba 1,468.1 GWh an fuinneamh iomlán a úsáideadh san earnáil cónaithe

**Déantúsaíocht agus Tráchtáil**

- Ba choibhéis 403.2 $ktCO_2$ na hastaíochtaí tráchtála agus déantúsaíochta ar fad
- Ba 1,611.4 GWh an fuinneamh iomlán a úsáideadh san earnáil tráchtála agus déantúsaíochta

**Próisis Thionsclaíocha**

- Ba choibhéis 14.6 $ktCO_2$ na hastaíochtaí ar fad ó phróisis thionsclaíocha

**Talmhaíocht**

- Ba choibhéis 968.2 $ktCO_2$ na hastaíochtaí ar fad in 2018 ó earnáil na talmhaíochta
- An leibhéal deiridh fuinnimh a úsáideadh in 2018 ná 163.2 GWh

**Iompar**

- Na hastaíochtaí iomlána ó fhoinsí iompair ná coibhéis 428.2 $ktCO_2$
- An fuinneamh críochnaitheach don earnáil iompair ná 1,619.4 GWh

**Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht**


- Na hastaíochtaí iomlána ón earnáil LULUCF ná coibhéis 177.2 kt $CO_2$

**Dramhaíl**

- Na hastaíochtaí iomlána ón earnáil dramhaíola ná coibhéis 28.9 $ktCO_2$

**Gáis Fhluairínithe**

- Ní raibh aon astaíochtaí ó ghás fluairínithe i gContae Loch Garman.




*Fíor 3.6 Sciar de na hastaíochtaí iomlána de réir na hearnála i gcontae Loch Garman*

### 3.3.2 Torthaí Astaíochtaí Bunlíne Chomhairle Contae Loch Garman 2016-2018

Tá freagracht agus oibleagáidí ar Chomhairle Contae Loch Garman chun laghdú 51% a bhaint amach ar a hastaíochtaí gás ceaptha teasa féin faoi 2030, agus is féidir léi tionchar a imirt ar gach earnáil eile chun an laghdú céanna de 51% a bhaint amach ar a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa féin faoi 2030. Is féidir léi iad a chomhordú, a éascú agus tacú leo chun é sin a bhaint amach.

Caithfidh Comhairle Contae Loch Garman a léiriú go bhfuiltear ag teacht leis na prionsabail is tábhachtaí i dTreoirlínte na nÚdarás Áitiúil don Ghníomhú ar son na haeráide lena dheimhniú go mbeidh a bplean gníomhaithe féin uaillmhianach, dírithe ar an ngníomh, bunaithe ar an bhfianaise, rannpháirteach agus trédhearcach.

Tá Comhairle Contae Loch Garman (CCLG) freagrach as an úsáid fuinnimh agus astaíochtaí i gcás fhoirgnimh agus áiseanna, shoilsiú poiblí agus fhlít feithiclí na Comhairle.

Ní mór do chomhlachtaí san earnáil phoiblí in Éirinn tuairisc a thabhairt ar a n-úsáid bhliantúil fuinnimh d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Úsáidtear an Córas Faireacháin agus Tuairiscithe leis seo a dhéanamh, córas a úsáidtear chun dul chun cinn an údaráis áitiúil a rianú i dtreo 2030 i gcomparáid le bliain na bunlíne. An bhonnbhliain le haghaidh spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh Chomhairle Contae Loch Garman ná 2009. I gcás astaíochtaí gás ceaptha teasa, tá 2016-2018 ann mar bhunlíne.

Tá Comhairle Contae Loch Garman tar éis an córas seo a úsáid le sonraí a thuairisciú ó bhí 2012 ann. Tá Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann tar éis glacadh leis na sonraí ar fad agus iad a dhearbhú. Tá na torthaí foilsithe sa Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht Éifeachtúlachta Fuinnimh san Earnáil Phoiblí (féach an tuarascáil is deireanaí ó 2021, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, 2021). Leis an bPlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2021, éilítear ar an earnáil phoiblí, gach Údarás Áitiúil san áireamh, meánráta ó 2016, 2017 agus 2018 (2016-2018) a úsáid agus bunlíne 2018 á ríomh acu.

Ón gcóras faireacháin agus tuairiscithe, déantar sonraí fuinnimh agus astaíochtaí $CO_2$ 2016-2018 a mhiondealú de réir an chineáil breosla. Tá na cineálacha breoslaí á gcatagóiriú de réir úsáid fuinnimh:


1. Leictreachas
2. Teirmeach
3. Iompar

Agus cuntas á thabhairt ar fhoinse na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa agus fuinnimh i gComhairle Contae Loch Garman, cuireadh an úsáid fuinnimh i dtrí chatagóir chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a thuairisciú. Mar sin, beifear in ann tionscadal spriocdhírithe a eagrú de réir Phlean an Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar an tslí is éifeachtaí:

- Foirgnimh/Áiseanna an Údaráis Áitiúil
- Soilsiú Poiblí
- Iompar

Nuair a dhéantar an úsáid fuinnimh seo a aistriú go hastaíochtaí gás ceaptha teasa, is é coibhéis 7.11kt$CO_2$ an ráta a bhí ann i gcás mheánleibhéal astaíochtaí na comhairle don tréimhse 2016-2018.

- Bhain coibhéis 1.52 kt$CO_2$ (21%) le hiompar
- Bhí astaíochtaí ó Fhoirgnimh agus Saoráidí freagrach as coibhéis 3.05 kt$CO_2$ (43%) d'astaíochtaí carbóin Chomhairle Contae Loch Garman ina n-iomláine.
- Soilsiú poiblí 2.54 kt$CO_2$eq (36%)




*Fíor 3.7: Miondealú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa Chomhairle Contae Loch Garman 2016-2018 i gcoibhéis ktCO$_2$, deighilte de réir na catagóire mar Úsáideoir Suntasach Fuinnimh*

Mar gheall ar na spriocanna don earnáil phoiblí ina leagtar amach laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, is iad sin laghdú 51% i gcás astaíochtaí téite agus iompair agus 77% i gcás astaíochtaí leictreachais, is iad na hastaíochtaí gás ceaptha teasa atá ceadaithe ag Comhairle Contae Loch Garman in 2030 coibhéis 2.27 ktCO$_2$ (laghdú iomlán de 68% ar ghás ceaptha teasa).


De réir na dtorthaí a fuarthas ón gcóras faireacháin agus tuairiscithe, ba é 22.68 GWh ídiú fuinnimh bliantúil Chomhairle Contae Loch Garman ar an meán sa tréimhse 2016-2018.

## 3.4 Fardal Astuithe Bunlíne do Chrios Dícharbónaithe Inis Córthaidh

Tá caibidil faoi leith eile sa phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhaineann le Crios Dícharbónaithe Inis Córthaidh. Tá an Fardal Astuithe Bunlíne don Chrios Dícharbónaithe i gCaibidil 5.

## CÁS-STAIDÉAR 4:

## Clár chun Soilse Sráide a athsholáthar




| | | | |
|---|---|---|---|
| Uasghrádú ar 13804 solas sráide | 3,644,256kw leictreachais á sábháil | 1,353 tona CO2 á sábháil. | €801,736 i gcostais chumhachta á sábháil |


Ó 2017 ar aghaidh tá Comhairle Contae Loch Garman ag obair ar chlár chun an soilsiú poiblí a bhí ann a bhaint agus soilse atá tíosach ar fhuinneamh a chur isteach ina ionad. Beidh an clár seo tar éis íoc as féin taobh istigh de 6 bliana nó 7 mbliana mar gheall ar na coigiltis mhóra a bheidh ann i gcás astaíochtaí $CO_2$, ídiú fuinnimh agus cothabhála.

Tá clár athsholáthair sócmhainní i bhfeidhm anois don soilsiú poiblí, ionas nach mbeidh carn mór costas ann don chothabháil agus athsholáthar amach anseo. Tá caighdeán níos fearr solais ann anois ón soilsiú LED i dtaca le hinfheictheacht agus sábháilteacht de.

Léiriú soiléir is ea an tionscadal seo ar na deiseanna atá ann chun coigiltis fhadtéarmacha a dhéanamh (coigiltis airgeadais agus gás ceaptha teasa) chomh maith le feabhsuithe seirbhíse atá ar fáil don chomhairle agus don phobal.




*Grianghraf de Shoilsiú Poiblí roimh a aisfheistiú le LED*



*Grianghraf de Shoilsiú Poiblí tar éis a aisfheistithe le LED*

# 4 Creat na nGníomhartha ar son na hAeráide

Tugann Plean Chomhairle Contae Loch Garman um Ghníomhú ar son na hAeráide creatlach chun bearta oiriúnaithe agus maolaithe a thabhairt le chéile chun an gníomh forásach agus torthaí dearfacha a chur chun cinn i ngach áit a bhaineann leis an gComhairle agus lena limistéar riaracháin. Tá an plean struchtúrtha go sainithe ionas go mbeidh an fhís ardleibhéil atá le baint amach faoin bplean agus leagan amach na mbeart aeráide ag teacht lena chéile.




*Fíor 4.1 Creat na nGníomhartha ar son na hAeráide*

## 4.1 Fís an Phlean

Geilleagar a bheidh athléimneach ó thaobh na haeráide de, ar mhórán bithéagsúlachta, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus aeráid-neodrach a bhaint amach faoi dheireadh 2050.

## 4.2 Bunchuspóir an Phlean

Is é an misean atá againne Loch Garman a aistriú ionas gur geilleagar é a bheidh athléimneach ó thaobh na haeráide de, ar mhórán bithéagsúlachta, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus aeráid-neodrach, agus é sin a dhéanamh mar seo:

1. Astaíochtaí gás ceaptha teasa Chomhairle Contae Loch Garman a laghdú 51% faoi 2030
2. Na gníomhartha sa Phlean seo ó Chomhairle Contae Loch Garman um Ghníomhú


ar son na hAeráide a chur i ngníomh

3. An gníomhú ar son na haeráide a mholadh, a chomhordú agus a éascú i gcomhar le pobail agus leis na hearnálacha éagsúla inár gContae chun cuidiú leo a spriocanna féin chun astaíochtaí a laghdú a bhaint amach.

## 4.3 Spriocanna agus Cuspóirí Straitéiseacha sna Réimsí Gníomhaíochta

Má táthar chun spriocanna agus cuspóirí a shonrú le go mbeidh Contae Loch Garman in ann athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus aeráidneodracht a bhaint amach, is gá réimsí gníomhaíochta cuí a leagan amach ar dtús. Déantar forbairt orthu seo de réir mar a dhéantar measúnú ar na hiarmhairtí agus ar na rioscaí agus de réir astaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa do Chontae Loch Garman bunaithe ar 2018 mar bhunlíne.

Táthar tar éis cúig cinn de Réimsí Gníomhaíochta a shonrú. Tá spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha ann do gach réimse gníomhaíochta.




*Fíor 4.2 Cúig Réimse Gníomhaíochta don Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide*




*Veain seachadta Leabharlann Chomhairle Contae Loch Garman – feithiclí leictreacha a úsáidfear i gcásanna mar seo mar chuid den Phlean seo. (Comhairle Contae Loch Garman)*

**Rialachas agus Ceannaireacht (GL)**

**Sprioc GL**: Rialachas, Ceannaireacht agus Comhpháirtíochtaí a Chothú ar mhaithe leis an nGníomhú ar son na hAeráide

**Cuspóir GL**: Léireoidh Comhairle Contae Loch Garman ceannaireacht sa Mhaolú ar an Athrú Aeráide agus san Oiriúnú dó ina struchtúir, próisis agus beartais.

Tá gné an rialachais dírithe ar acmhainní don ghníomhú ar son na haeráide i gComhairle Contae Loch Garman agus an chaoi ar féidir iad a úsáid chun feasacht ar bhearta aeráide a mhéadú. An aidhm atá ann ná go nglacfar freagracht as gníomhartha i ngach seirbhís a chuirimid ar fáil mar Údarás Áitiúil. Déantar na Gníomhartha ar son na hAeráide a fhí isteach inár mbeartais agus pleananna ar fad leis seo a bhaint amach. Tugann an gníomhú ar son na haeráide dúshláin agus deiseanna do Chontae Loch Garman. Léirítear sa Phlean Forbartha Contae, 2022-2028, go bhfuil an Chomhairle dúthrachtach i dtaobh dul i ngleic leis an athrú aeráide go réamhghníomhach mar tá an gníomhú ar son na haeráide fite fuaite i ngach caibidil agus straitéis sa phlean.

Ceann de na cuspóirí móra atá sa Phlean Corparáideach, 2019-2024, ná obair a dhéanamh chun go mbeidh Contae Glan Glas againn i Loch Garman taobh leis an ngníomhaíocht chomhchoiteann a bhaintear amach sa Phlean bliantúil maidir le Soláthar Seirbhísí. Ar na beartais eile a bhfuil an Gníomhú ar son na hAeráide á mheas go suntasach iontu tá an Plean don Gheilleagar agus Pobal Áitiúil, 2023-2029, agus Pleananna Ealaíon agus Cultúir Loch Garman, 2023-2027.

Cuirfidh an Plean nua seo um Ghníomhú ar son na hAeráide leis na bearta agus na gníomhartha atá i bhfeidhm cheana féin ón Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide a ghlac

na comhaltaí tofa in 2019. Bhí an Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide dírithe ar na slite ina bhféadfadh Comhairle Contae Loch Garman dul in oiriúint d'iarmhairtí an athraithe aeráide. Sa phlean nua tugtar le chéile bearta maolaithe agus oiriúnaithe chomh maith leis na comhthairbhí agus sineirgí is féidir a fhiosrú. Déanann sé sin ár ról mar eiseamláir a aithint toisc go ndéanaimid an gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn ar fud an chontae. Tá na bearta a bhaineann le Rialachas agus Ceannaireacht i gContae Loch Garman ag tacú leis na cinn seo a leanas de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.




### Timpeallacht Thógtha agus Iompar (BET)

**Sprioc BET**: Laghduithe ar Astaíochtaí Carbóin agus Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh do 2030 a bhaint amach trínár dtimpeallacht thógtha agus iompar.

**Cuspóir BET**: Astaíochtaí gás ceaptha teasa Chomhairle Contae Loch Garman a laghdú 51% sa Timpeallacht Thógtha agus san Iompar agus athléimneacht ár sócmhainní a mhéadú.

Tá sé seo dírithe ar ár gcuid iarrachtaí chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 51% agus ídiú fuinnimh a laghdú 50% faoi 2030.

Tá an ghné iompair dírithe ar mhodhanna malartacha iompair a chur chun cinn seachas carranna príobháideacha, cuir i gcás an taisteal gníomhach agus iompar poiblí. Dírítear freisin sa ghné iompair ar bhealaí nuálacha lenár n-astaíochtaí a laghdú inár bhflít féin agus úsáid níos mó a bhaint as feithiclí leictreacha agus bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha.

Is ón Soilsiú Poiblí atá na hastaíochtaí gás ceaptha teasa is mó (41% acu) atá ag Comhairle Contae Loch Garman. Ina dhiaidh sin tá foirgnimh agus saoráidí, agus Iompar, a chuireann le 38% agus 21% faoi seach de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó Chomhairle Contae Loch Garman.

Ó thaobh úsáid fuinnimh de, tá na foirgnimh freagrach as 45% den fhuinneamh iomlán a úsáidtear, na soilse poiblí as 31% de agus Iompar as 24% de.

I dtaca le hastaíochtaí ar fud an chontae, is ón earnáil cónaithe a thagann 17.6% acu agus ón earnáil iompair a thagann 17.4% acu.

Tá an t-oiriúnú don athrú aeráide ina chuid thábhachtach den réimse gníomhaíochta seo chomh maith. Tá an chomhairle ag iarraidh a bheith ullamh i gcomhair tarluithe móra adhaimsire agus ag saothrú chun tuilte báistiúla agus srutha a mhaolú agus pobail aeráid-díonacha a fhorbairt.

Tá na bearta a bhaineann leis an Timpeallacht Thógtha agus Iompar i gContae Loch Garman ag tacú leis na cinn seo a leanas de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.




**Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas (NEGI)**

**Sprioc NEGI**: An timpeallacht nádúrtha i gContae Loch Garman a chosaint agus a fheabhsú d’fhonn tacú leis an mbithéagsúlacht, an t-athrú aeráide a mhaolú agus tionchair dhiúltacha an athraithe aeráide a laghdú.

**Cuspóir NEGI**: Tabharfaidh Comhairle Contae Loch Garman tacaíocht chun an timpeallacht nádúrtha sa chontae a chosaint, a bhainistiú agus a fheabhsú.

Déanaimid gach iarracht bainistiú éifeachtach na bithéagsúlachta a chur chun cinn agus cosaint níos fearr a thabhairt do ghnáthóga agus tírdhreacha nádúrtha an chontae. An aidhm atá ann ná caighdeán ár n-uiscí a chosaint agus áiteanna intíre agus cósta a fheabhsú. Tá an t-athrú aeráide in ann an-tionchar a imirt ar an timpeallacht nádúrtha ach, san am céanna, tá deiseanna móra ann don mhaolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide.



*Tuilte i gceantar Ros Láir, 2022 (Comhairle Contae Loch Garman)*

Mar shampla, tugann na dumhcha ar chósta Loch Garman foscadh nádúrtha cósta i gcoinne borrthaí stoirme agus tonnta móra. Tá ról acu chun tuilte cósta agus damáiste struchtúrach ar fhoirgnimh ar a gcúl a stopadh nó a mhaolú. Tá éagsúlacht cruthanna ar fáil i gcás dumhcha, rud atá oiriúnach chun gur féidir le plandaí agus ainmhithe gnáthóga a fhorbairt, gnáthóga a bhfuil fiúntas ag baint leo go hidirnáisiúnta, forbairt a thabharfaidh comhthairbhí don oiriúnú don athrú aeráide agus a dhéanfaidh an bhithéagsúlacht a fheabhsú.


Is é is bonneagar glas ann líonra idirnasctha de spás nádúrtha a dhéanann luachanna nádúrtha éiceachóras a chaomhnú agus a bhíonn ag feidhmiú chun tairbhí gaolmhara a thabhairt do phobail daoine. Is éard is Bonneagar Glas ann ná na feidhmeanna agus seirbhísí a bhaineann le haibhneacha, uiscebhealaí intíre, tuilemhánna, bogaigh, coillte, talamh talmhaíochta, ceantair cois cósta, páirceanna, spásanna amuigh faoin aer, limistéir nádúrtha chaomhantais, gairdíní agus cuibhrinn. Cuimsíonn sé, mar shampla, díoga atá ann cheana féin a úsáid chun uisce a iompar seachas líonraí píobaithe.

Tá buntáistí geilleagracha, sóisialta agus sláinte ag baint leis an mBonneagar Glas. Cuireann sé leis an oiriúnú agus maolú don athrú aeráide agus, lena chois sin, le timpeallachtaí uirbeacha agus tuaithe a chosaint do dhaoine, agus le cosaint, feabhsú agus athbhunú na bithéagsúlachta agus seirbhísí éiceachórais, arb iad sin is cúis le buntáistí don chomhshaol agus don chaighdeán beatha, cuir i gcás caighdeán an aeir, an uisce agus na hithreach a fheabhsú, cosaint ar thuilte, socruithe agus naisc rochtana, agus rialú ar thruailliú.

Tá an infheistíocht sa Bhonneagar Glas fíorthábhachtach toisc gur áis luachmhar atá ann don bhainistíocht riosca i gcás tuilte, do chosaint an chósta agus don stóráil carbóin. San am céanna, tugann an Bonneagar Glas tacaíocht don bhithéagsúlacht agus cuireann deiseanna ar fáil le haghaidh seirbhísí éiceachórais agus áineasa. Tá éiceachórais sláintiúla ard-bhithéagsúlachta go lárnach i Réitigh Nádúrbhunaithe, réitigh atá lárnach chun cuspóirí a bhaint amach leis an mbithéagsúlacht a chosaint agus a

thabhairt ar ais. Tá réitigh nádúrbhunaithe fíorthábhachtach san oiriúnú don athrú aeráide agus chun bheith aeráid-díonach. Baineann réitigh nádúrbhunaithe le hacmhainní an dúlra féin a úsáid – aer glan, uisce agus ithir a úsáid ar shlí chliste chun dul i ngleic le dúshláin chomhshaoil. Bíonn na réitigh seo ag obair leis an nádúr chun slite inbhuanaithe costéifeachtacha a chur ar fáil chun geilleagar glas a bhaint amach a bheidh iomaíoch agus acmhainneach. Sna Gníomhartha Aeráide, cuirfear san áireamh gach doiciméad agus tuarascáil CIDU agus réitigh nádúrbhunaithe á gcur chun feidhme.

Tá na bearta a bhaineann leis an Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas i gContae Loch Garman ag tacú leis na cinn seo a leanas de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.




**Pobail, Teacht Aniar agus Aistriú (CRT)**

**Sprioc CRT**: Pobail Áitiúla a spreagadh le bheith ag gníomhú ar son na haeráide, teacht aniar a mhéadú agus aistriú cóir a bhaint amach.

**Cuspóir CRT**: Na nithe is tábhachtaí le pobail a shonrú. Tacú le pobail fís don saol ísealcharbóin agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fhorbairt i dteannta le chéile. An chumhacht a thabhairt do phobail leanúint ar aghaidh leis an ngníomhú fiúntach agus éifeachtach ar son na haeráide.

Aithníonn Comhairle Contae Loch Garman an ról fíorthábhachtach atá ag pobail sa ghníomhú ar son na haeráide go háitiúil. Tá sé ríthábhachtach tacaíocht a thabhairt chun pobail ísealcharbóin agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fhorbairt agus, san am céanna, tacaíocht a chur ar fáil ó thaobh scileanna, eolais agus maoinithe de. Is é is aidhm don Chomhairle córais a fhorbairt chun dul i mbun plé le pobail agus chun tacú leo sa ghníomhú ar son na haeráide agus an chumhacht a thabhairt dóibh le bheith inbhuanaithe, ionchuimsitheach agus aeráid-díonach.





*Pacaí caomhnaithe fuinnimh ar fáil ar iasacht ó Leabharlanna i gContae Loch Garman*

Is maith an rud é go bhfuil pobail áitiúla i gContae Loch Garman atá an-ghníomhach, cuir i gcás Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe agus grúpaí na mBailte Slachtmhara chomh maith le grúpaí comhshaoil agus deonacha eile. Reáchtáiltear Dámhachtainí Comhshaoil Chomhairle Contae Loch Garman gach bliain chun aitheantas a thabhairt don dúthracht, díograis agus tiomantas a léiríonn na grúpaí deonacha siúd a dhéanann difear ceart go háitiúil. Tá ról tábhachtach ag Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chontae Loch Garman ag tacú leis an nGníomhú ar son na hAeráide agus leis an Inbhuanaitheacht tríd an obair a dhéanann na baill agus na grúpaí pobail. Deis atá sa phlean seo chun gur féidir leis na baill a n-eolas áitiúil agus taithí féin sa phobal a chur isteach ionas go mbeifear in ann iad a úsáid sa phleanáil don ghníomhú ar son na haeráide i gContae Loch Garman. Is é is aidhm don LRP cur leis an neartú acmhainní i measc grúpaí pobail agus, trí phleananna áitiúla pobail um ghníomhú ar son na haeráide, céimeanna simplí indéanta a chur chun feidhme chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an maolú ar an athrú aeráide agus leis an oiriúnú don athrú aeráide.

Aidhm eile a bhaineann leis an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide ná Aistriú Cóir a éascú ar fud an Chontae. Is é atá i gceist leis an Aistriú Cóir ná go ndéanfar an t-aistriú chun an Cuspóir Náisiúnta Aeráide a bhaint amach ar shlí a bheidh cothrom do chách. Má tá aistriú cóir le baint amach, is gá a aithint go dteastaíonn athrú ar leibhéal ollmhór chun na spriocanna don ghníomhú ar son na haeráide a shásamh. Is é atá i gceist leis ná lena chinntiú go ndéanfar na tairbhí a bhaineann leis an aistriú chuig geilleagar glas a scaipeadh go forleathan agus go mbeidh tacaíocht ann dóibh siúd a mbeidh tionchar eacnamaíoch ag na hathruithe orthu. Mar chuid de sin is gá grúpaí leochaileacha, réigiúin, tionscail, oibrithe agus tomhaltóirí a chosaint, mar atá leagtha amach sa Phlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2023.

Tá na bearta a bhaineann le Pobail, Athléimneacht agus Aistriú i gContae Loch Garman ag tacú leis na cinn seo a leanas de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.




**Inbhuanaitheacht agus Bainistiú Acmhainní (SRM)**

**Sprioc SRM**: Cultúr coiscthe, laghdaithe, athúsáide agus athchúrsála acmhainní a chruthú agus a fheabhsú d'fhonn an geilleagar ciorclach a chur chun cinn.

**Cuspóir SRM**: An bhainistíocht inbhuanaithe acmhainní agus an geilleagar ciorclach a dhaingniú sna feidhmeanna agus seirbhísí ar fad san eagraíocht agus ar fud an chontae.

Is é is príomhchúram anseo ná an geilleagar ciorclach a chur chun cinn i seirbhísí agus feidhmeanna Chomhairle Contae Loch Garman féin agus ar fud an chontae. Is é is a aidhm don gheilleagar ciorclach aistriú ar shiúl ó gheilleagar líneach ina n-úsáidtear acmhainní le táirgí a dhéanamh ar dramhaíl sa deireadh iad i dtreo lúbchóras dúnta ina mbíonn fiúntas ag baint le hacmhainní, ina n-úsáidtear arís iad, ina ndéantar iad a athchóiriú nó a athchúrsáil, mar shampla an Scéim nua 'Tabhair ar Ais é'. Tá baint ag Comhairle Contae Loch Garman le blianta fada leis an ngeilleagar ciorclach a chur

chun cinn inár rannóga bainistithe dramhaíola agus feasachta comhshaoil. Tá áiseanna athchúrsála ag an gComhairle sa chontae agus spreagann an Chomhairle tionscnaimh éagsúla ag na háiseanna seo, mar shampla maithiúnas i gcás cannaí péinte agus an tSeachtain Náisiúnta Athchúrsála maidir le Cur Amú Bia.  Téamaí eile sna Dámhachtainí Comhshaoil a reáchtálann Comhairle Contae Loch Garman gach bliain ná cosc na dramhaíola, an athchúrsáil agus an athúsáid ábhar. Tugtar aitheantas sna dámhachtainí do ghrúpaí atá ag tabhairt faoi thionscnaimh a bhaineann le gníomhaíochtaí a bhfuil an laghdú úsáide agus an athúsáid go lárnach iontu. Tá an earnáil phoiblí freagrach as an soláthar glas a chur chun cinn d'fhonn tacú le cuspóirí forbartha comhshaoil agus inbhuanaitheachta na hÉireann. Is éard is Soláthar Poiblí Glas ann ná próiseas trína n-iarrann údaráis phoiblí earraí, seirbhísí agus oibreacha a sholáthar a bhfuil tionchar laghdaithe ar an timpeallacht acu trína shaolré. Tá gealltanas tugtha i mbeartas an Rialtais go mbeidh critéir ghlasa mar chuid den soláthar ar fad ina n-úsáidtear cistí poiblí faoi dheireadh 2023. Tá geallta i bPlean Gníomhaithe Soláthair Chomhairle Contae Loch Garman go n-aithneofar 'cosantóir' ó rannóga cuí chun an soláthar glas a chur chun cinn agus lena dheimhniú go gcuirtear san áireamh é nuair a bhítear ag tairiscint i gcomhair earraí, seirbhísí agus oibreacha.

Tá na bearta a bhaineann leis an Inbhuanaitheacht agus Bainistiú Acmhainní i gContae Loch Garman ag tacú leis na cinn seo a leanas de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.




## 4.4 Gníomhartha

Tá na bearta curtha in oiriúint sa phlean chun teacht leis na dálaí áitiúla i gContae Loch Garman agus leis na tionchair áitiúla sa chontae. Tá siad i dTábla 4.1.

Tá bearta maolaithe agus oiriúnaithe bunaithe ar an eolas a bailíodh i gceardlanna spriocdhírithe agus cruinnithe fochoiste inmheánacha, chomh maith le bearta sonraithe is cúis le comhthairbhí ar nós bithéagsúlacht níos fearr, sláinte níos fearr, níos mó den inbhuanaitheacht comhshaoil, poist ghlasa nua agus buntáistí geilleagracha.

Tá na bearta don aeráid i dtábla agus gach beart ann curtha leis na spriocanna straitéiseacha ón straitéis earnála Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide á bhaint amach ag an rialtas áitiúil, 2030, a foilsíodh in Aibreán 2021.

Tá feidhm leis na bearta seo a leanas sna gníomhartha uile don chontae i dTábla 4.1.

1. Tionscadal a bhaineann leis an ngníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn, tionscadail ina dtugtar tacaíocht do chomhthairbhí agus ina mbaineann oiread agus is féidir acu amach, mar shampla cosaint agus feabhsú na bithéagsúlachta; caighdeán aeir, uisce nó ithreach níos fearr; nó luach fóillíochta, áineasa agus oidhreachta cultúrtha níos fearr, sa dóigh is go rachaidh aon fhorbairt chun sochair do chách.
2. Tacú le tionscadail agus tionscnaimh a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide, nó iad a éascú, ina bhféachtar le feabhsúcháin a dhéanamh ar struchtúr, bainistiú agus folláine ithreach trí charbón orgánach ithreach a mhéadú. Leis sin, bainfear amach comhthairbhí don chomhshaol: feabhsófar acmhainn coinneála uisce ithreacha, agus mar sin seasmhacht i gcás tuilte agus méadófar an leibhéal de cheapadh gás ceaptha teasa a bhaineann le feidhmeanna úsáide talún.
3. A chinntiú go ndéanfar an fhorbraíocht ar fad a bhfuil an gníomhú ar son na haeráide mar bhonn nó mar thaca fúithi a phleanáil agus a chur i bhfeidhm ar bhealach ina gcuirfear san áireamh poitéinseal do chomhthairbhí comhshaoil, iarmhairtí comhshaoil féideartha agus ceanglais cosanta comhshaoil. Ní thabharfar tacaíocht d’aon tionscadal forbartha a bhaineann leis an ngníomhú ar son na haeráide más dócha go mbeadh drochthionchar ag an tionscadal ar an gcomhshaol ghlactha.
4. Tacú le deiseanna chun comhcheangailteacht éiceolaíoch a fheabhsú idir gnáthóga agus láithreáin neamhainmnithe chun athléimneacht agus feidhmiú an éiceachórais a fheabhsú, fad a thacófar leis an ngníomhú ar son na haeráide sa chontae.
5. Modhanna inbhuanaithe iompair a mholadh agus a spreagadh le haghaidh gach turas a dhéanann foireann na comhairle mar chuid den obair agus a chinntiú go bhfuil fíorghá leis an turas.
6. Tá Comhairle Contae Loch Garman dúthrachtach i dtaobh fanacht dílis don Phlean náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide agus don Chreat Náisiúnta Pleanála, agus do phleananna ábhartha ardleibhéil eile, beartais, tuairiscí chun dáta ar chláir agus moltaí tuarascálacha fad a mhairfidh an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide.

# Rialachas agus Ceannaireacht



*Tábla 4.1 – Gníomhartha Aeráide an Chontae*
*Féach Aguisín A le haghaidh Spriocanna agus Cuspóirí DECA a bhaineann le gach gníomh ar son na haeráide.*

| **Rialachas agus Ceannaireacht<br>Sprioc GL: Rialachas, Ceannaireacht agus Comhpháirtíochtaí a Chothú ar mhaithe leis an nGníomhú ar son na hAeráide** | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| GL1 | Déanfaidh Comhairle Contae Loch Garman úsáid fuinnimh na Comhairle a laghdú 50% agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 51% faoi 2030. | Oiriúnú agus Maolú | a) Treochlár bliantúil don laghdú ar astaíochtaí<br>b) % den laghdú fuinnimh sa bhliain<br>c) % den laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa sa bhliain | **Gach rannóg i gComhairle Contae Loch Garman** | Ar bun | Acmhainní maoinithe Aonad Fuinnimh an Oirdheiscirt | 2.1<br>2.3 |
| GL2 | An Gníomhú ar son na haeráide a normalú i ngach réimse feidhme agus seirbhíse (tríd an nGrúpa Stiúrtha don Ghníomhú ar son na hAeráide) agus a dheimhniú go n-áireofar é i ngach beartas, plean, straitéis agus nós imeachta.<br>Cóid chaiteachais a ghiniúint sa Chóras Bainistíochta Airgeadais do gach teagmhas mór aimsire agus tionscadal uasghrádaithe fuinnimh; an fhoireann a chur ar an eolas faoi úsáid na gcód le gach costas a thaifeadadh | Oiriúnú agus Maolú | a) Líon na mbeartas, pleananna, straitéisí agus nósanna imeachta atá ag an gcomhairle contae a bhfuil an gníomhú ar son na haeráide á mheas go suntasach iontu<br>b) Cóid airgeadais a shannadh agus an fhoireann a chur ar an eolas faoi úsáid na gcód i ngach teagmhas a bhaineann leis an aeráid | **Gach rannóg i gComhairle Contae Loch Garman**<br>Airgeadas | Ar bun | Tuiscint na foirne ar normalú an ghníomhaithe ar son na haeráide.<br>Úsáid na gcód cuí nua | 1.1<br>1.2<br>2.1<br>2.2<br>3.1 |

| Rialachas agus Ceannaireacht<br>Sprioc GL: Rialachas, Ceannaireacht agus Comhpháirtíochtaí a Chothú ar mhaithe leis an nGníomhú ar son na hAeráide | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| GL3 | Oifigeach Fuinnimh, Bainisteoir Saoráidí agus Oifigeach Bithéagsúlachta faoi leith a cheapadh (chomh maith leis an Oifigeach Oidhreachta atá cheana ann), agus tiomantas leanúnach a léiriú i leith trí ról eile, is iad sin Comhordaitheoir, Oifigeach agus Oifigeach Pobail don Ghníomhú ar son na hAeráide. | Oiriúnú | a) Oifigeach Bithéagsúlachta, Bainisteoir Saoráidí agus Oifigeach Fuinnimh a cheapadh.<br>b) Tiomantas i leith na ról i gcás na dtrí ról faoi leith ar an bhfoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide | **Seirbhísí Corparáideacha**<br>**An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide** | 2024/2025 | Faomhadh ón Roinn<br>Fáil ar mhaoiniú | 1.2<br>1.3<br>3.2 |
| GL4 | Déanfaidh Comhairle Contae Loch Garman forbairt leanúnach ar an gcomhordúchán práinnfhreagartha, lena n-áirítear plean drochaimsire, plean le haghaidh móréigeandálaí, agus prótacal don Tithíocht Éigeandála i gcás drochaimsire, d'fhonn cur le feasacht na foirne agus an phobail, béim a leagan ar an mbaol féideartha roimh an tsábháilteacht, agus a dheimhniú nach mbeidh daoine ag taisteal ach nuair a bheidh dálaí sábháilte ann, agus próiseas a dhearadh agus a thaifeadadh mar chuid de chóras chun teagmhais drochaimsire a logáil | Oiriúnú | a) Athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar cháipéisí agus nósanna imeachta i gcás drochaimsire<br>b) Forbairt ar chóras logála teagmhas ar líne | **An Coiste chun Móréigeandálaí a Bhainistiú**<br>An Rannóg TF<br>Sláinte agus Sábháilteacht<br>An Garda Síochána<br>An Rannóg Tithíochta<br>An tAonad Seirbhísí agus Tacaíochta do Dhaoine gan Dídean<br>Grúpaí Deonacha | Ar bun | Acmhainní<br>Oiliúint Foirne | 3.1<br>1.5 |

| Rialachas agus Ceannaireacht<br>Sprioc GL: Rialachas, Ceannaireacht agus Comhpháirtíochtaí a Chothú ar mhaithe leis an nGníomhú ar son na hAeráide | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| GL5 | Tá gealltanas tugtha ag Comhairle Contae Loch Garman an taisteal bunaithe ar bhreosla iontaise a laghdú 25% faoi 2029. Leis sin a bhaint amach, beidh méadú ar an teicneolaíocht ar líne agus ar roghanna inbhuanaithe iompair taobh le hiarracht mhór leis an taisteal a laghdú. Chomh maith leis sin, deimhneoidh an Chomhairle go ndéanfar critéir inbhuanaitheachta a mheas mar is cuí sna próisis soláthair agus go mbeidh cleachtais chuí ann chun feithiclí ré caite a bhainistiú | Maolú | Céatadán an laghdaithe ar astaíochtaí GCT ón taisteal breoslaí iontaise a dhéanfaidh baill foirne agus comhaltaí tofa | **An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide**<br>An Fhoireann Ardbhainistíochta<br>Gach ball foirne<br>Comhaltaí tofa | 2029 | Rannpháirtíocht Foirne<br>Tacaíocht ó Chomhaltaí Tofa | 2.1<br>2.2<br>2.3<br>3.1<br>3.5 |
| GL6 | Mapalerter a chur chun cinn le go mbeidh níos mó úsáideoirí cláraithe air. Feasacht a mhéadú sa phobal agus i measc spriocghrúpaí faoi na bealaí cumarsáide éagsúla atá ar fáil sula mbíonn tarluithe adhaimsire ann | Oiriúnú agus Maolú | a) Méadú orthu siúd a fhaigheann foláireamh<br>b) An líon feirmeoirí atá cláraithe chun foláireamh a fháil roimh ré maidir le báisteach an-trom sula ndéantar sciodar a leathadh | **TFC**<br>**An Rannóg Comhshaoil**<br>LRP<br>Feirmeoirí<br>Aontaithe na hÉireann | Ar bun | Baill den phobal atá ag clárú don tseirbhís | 4.2<br>4.4<br>4.6<br>5.6 |
| GL7 | An beartas don obair chumaisc a chur chun cinn san eagraíocht agus tacú leis | Oiriúnú agus Maolú | Líon na mball foirne ag cur tús leis an obair chumaisc agus na hastaíochtaí a shábháiltear | **Acmhainní daonna agus gach rannóg oibríochta i gComhairle Contae Loch Garman** | Ar bun | Reachtaíocht<br>Beartais | 1.2<br>1.1<br>1.3<br>2.1<br>3.1 |

**Rialachas agus Ceannaireacht**
**Sprioc GL: Rialachas, Ceannaireacht agus Comhpháirtíochtaí a Chothú ar mhaithe leis an nGníomhú ar son na hAeráide**

| Uimh. | Gníomh | Oiriúnú agus Maolú | PTF | An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe | Tréimhse Ama | Nithe a bhfuil sé spleách orthu | Sprioc/ Cuspóir DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| GL8 | Tacaíocht a thabhairt ionas go mbainfidh Contae Loch Garman spriocanna amach don ghníomhú ar son na haeráide don timpeallacht thógtha toisc go mbeidh teacht ar oiliúint ann do na scileanna riachtanacha don fhórsa glas oibre i gcomhar le líonra Chomhghuaillíocht na bhFoirgneamh Ardfheidhmíochta agus a gcomhpháirtithe | Oiriúnú agus Maolú | a) An líon imeachtaí oiliúna<br>b) An líon daoine i láthair | **Oifig Fiontair Áitiúil**<br>**Comhghuaillíocht Foirgneamh Ardfheidhmíochta**<br>Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman<br>SEAI<br>Skillnet | Ar bun | Tuigeann gnólachtaí gur fiú freastal ar an oiliúint; is léir ó na figiúirí go bhfuil dea-rannpháirtíocht ann | 5.3<br>5.6<br>4.4 |
| GL9 | Feasacht maidir leis an nGníomhú ar son na hAeráide agus Fuinneamh a chur chun cinn agus a chur san áireamh. Comhréiteach idir na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus:<br>a) oiliúint a chur ar gach ball foirne nua agus reatha i gComhairle Contae Loch Garman<br>b) agus pobal Loch Garman | Oiriúnú agus Maolú | a) Cúrsa ionduchtaithe feasachta foirne forbartha<br>b) Taifead ar líon na seisiún oiliúna ar chúrsaí aeráide mar chuid den ionduchtú foirne agus líon na n-imeachtaí feasachta<br>c) Líon na n-imeachtaí/ tionscnamh a bhaineann leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe<br>d) An líon grúpaí san eagraíocht ina bhfuil an gníomhú ar son na haeráide ar an gclár oibre | **Gach rannóg i gComhairle Contae Loch Garman** Pobal Loch Garman<br>LRP | Ar bun | Acmhainní | 1.2<br>1.3<br>4.2 |

| Rialachas agus Ceannaireacht<br>Sprioc GL: Rialachas, Ceannaireacht agus Comhpháirtíochtaí a Chothú ar mhaithe leis an nGníomhú ar son na hAeráide | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| GL10 | I gcomhréir le Cuspóir Straitéiseach 2 i bPlean Réigiúnach Fiontraíochta an Oirdheiscirt, 2024, leanúin ar aghaidh leis an obair le go mbeidh an tOirdheisceart mar cheannasaí i réimse an fhuinnimh inathnuaite amach ón gcósta, an cás á dhéanamh agus tionchar á imirt lena dheimhniú go mbeidh tionscadail a gheobhaidh tacaíocht ag cur tairbhithe indíreacha an ghníomhaithe ar son na haeráide chun cinn agus nach mbeidh siad ag teacht salach ar aon chritéir ábhartha a bhaineann le cosaint an chomhshaoil ná ina gcúis le haon drochthionchar suntasach ar an gcomhshaol | Oiriúnú agus Maolú | Mol don fhuinneamh inathnuaite a chur ar bun don Oirdheisceart | **Oifig Fiontair Áitiúil**<br>Comhghuaillíocht Foirgneamh Ardfheidhmíochta<br>Rannóg na gCuanta - Comhshaol | 2029 | Rátaí rannpháirteachais ar chláir. | 5.2<br>3.4<br>1.4<br>5.3<br>5.5<br>6.2 |
| GL11 | Próiseas a dhearadh le go mbeidh baill foirne in ann comhaid meán a chur isteach agus a chomhroinnt agus iad ag freagairt ar éigeandálaí agus teagmhais fhoircneacha | Oiriúnú agus Maolú | Nasc a shocrú leis an gCóras Bainistíochta Sócmhainní Digiteacha le go mbeidh na Foirne um Móréigeandálaí/ um Ghníomhú ar son na hAeráide in ann taifeadtaí agus íomhánna de theagmhais aimsire/aeráide a uaslódáil | **TFC**,<br>An Fhoireann um Móréigeandálaí,<br>Gach rannóg oibríochta i gComhairle Contae Loch Garman | 2024/2025 | Baill foirne ábhartha a oiliúint ar an tslí chun an córas a úsáid le hábhar a fháil agus an tslí leis an ábhar sin a scaipeadh | 3.1<br>1.5 |
| GL12 | Teacht ar dheiseanna taighde agus comhair le hinstitiúidí tríú leibhéal ar thionscadail aeráide agus inbhuanaitheachta, mar shampla Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, Ollscoil Mhá Nuad, nó tionscadail eolaíochta saoránach | Oiriúnú agus Maolú | Líon na dtionscadal a bhfuil institiúidí tríú leibhéal ag baint leo | **An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide**<br>LRP<br>Institiúidí Tríú Leibhéal | Maoiniú | Bliantúil.<br>Gealltanas rannpháirtíochta ó institiúidí tríú leibhéal<br>Rannpháirtíocht an Phobail. | 1.3 |

## Rialachas agus Ceannaireacht
### Sprioc GL: Rialachas, Ceannaireacht agus Comhpháirtíochtaí a Chothú ar mhaithe leis an nGníomhú ar son na hAeráide

| Uimh. | Gníomh | Oiriúnú agus Maolú | PTF | An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe | Tréimhse Ama | Nithe a bhfuil sé spleách orthu | Sprioc/ Cuspóir DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| GL13 | Próiseas a chur ar bun le go mbeidh Comhairle Contae Loch Garman ag obair i gcomhar le gníomhaireachtaí eile (mar shampla, Teagasc, LAWPRO, Bonneagar Iompair Éireann, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, srl.) ar theagmhais chomhshaoil a bhfaightear eolas ina leith ach nach bhfuil mar chuid de shainchúram na Comhairle. | Oiriúnú agus Maolú | a) Próiseas socraithe don tuairisciú<br>b) An líon atreoruithe ó ghníomhaireachtaí agus chucu | **An Rannóg Comhshaoil, Comhairle Contae Loch Garman<br>Lawpro<br>An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra<br>An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara<br>Teagasc<br>Gníomhaireachtaí Rialtais ábhartha eile** | 2025 | Tacaíocht ó ranna rialtais | 1.5<br>2.3<br>3.2<br>1.4 |
| GL14 | Maitrís um Dhíonadh Aeráide a ullmhú atá le cur isteach le hiarratais phleanála ionas gur féidir an fhorbraíocht bheartaithe a cheadú agus le léiriú a thabhairt ar an tslí a bhfuil an maolú ar an athrú aeráide agus an t-oiriúnú don athrú aeráide mar chuid di, nuair is cuí | Oiriúnú agus Maolú | Maitrís um Dhíonadh Aeráide a ullmhú | **An Rannóg Pleanála Comhairle Contae Loch Garman** | 2025 | Acmhainní chun an mhaitrís a ullmhú | 3.5<br>1.5 |
| GL15 | Straitéis gan pháipéar Chomhairle Contae Loch Garman a chur chun cinn go leanúnach | Maolú | Líon na bpróiseas atá athraithe agus laghdú ar fhoirmeacha a fhágtar isteach ar an láthair, mar sin laghdú ar astaíochtaí | **AD Comhairle Contae Loch Garman - gach rannóg oibríochta** | Ar bun | Teicneolaíocht<br>Reachtaíocht | 2.1<br>2.2 |

# Timpeallacht Thógtha agus Iompar



**Timpeallacht Thógtha agus Iompar**
**Sprioc BET: Laghduithe ar Astaíochtaí Carbóin agus Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh do 2030 a bhaint amach trínár dtimpeallacht thógtha agus iompar**

| Uimh. | Gníomh | Oiriúnú agus Maolú | PTF | An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe | Tréimhse Ama | Nithe a bhfuil sé spleách orthu | Sprioc/ Cuspóir DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| BET1 | Tionscadail éifeachtúlachta agus uasghrádaithe fuinnimh a shonrú agus a chríochnú faoi mar a bhaineann le háiseanna na comhairle mar atá sonraithe i gClár Deiseanna Fuinnimh an Treo-Aimsitheora agus sruthanna maoinithe eile, agus aird chuí á tabhairt ar leochaileacht timpeallachta, cuir i gcás gabhdóirí daonna áitiúla, speicis atá faoi chosaint, láithreáin Eorpacha agus bithéagsúlacht, agus an gá atá le struchtúir faoi chosaint a chosaint agus a chaomhnú. | Maolú | a) Tionscadail atá sonraithe sa Chlár Deiseanna curtha i gcrích.<br>b) Conair oibre a rianú ón gcóras faireacháin agus tuairiscithe, le faireachán a dhéanamh ar an mbearna ar chóir díriú uirthi don laghdú fuinnimh agus gás ceaptha teasa.<br>c) An líon imeachtaí "Úsáid Níos Lú" de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí curtha chun cinn. | **An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide**<br>SEEA<br>SEAI<br>An Rannóg Airgeadais<br>An Rannóg Réadmhaoine<br>An Rannóg Bainistíochta Saoráidí | Ar bun | Fáil ar mhaoiniú<br>Acmhainní Foirne | 2.1<br>2.2<br>2.3<br>6.3 |
| BET2 | Obair a dhéanamh go leanúnach leis an Rannóg um Chosaint i gcoinne Tuilte in Oifig na nOibreacha Poiblí chun dul chun cinn a dhéanamh ar gach Scéim Cosanta Tuilte i gContae Loch Garman, m.sh. Loch Garman, Inis Córthaidh agus Ros Láir, agus aird chuí á tabhairt ar an riachtanas le réitigh nádúrbhunaithe agus córais inbhuanaithe draenála a chur chun cinn, agus ar leochaileacht timpeallachta sna háiteanna seo, lena n-áirítear cáilíocht an uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, pasáistí bruachánacha, éiceolaíocht uisce, taitneamhacht amhairc, agus luach áineasa agus taitneamhachta | Oiriúnú | Céim den Scéim Cosanta Tuilte tosaithe agus curtha i gcrích (céimeanna pleanála/ tuairiscithe san áireamh) | **Tionscadail Speisialta**<br>**OOP**<br>**An Rannóg Comhshaoil** | Ar bun | Teacht ar mhaoiniú ó Oifig na nOibreacha Poiblí<br>Ceadú Pleanála/ Comhshaoil | 3.2 |

| Timpeallacht Thógtha agus Iompar<br>Sprioc BET: Laghduithe ar Astaíochtaí Carbóin agus Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh do 2030 a bhaint amach trínár dtimpeallacht thógtha agus iompar | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| BET3 | Astaíochtaí breosla iontaise Chomhairle Contae Loch Garman ó fheithiclí na Comhairle a laghdú ar na bealaí seo:<br><br>a) Flít na bhfeithiclí leictreacha a dhéanamh chomh mór agus is féidir agus an flít reatha a uasghrádú go feithiclí éifeachtacha nua-aimseartha.<br><br>b) Measúnú a dhéanamh le fáil amach an bhféadfaí aistriú go breoslaí in-athnuaite nó ísealcharbóin i gcás feithiclí agus soithí mara agus Ola Glasraí Hidreachóireáilte a thriail mar bhreosla<br><br>c) Bearta caomhnaithe breosla a chur chun cinn agus a mholadh, mar shampla thiomáint éiceolaíoch, teorantóirí luais, etc.<br><br>d) Cumas iompair tonnáiste leoraithe flít a mhéadú leis an líon turas a laghdú. An laghdú a bhaintear amach ar astaíochtaí GCT a chainníochtú agus a dhearbhú de bharr an beart seo a ghlacadh agus, san am céanna, a dheimhniú go bhfaightear an fuinneamh/ breosla a úsáidtear le haghaidh feithiclí eile an údaráis áitiúil ó fhoinsí inbhuanaithe agus go bhfuil cleachtais chuí i bhfeidhm chun plé le feithiclí leictreacha ré caite | Maolú | a) An méid feithiclí leictreacha atá á gceannach sa bhliain<br>b) Triail a bhaint as feithiclí flít (feithiclí díosail) a thiomáint ar Ola Glasraí Hidreachóireáilte agus súil a choinneáil ar fhoinse iontaofa na hola sin<br>c) An líon imeachtaí oiliúna<br>d) An líon rannpháirtithe<br>e) Líon na dturas leoraí roimh an méadú ar an toilleadh tonnáiste i gcomparáid leis an líon ina dhiaidh | **Clós Innealra**<br>An Rannóg Comhshaoil | 2029 | Fáil ar mhaoiniú.<br>Umar Ola Glasraí Hidreachóireáilte a shuiteáil.<br>Fáil ar leoraithe flít sa mhargadh. | 2.1<br>2.2<br>3.5 |

| **Timpeallacht Thógtha agus Iompar**<br>**Sprioc BET: Laghduithe ar Astaíochtaí Carbóin agus Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh do 2030 a bhaint amach trínár dtimpeallacht thógtha agus iompar** | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| BET4 | Tá Comhairle Contae Loch Garman chun foirgnimh a uasghrádú oiread is féidir faoin gClár Náisiúnta Iarfheistithe don Éifeachtúlacht Fuinnimh i gcomhréir le spriocanna na roinne, agus aird chuí á tabhairt ar leochaileacht timpeallachta, cuir i gcás gabhdóirí daonna áitiúla, láithreáin Eorpacha agus bithéagsúlacht, agus an gá atá le struchtúir faoi chosaint a chosaint agus a chaomhnú i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha maidir le struchtúir chosanta | Maolú | An líon uasghráduithe ar Thithíocht Shóisialta de réir spriocanna na Roinne gach bliain. | **Tithíocht**<br>An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide | 2029 | Maoiniú ón Roinn ag leanúint ar aghaidh don scéim | 2.1<br>6.3 |
| BET5 | Tacaíocht leanúnach a thabhairt don Chlár Iarfheistithe don soilsiú poiblí agus, san am céanna, féachaint lena chinntiú go gcoinneofar na leibhéil lúmain agus raon speictreach nó go ndéanfar iad a laghdú/a rialú ionas nach gcuirfear as don bhithéagsúlacht | Maolú | a) Iarfheistiú soilsithe phoiblí - an méid acu curtha i gcrích<br>b) Coigiltis $CO_2$ | **Bóithre** | 2027 | Fáil ar chonraitheoirí<br>Fáil ar mhaoiniú | 2.1 |
| BET6 | Plean Loch Garman don Iompar Áitiúil a ullmhú mar bhonn eolais faoi phleanáil amach anseo i Loch Garman agus chun Plean Ceantair Áitiúil Loch Garman a ullmhú agus, san am céanna, an méid seo a leanas a chinntiú i dtaobh an phlean sin:<br>-go bhfuil an plean deartha chun tionchar ar an gcomhshaol a mhaolú de réir mar a bhainfeadh an tionchar sin le bonneagar don taisteal gníomhach a bhfuil tacaíocht leis.<br>-go bhfuil tacaíocht ann chun an comhshaol/bithéagsúlacht a fheabhsú mar chuid den phróiseas forbartha don taisteal gníomhach | Maolú | Plean glactha a bheidh mar threoir maidir le riachtanais iompair in aon fhorbairt feasta | **Bóithre**<br>**Pleanáil**<br>LRP | 2029 | Fáil ar mhaoiniú | 1.1<br>1.3<br>3.3 |

| Timpeallacht Thógtha agus Iompar<br>Sprioc BET: Laghduithe ar Astaíochtaí Carbóin agus Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh do 2030 a bhaint amach trínár dtimpeallacht thógtha agus iompar | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| BET7 | Dréacht-Straitéis Chomhairle Contae Loch Garman um Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha a athbhreithniú agus a thabhairt chun dáta chun treoir náisiúnta a chur san áireamh agus chun obair a dhéanamh le ZEVI chun an Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha a fhorbairt sa ríocht phoiblí i gContae Loch Garman i gcomhair carranna, busanna agus cóistí, agus aird chuí á tabhairt lena chinntiú go mbeidh teacht ag daoine atá faoi mhíchumas ar luchtú feithiclí leictreacha, agus aird ar leochaileacht timpeallachta cuir i gcás timpeallacht ghlactha an uisce, an bhithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, caighdeán an aeir go háitiúil, an oidhreacht chultúrtha | Maolú | Dréacht-Straitéis Chomhairle Contae Loch Garman um Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha curtha i gcrích i gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta um Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha, 2022 – 2025 | **Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann.**<br>Bóithre | 2026 | Acmhainní foirne<br>Acmhainneacht eangaí | 1.2<br>2.1 |
| BET8 | Obair a dhéanamh leis an gClár Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair chun tús áite a thabhairt do thionscadail d'fhonn an riosca i gcás tuilte a laghdú agus chun socrú a dhéanamh le léarscáiliú mionsonraithe a dhéanamh ar limistéir a bhfuil riosca ó thuilte srutha agus tuilte taoide ag baint leo. Tá an Léarscáiliú Abhann Táscach Náisiúnta agus an Léarscáiliú Náisiúnta ar Ghuaiseacha Cósta ó Thuilte foilsithe agus beidh siad mar bhonn eolais chun an plean seo a chur i ngníomh, agus aird chuí á tabhairt ar an riachtanas le réitigh nádúrbhunaithe agus córais inbhuanaithe draenála a chur chun cinn, agus ar leochaileacht timpeallachta sna háiteanna seo, lena n-áirítear cáilíocht an uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, pasáistí bruachánacha, éiceolaíocht uisce, taitneamhacht amhairc, agus luach áineasa agus taitneamhachta | Oiriúnú | Iniúchadh bunlíne déanta agus iniúchtaí comparáide déanta gach bliain | **An Fhoireann Feidhmiúcháin**<br>LAWPRO<br>Bóithre<br>Pleanáil<br>Comhshaol<br>OOP | Ar bun | Fáil ar mhaoiniú acmhainní a chur ar fáil don fhoireann, teacht ar shainchomhairleoirí leis an léarscáiliú a dhéanamh. | 3.4<br>3.3 |

| Timpeallacht Thógtha agus Iompar<br>Sprioc BET: Laghduithe ar Astaíochtaí Carbóin agus Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh do 2030 a bhaint amach trínár dtimpeallacht thógtha agus iompar | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| BET9 | Tacaíocht a thabhairt chun tionscnaimh don Taisteal Gníomhach a chur i bhfeidhm agus aistriú modha iompair a i dtreo taisteal inbhuanaithe a chur chun cinn ar na bealaí seo:<br>a) Tionscadail cheannródaíocha - 3 scéimeanna idirnasctha<br>- Bóthar an Bhaile Nua, Plásóg na bhFeá/Cluain Ard agus Baile an Róistigh, Loch Garman.<br>b) Scéimeanna Bealaí níos sábháilte chun na Scoile ar fud Chontae Loch Garman  Sé scoil is fiche i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus an Taisce.<br>c) Rian rothaíochta agus cosán scartha a chur isteach mar chuid de Scéim Ros Mhic Thriúin don Taisteal Gníomhach, na Feá go Crois an Cheantaigh<br>agus aird chuí á tabhairt<br>ar leochaileacht<br>timpeallachta, cuir i gcás an timpeallacht ghlactha uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, caighdeán an aeir go háitiúil agus an oidhreacht chultúrtha | Maolú | a) Thart ar 18km de chosáin rothaíochta agus siúil curtha i gcrích<br>b) Méadú ar an siúl agus rothaíocht chun na scoile i scoileanna i gContae Loch Garman<br>c) An líon scoileanna a bhfuil comharthaí sábháilteachta os comhair na scoile acu chun moladh do dhaoine gan carranna a úsáid ag geataí na scoile | **An Fhoireann um Thaisteal Gníomhach**<br>**Bóithre**<br>**An tÚdarás Náisiúnta Iompair**<br>Scoileanna | Ar bun | Fáil ar mhaoiniú | 2.1<br>4.3 |

**Timpeallacht Thógtha agus Iompar**
**Sprioc BET: Laghduithe ar Astaíochtaí Carbóin agus Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh do 2030 a bhaint amach trínár dtimpeallacht thógtha agus iompar**

| Uimh. | Gníomh | Oiriúnú agus Maolú | PTF | An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe | Tréimhse Ama | Nithe a bhfuil sé spleách orthu | Sprioc/ Cuspóir DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| BET10 | Cláir shiúil agus rothaíochta a chur chun cinn tríd an bhFoireann um Thaisteal Gníomhach agus an Fhoireann Spóirt, níos mó aeraíochta a chur ar fáil ar fud an chontae tríd an Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh, agus aird chuí á tabhairt ar leochaileacht timpeallachta, cuir i gcás an timpeallacht ghlactha uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, caighdeán an aeir go háitiúil agus an oidhreacht chultúrtha | Maolú | a) Plean Aeraíochta a ullmhú don Chontae<br>b) An líon agus na cineálacha áiseanna amuigh<br>c) Méadú de réir céatadáin ar bhealaí siúil | **Comhshaol**<br>An Rannóg Pobail<br>Forbairt Áitiúil<br>Loch Garman<br>Grúpaí Áitiúla | Ar bun | Oifigeach Aeraíochta a cheapadh<br>Oifigeach Áineasa<br>Tuaithe a cheapadh<br>Deontais ón Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh<br>Straitéis Aeraíochta a ullmhú do Chontae Loch Garman | 4.3<br>3.5<br>4.6 |
| BET11 | Comharscéim rothar leictreach a chur ar fáil i gceantair eile sa Chontae, agus aird chuí á tabhairt ar leochaileacht timpeallachta, cuir i gcás an timpeallacht ghlactha uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, caighdeán an aeir go háitiúil agus an oidhreacht chultúrtha. | Maolú | a) An líon bailte móra agus áiteanna i gcomhair rothair leictreacha<br>b) An líon km a dhéantar ar na rothair leictreacha<br>c) An méid $CO_2$ a shábháiltear | **Bóithre**<br>**Soláthraithe rothar leictreach**<br>**Ceantair Bhardasacha** | 2029 | Maoiniú ó OOP<br>Ceadú Pleanála/ Comhshaoil | 2.1<br>5.2<br>3.5<br>4.6 |

| Timpeallacht Thógtha agus Iompar<br>Sprioc BET: Laghduithe ar Astaíochtaí Carbóin agus Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh do 2030 a bhaint amach trínár dtimpeallacht thógtha agus iompar | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| BET12 | Scéimeanna Bóithre Deartha Nua a fhorbairt (níos mó ná athdhromchlú go díreach) as siocair deontais shonracha feabhsúcháin a fháil ina gcuimseofar feabhsuithe pleanáilte sa ríocht phoiblí, cuir i gcás draenáil nádúrtha, raonta rothaíochta, spásanna glasa, soilse LED, srian le carranna, srl., agus aird chuí á tabhairt ar leochaileacht timpeallachta, cuir i gcás an timpeallacht ghlactha uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, caighdeán an aeir go háitiúil agus an oidhreacht chultúrtha | Maolú | An líon scéimeanna atá forbartha a bhfuil feabhsuithe ar an réimse uirbeach a bhaineann leis an aeráid mar chuid díobh | **Bóithre** | Ar bun | Leithdháileadh maoinithe | 1.2<br>2.2 |
| BET13 | Forbairt a dhéanamh ar thionscadail chun athúsáid oiriúnaitheach struchtúr stairiúil a chur chun cinn, leas á bhaint as tionscadail athfheistithe agus buiséid charbóin eiseamláireacha leis an luach ó thaobh aeráide de a léiriú. Tabharfar aird chuí ar a riachtanaí atá sé struchtúir atá faoi chosaint a chosaint agus a chaomhnú i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha maidir le struchtúir chosanta, agus ar a riachtanaí atá sé gan cur as d'aon speiceas atá faoi chosaint | Oiriúnú<br>&<br>Maolú | a) An líon tionscadal a forbraíodh<br>b) An cineál iarfheistithe a úsáideadh | **Oifigeach Oidhreachta** | 2029 | Fáil ar mhaoiniú | 3.2<br>2.3<br>4.6 |

| Timpeallacht Thógtha agus Iompar<br>Sprioc BET: Laghduithe ar Astaíochtaí Carbóin agus Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh do 2030 a bhaint amach trínár dtimpeallacht thógtha agus iompar | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| BET14 | Tacaíocht a thabhairt chun stoc tithíochta folamh a úsáid agus a áitiú, agus an méid sin a éascú, bunaithe ar an Deontas Athchóirithe do Mhaoin Fholamh a riar faoi phlean Rialtas na hÉireann, Croí Cónaithe, agus aird chuí á tabhairt ar aon speiceas faoi chosaint, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, agus an gá atá ann struchtúir atá faoi chosaint a chaomhnú de réir mar is cuí | Maolú | a) Taifead a choinneáil de líon na n-iarratas ar dheontais<br>b) Taifead a choinneáil den líon tithe folmha atá áitithe arís mar chuid den chlár Croí Cónaithe | **Tithíocht**<br>**Pleanáil**<br>**Oifig Athnuachana** | Ar bun | Fáil ar mhaoiniú | 2.1<br>6.1<br>6.2<br>6.3 |
| BET15 | Measúnú Riosca maidir leis an Aeráid a dhéanamh ar láithreáin agus struchtúir stairiúla agus forbairt a dhéanamh ar an athléimneacht aeráide i gcás oidhreacht seandálaíochta agus ailtireachta tá faoi úinéireacht phoiblí agus úinéireacht phríobháideach trí scéimeanna mar Scéim na hOidhreachta Tógtha, Tionscnamh na mBailte Stairiúla, Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann, Ciste na Séadchomharthaí Pobail agus Ciste na Struchtúr Stairiúil. Tabharfar aird chuí ar a riachtanaí atá sé struchtúir atá faoi chosaint a chosaint agus a chaomhnú i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha maidir le struchtúir chosanta, agus ar a riachtanaí atá sé gan cur as d'aon speiceas atá faoi chosaint | Oiriúnú | a) An líon measúnuithe riosca curtha i gcrích<br>b) Taifead a dhéanamh de líon na n-iarratas a dhéantar ar na scéimeanna maoinithe éagsúla a bhfuil an aeráid ag baint leo.<br>c) Líon na dtionscadal a bhfuil maoiniú ceadaithe ina leith agus a bhfuil baint acu le cúrsaí aeráide | **Oifigeach Oidhreachta**<br>**Pleanáil** | Ar bun | Ceadú maoinithe trí dheontais/ scéimeanna | 3.2 |

| Timpeallacht Thógtha agus Iompar<br>Sprioc BET: Laghduithe ar Astaíochtaí Carbóin agus Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh do 2030 a bhaint amach trínár dtimpeallacht thógtha agus iompar | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| BET16 | An Clár Ceannródaíoch don Taisteal Cliste a chur i bhfeidhm chun fostaithe, mic léinn agus cuairteoirí a spreagadh le siúl, dul ar rothar, iompar poiblí a úsáid, carr-roinnt a dhéanamh, nó 'modh oibre cliste' a úsáid ionas nach mbeidh an oiread céanna turas le déanamh acu | Maolú | Clár de na bearta cliste atá i bhfeidhm i gComhairle Contae Loch Garman | **Bóithre** | 2025 | Ceadú ón Rannóg<br>Tacaíocht ón bhfoireann<br>Fáil ar mhaoiniú | 1.3<br>2.3<br>3.2<br>4.6 |
| BET17 | Athúsáid/Athrú cuspóra foirgneamh reatha a chur chun cinn seachas foirgnimh úra a thógáil. É sin a dhéanamh trí shruthanna maoinithe éagsúla, lena n-áirítear an Ciste Athbheochana agus Forbartha Uirbí agus an Ciste Athbheochana agus Forbartha Tuaithe, mar shampla Ionad Fiontraíochta Ros Mhic Thriúin agus Teach an Mhargaidh, Guaire. Tabharfar aird chuí ar a riachtanaí atá sé struchtúir atá faoi chosaint a chosaint agus a chaomhnú i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha maidir le struchtúir chosanta, agus ar a riachtanaí atá sé gan cur as d'aon speiceas atá faoi chosaint | Maolú | Clár na bhfoirgneamh atá á n-athúsáid/a bhfuil úsáid úr ann dóibh | **Tionscadail Speisialta** | 2029 | Fáil ar mhaoiniú<br>Faomhadh príomhpháirtithe leasmhara<br>Acmhainní foirne atá ar fáil sna Tionscadail Speisialta | 2.1<br>3.2 |

| **Timpeallacht Thógtha agus Iompar<br>Sprioc BET: Laghduithe ar Astaíochtaí Carbóin agus Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh do 2030 a bhaint amach trínár dtimpeallacht thógtha agus iompar** | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| BET18 | Dul chun cinn leanúnach a dhéanamh le gréasán comhtháite de Ghlasbhealaí, Gormbhealaí agus conairí a sholáthar i gContae Loch Garman agus ar fud Réigiún an Oirdheiscirt, agus aird chuí á tabhairt ar dheiseanna chun cur leis an luach turasóireachta, fóillíochta agus oidhreachta cultúrtha a bhaineann leis an tslí, agus ar an leochaileacht timpeallachta cuir i gcás an timpeallacht ghlactha uisce, cáilíocht an aeir go háitiúil, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha agus cineálacha leochaileachta a bhaineann leis an oidhreacht chultúrtha | Maolú | a) Dul chun cinn déanta ar chodanna de Ghlasbhealaí/ Gormbhealaí/Conairí<br>b) An líon daoine a úsáideann glasbhealaí le taisteal chun na hoibre (tionscadail iomlán curtha i gcrích)<br>c) An laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa mar gheall ar mhodh iompair a athrú don obair | **Tionscadail Speisialta**<br>An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide<br>SEEA | Ar bun | Fáil ar mhaoiniú<br><br>Fáil ar acmhainní foirne/ sainchomhairleoirí i dtionscadail speisialta<br><br>An cead/na ceadanna cuí<br><br>Tionscadal curtha i gcrích faoi 2029 | 2.1<br>5.2 |
| BET19 | Dul i mbun plé le páirtithe leasmhara Eorafort Ros Láir lena fhorbairt mar mhol don fhuinneamh in-athnuaite agus aird chuí á tabhairt ar leochaileacht timpeallachta, cuir i gcás an timpeallacht ghlactha uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, caighdeán an aeir go háitiúil agus an oidhreacht chultúrtha | Maolú | Dul chun cinn ar an mol don fhuinneamh in-athnuaite sna céimeanna éagsúla den phleanáil, maoiniú agus soláthar | **Iarnród Éireann**<br>Comhairle Contae Loch Garman<br>Ceantar Bardasach Ros Láir | Ar bun | Teacht ar pháirtithe leasmhara | 3.4<br>5.2<br>5.6 |

**Timpeallacht Thógtha agus Iompar**
**Sprioc BET: Laghduithe ar Astaíochtaí Carbóin agus Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh do 2030 a bhaint amach trínár dtimpeallacht thógtha agus iompar**

| Uimh. | Gníomh | Oiriúnú agus Maolú | PTF | An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe | Tréimhse Ama | Nithe a bhfuil sé spleách orthu | Sprioc/ Cuspóir DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| BET20 | I gcás ídiú leictreachais sa chontae, sprioc a chur chun cinn sa phróiseas pleanála gur ó fhoinsí in-athnuaite a dhéanfar 100% de sin faoi 2027 i gcás ar bith ina ndeimhnítear i measúnú cuí comhshaoil nach mbeidh aon tionchar suntasach ar an gcomhshaol ag baint le forbairt fuinnimh in-athnuaite dá leithéid | Oiriúnú & Maolú | An líon forbraíochtaí fuinnimh in-athnuaite a cheadaítear agus a nasctar agus a n-aschur | **Pleanáil Cuideachtaí fóntas** | 2027 | Líon na n-iarratas pleanála den chineál seo ceadaithe ag an Údarás Pleanála agus nasctha leis an eangach | 2.1<br>4.4<br>1.4<br>3.4<br>3.5 |
| BET21 | Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbí (CIDU) a thabhairt isteach i bpleananna deartha beartaithe i gComhairle Contae Loch Garman. Feasacht a ardú agus oiliúint a chur ar fáil do bhaill foirne lena dheimhniú go ndéanfar na hoibreacha tógála ar fad a bhaineann le Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbí a dhearadh agus a chur chun feidhme ar shlí nach mbeidh aon drochthionchar suntasach ar an gcomhshaol ann dá bharr | Maolú | a) Sonraíocht CIDU a leagan síos lena húsáid i gComhairle Contae Loch Garman<br>b) CIDU a chur mar chuid de gach scéim agus tionscadal ábhartha ina mbítear ag plé le huisce dromchla a ritheann chun srutha<br>c) Uisce a ritheann chun srutha a úsáid le huisce a chur ar fáil do limistéar an chórais inbhuanaithe draenála uirbí ionas go ndéanfar an timpeallacht uirbeach a ghlasú níos mó | **Tionscadail Speisialta Pleanáil Comhshaol Tithíocht An Rannóg Pleanála An Rannóg Bóithre** | Ar bun | Fáil ar mhaoiniú | 3.2<br>3.3<br>3.5 |

| **Timpeallacht Thógtha agus Iompar**<br>**Sprioc BET: Laghduithe ar Astaíochtaí Carbóin agus Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh do 2030 a bhaint amach trínár dtimpeallacht thógtha agus iompar** | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| BET22 | Clár bainistithe silteán a chur i ngníomh agus réitigh nuálacha a aimsiú le teicneolaíocht a úsáid chun silteáin a mhonatóiriú agus gach leas a bhaint as acmhainní teoranta, go háirithe in áiteanna a bhfuil baol mór ó thuilte iontu | Oiriúnú | a) An laghdú a thomhas i gcás tuilte mar gheall ar bhainistiú silteán<br>b) Líon na silteán a fuarthas ar an gcóras don léarscáiliú digiteach<br>c) Clár píolótach maidir le teicneolaíochtaí faireacháin silteán | **Bóithre**<br>**Ceantair Bhardasacha** | 2026 | Fáil ar mhaoiniú<br>Acmhainní Foirne | 3.2<br>3.5 |
| BET23 | I gcomhréir le Plean Forbartha Contae Loch Garman 2022-2028, agus le gach Plean Ceantair Áitiúil/ Plean Lonnaíochta amach anseo, caithfear bonneagar pointí luchtaithe feithiclí leictreacha a sholáthar i bhforbraíochtaí cónaithe, tráchtála agus úsáide measctha, caithfear a chinntiú go mbeidh teacht ag daoine faoi mhíchumas ar an luchtú sin, agus aird chuí a thabhairt ar leochaileacht timpeallachta mar an timpeallacht ghlactha uisce, caighdeán an aeir go háitiúil, agus an oidhreacht chultúrtha | Maolú | Cuirfear an ceanglas seo chun feidhme in Iarratais Phleanála. Caithfidh gach Iarratas Pleanála ábhartha na caighdeáin sa Phlean Forbartha Contae a shásamh. | **An Rannóg Pleanála**<br>Bóithre<br>Ceantair Bhardasacha | Ar bun | Líon na n-iarratas pleanála a gheofar<br>Acmhainneacht eangaí | 3.5<br>3.4<br>3.2 |

| Timpeallacht Thógtha agus Iompar<br>Sprioc BET: Laghduithe ar Astaíochtaí Carbóin agus Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh do 2030 a bhaint amach trínár dtimpeallacht thógtha agus iompar | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| BET24 | Tacaíocht agus cuidiú a thabhairt do sholáthraithe iompair le feabhsúcháin chuí a bhaint amach ar sheirbhísí bus agus iarnróid chun nascacht níos fearr a bhaint amach do Loch Garman, go háirithe na seirbhísí siúd atá sonraithe do réigiún an oirdheiscirt agus do Loch Garman san Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin ó Roinn Iompair agus Roinn Bonneagair. San am céanna stocaireacht a dhéanamh agus tionchar a imirt lena dheimhniú go gcuirfear comhthairbhí chun cinn don ghníomhú ar son na haeráide i dtionscadail den sórt sin agus nach mbeifear ag teacht salach ar chritéir ábhartha cosanta comhshaoil ná ag tabhairt isteach drochéifeachtaí móra ar an gcomhshaol isteach dá bharr | Maolú | a) Méadú ar an líon seirbhísí agus feabhsuithe ar an ngréasán iarnróid ó Iarnród Éireann<br>b) Méadú ar sheirbhísí bus ag Wexford Bus, Nasc Áitiúil agus Bus Éireann | **Iarnród Éireann**<br>**Bus Éireann**<br>**Wexford Bus**<br>**Nasc Áitiúil**<br>Comhairle Contae Loch Garman | Ar bun | Teacht ar pháirtithe leasmhara | 3.4<br>2.1 |
| BET25 | Ábhar a athúsáid agus dromchla á chóiriú seachas amhábhar a úsáid | Maolú | Na tonaí a úsáidtear sa bhliain a thaifeadadh | **Bóithre** | Ar bun | Feasacht foirne<br>Feasacht sainchomhairleoirí<br>Fáil ar mhaoiniú | 2.1<br>2.2 |
| BET26 | Clár cothabhála beartaithe a chuimseoidh earraí nua in áit fuinneoga agus doirse drochfheidhmíochta i stoc tithíochta reatha Chomhairle Contae Loch Garman | Maolú | 50 réadmhaoin sa bhliain | **Tithíocht**<br>**An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide** | Ar bun | Maoiniú inmheánach á chur ar fáil leis an scéim a chlúdach | 2.1<br>3.5 |

| Timpeallacht Thógtha agus Iompar<br>Sprioc BET: Laghduithe ar Astaíochtaí Carbóin agus Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh do 2030 a bhaint amach trínár dtimpeallacht thógtha agus iompar | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| BET27 | I ngach réamhshocrú cíosa a dhéanfaidh Comhairle Contae Loch Garman, caithfear bolgáin LED a chur isteach leis an éifeachtúlacht fuinnimh sa teach a fheabhsú | Maolú | Taifead a choinneáil den líon tithe a fuair bolgáin LED mar uasghrádú | Tithíocht | Ar bun | Fáil ar mhaoiniú | 2.1<br>3.5<br>6.1<br>6.2 |
| BET28 | Céimeanna a ghlacadh chun ídiú fuinnimh a laghdú i gcás trealamh TF, mar shampla feasacht ar shábháil fuinnimh i measc baill foirne agus múchadh uathoibríoch ríomhairí ar an ngréasán | Oiriúnú<br>&<br>Maolú | Líon na dtionscnamh feasachta fuinnimh TF | **TFC**<br>**Oifigeach Fuinnimh**<br>Gach rannóg | Ar bun | Scáileáin á múchadh ar ghléasanna ar na deasca agus i seomraí cruinnithe nuair nach bhfuil siad á n-úsáid | 2.1<br>3.5<br>2.2 |
| BET29 | Innéacs Díonta le haghaidh Pobal Inbhuanaithe a fhorbairt chun scór a ghiniúint do na dearthaí beartaithe le haghaidh na láithreán chun measúnú a dhéanamh ar a n-oiriúnacht ó thaobh cúrsaí comhshaoil agus sóisialta de i gcás scéimeanna tithíochta sóisialta nua | Maolú | Forbairt ar an innéacs díonta | **Tithíocht**<br>Caipiteal | 2025 | Foinse mhaoinithe don athbhreithniú ag tríú páirtí agus treoir maidir leis an dea-chleachtas. | 3.2<br>1.5<br>4.1 |
| BET30 | Na cineálacha is éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de atá ar fáil a chur isteach don trealamh líonra ar fad (lasca, ródairí, moil) agus, san am céanna, féachaint lena dheimhniú go ndéanfar an DTLL a thiocfaidh as seo a bhainistiú mar is cuí | Oiriúnú<br>&<br>Maolú | % den laghdú ar úsáid fuinnimh i gcás trealamh TF | **TFC** | 2024/2025 | Éartha seirbhísí/aga neamhfhónaimh socraithe le gach láithreán<br>Doirse faoi chlúdach alúmanaim | 2.1<br>2.2 |
| BET31 | Clár Feasachta Fuinnimh a reáchtálfar le tionóntaí tithíochta sóisialta maidir le bearta éifeachtúlachta fuinnimh sa teach agus úsáid cheart teaschaidéal (de réir mar is cuí) agus córas dámhachtana don Fheasacht Fuinnimh a fhiosrú | Maolú | An líon daoine a bhfuil an clár feasachta fuinnimh curtha i gcrích acu | **Tithíocht**<br>An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide | Ar bun | Fáil ar mhaoiniú<br>Acmhainní foirne | 4.2<br>4.1<br>5.1<br>4.4 |

**Timpeallacht Thógtha agus Iompar**
**Sprioc BET: Laghduithe ar Astaíochtaí Carbóin agus Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh do 2030 a bhaint amach trínár dtimpeallacht thógtha agus iompar**

| Uimh. | Gníomh | Oiriúnú agus Maolú | PTF | An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe | Tréimhse Ama | Nithe a bhfuil sé spleách orthu | Sprioc/ Cuspóir DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| BET32 | Dul i mbun plé le ESB Networks féachaint an bhféadfaí leictreachas ó athnuaiteáin a easpórtáil chun na heangaí agus, san am céanna, an cás a throid agus tionchar a imirt lena dheimhniú nach mbeadh tionscadail den sórt seo ag teacht salach ar chritéir ábhartha cosanta comhshaoil agus nach cúis iad le droch-iarmhairtí tromchúiseacha don chomhshaol | Maolú | Tuairisciú ar na deiseanna atá ann cumhacht a easpórtáil chun na heangaí | **An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide** ESB Networks | 2025 | Toilteanas ESB tabhairt faoi | 4.4 |

# Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas



**Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas**
**Sprioc NEGI An timpeallacht nádúrtha i gContae Loch Garman a chosaint agus a fheabhsú d'fhonn tacú leis an mbithéagsúlacht, an t-athrú aeráide a mhaolú agus tionchair dhiúltacha an athraithe aeráide a laghdú.**

| Uimh. | Gníomh | Oiriúnú agus Maolú | PTF | An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe | Tréimhse Ama | Nithe a bhfuil sé spleách orthu | Sprioc/ Cuspóir DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| NEGI 1 | A dheimhniú go gcuirfear iarmhairtí ón athrú aeráide agus ardú ar leibhéal na mara san áireamh i gcás forbraíochtaí sa limistéar cósta | Oiriúnú | An líon forbraíochtaí in áiteanna atá i mbaol agus ina gcuirtear tionchar an athraithe ar leibhéal na mara san áireamh | **Comhshaol**<br>Tionscadail Speisialta<br>Pleanáil | Ar bun | Acmhainní<br>Fáil ar mhaoiniú | 3.1<br>3.2 |
| NEGI 2 | Déanfaidh Comhairle Contae Loch Garman forbairt agus dul chun cinn ar bhearta oiriúnacha cosanta cósta, de réir mar atá sonraithe sna cláir mhonatóireachta agus iniúchta le haghaidh ceantair leochaileacha den chósta agus cosaintí cósta reatha poiblí , an méid sin ag brath ar mhaoiniú, toiliú reachtúil, agus beartais agus treoirlínte náisiúnta, scéimeanna ina measc mar atá i gceist le Ros Láir, Baile na Cúirte agus Radharc na Mara; tabharfar aird chuí ar a riachtanaí atá sé réitigh nádúrbhunaithe agus córais inbhuanaithe draenála a chur chun cinn, chomh maith leis an leochaileacht timpeallachta a bhaineann le ceantair cois cósta, cuir i gcás an comhshaol glactha muirí, an bhithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, agus luach áineasa agus taitneamhachta | Oiriúnú | a) An líon anailísí costais is tairbhe curtha i gcrích.<br>b) An líon scéimeanna atá ceadaithe<br>b) An líon scéimeanna atá curtha i gcrích<br>d) An líon suirbhéanna bunlíne ar limistéir atá buailte<br>e) An líon suirbhéanna iardain ar limistéir atá buailte<br>f) An líon suirbhéanna leanúnacha leis an tionchar a sheiceáil | **Comhshaol**<br>Tionscadail Speisialta<br>Oifig na nOibreacha Poiblí | Ar bun | Fáil ar mhaoiniú | 3.2<br>3.3 |

**Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas**
**Sprioc NEGI An timpeallacht nádúrtha i gContae Loch Garman a chosaint agus a fheabhsú d'fhonn tacú leis an mbithéagsúlacht, an t-athrú aeráide a mhaolú agus tionchair dhiúltacha an athraithe aeráide a laghdú.**

| Uimh. | Gníomh | Oiriúnú agus Maolú | PTF | An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe | Tréimhse Ama | Nithe a bhfuil sé spleách orthu | Sprioc/ Cuspóir DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| NEGI 3 | Tabhairt faoi chlár faireacháin agus cothabhála ar chosaintí cósta poiblí atá ann cheana féin agus bearta cosanta oiriúnacha a fhorbairt, agus aird chuí á tabhairt ar an leochaileacht timpeallachta a bhaineann le ceantair cois cósta, cuir i gcás an comhshaol glactha muirí, an bhithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, agus luach áineasa agus taitneamhachta | Oiriúnú | a) Iniúchadh bunlíne curtha i gcrích<br>b) Iniúchtaí comparáide déanta gach bliain | **Comhshaol**<br>Bóithre | Ar bun | Comhar foirne<br>Fáil ar mhaoiniú | 3.2<br>6.1<br>1.5 |
| NEGI 4 | Plean Bainistithe Uisce Báistí a ullmhú ina n-úsáidfear réitigh nádúrbhunaithe mar chuid de Phlean Ceantair Áitiúil Loch Garman 2024-2030, agus é sin a chur san áireamh i bPleananna Ceantair Áitiúla amach anseo | Oiriúnú agus Maolú | Glacadh leis an bPlean Ceantair Áitiúil chomh maith le Plean Bainistithe Uisce Báistí agus réitigh nádúrbhunaithe iontu | **Pleanáil**<br>Bóithre<br>Seirbhísí Uisce Ceantair Bhardasacha | 2024/2025 | Teacht ar shainchomhairleoirí a bheadh in ann an Plean Bainistithe Uisce Báistí a chur le chéile | 3.3<br>3.1 |
| NEGI 5 | An bonneagar glas a shonrú, a chosaint agus a bhainistiú i bpleananna ceantair áitiúil amach anseo agus aird chuí á tabhairt ar leochaileacht timpeallachta, cuir i gcás an tSeandálaíocht, láithreáin Eorpacha, an bhithéagsúlacht agus luach taitneamhachta | Oiriúnú | Léarscáiliú déanta den bhonneagar glas reatha, agus bonneagar glas agus naisc bheartaithe sonraithe agus glactha mar chuid de phlean ceantair áitiúil nua. | **Pleanáil** | Ar bun | Acmhainní foirne leis na Pleananna Ceantair Áitiúil a ullmhú<br>Teacht ar shainchomhairleoirí (agus páirtithe leasmhara) chun bonneagar glas reatha a léarscáiliú | 3.3<br>4.5 |

**Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas**
**Sprioc NEGI An timpeallacht nádúrtha i gContae Loch Garman a chosaint agus a fheabhsú d'fhonn tacú leis an mbithéagsúlacht, an t-athrú aeráide a mhaolú agus tionchair dhiúltacha an athraithe aeráide a laghdú.**

| Uimh. | Gníomh | Oiriúnú agus Maolú | PTF | An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe | Tréimhse Ama | Nithe a bhfuil sé spleách orthu | Sprioc/ Cuspóir DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| NEGI 6 | Athbhreithniú a dhéanamh ar na láithreáin fuíolluisce atá á bhfeidhmiú ag CC Loch Garman nach le hUisce Éireann iad i dtaca le fadhbanna insíothlaithe uisce stoirme d'fhonn an tionchar ó thuilte ar ionaid cóireála fuíolluisce ó bháisteach bhreise a laghdú; oibreacha réitithe a dhéanamh chun uisce stoirme a scaradh le córais d'fhuíolluisce bréan i láithreáin nach le hUisce Éireann iad chun truailliú ó bháisteach a laghdú, agus aird chuí á tabhairt ar íogaireacht timpeallachta, m.sh. láithreáin Eorpacha, bithéagsúlacht agus luach taitneamhachta | Oiriúnú | a) An líon suiteálacha a ndearnadh suirbhéireacht orthu mar chéatadán de na suiteálacha ar fad<br>b) An líon láithreán a socraíodh mar chéatadán de na láithreáin ar fad a raibh fadhbanna leo | **Seirbhísí Uisce**<br>Bóithre | 2025 | Soláthar foirne<br>Fáil ar mhaoiniú | 3.2<br>5.4 |

| Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas<br>Sprioc NEGI An timpeallacht nádúrtha i gContae Loch Garman a chosaint agus a fheabhsú d'fhonn tacú leis an mbithéagsúlacht, an t-athrú aeráide a mhaolú agus tionchair dhiúltacha an athraithe aeráide a laghdú. | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| NEGI 7 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta reatha agus é a thabhairt chun dáta le tosaíochtaí agus rioscaí nua a bhaineann leis an athrú aeráide a léiriú ann chomh maith le bearta ábhartha aeráide den Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023 -2030 a chur chun feidhme agus acmhainní a chur ar fáil ina leith | Oiriúnú<br>&<br>Maolú | a) Plean bithéagsúlachta athbhreithnithe i bhfeidhm agus tosaíochtaí chun dáta<br>b) Líon agus stádas na ngníomhaíochtaí ón bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023 -2030 a thaifeadadh<br>c) Léarscáiliú speiceas ionrach (cósta agus istigh faoin tír)<br>d) Líon na láithreán léarscáilithe inar glacadh bearta rialaithe<br>e) Beartas a chur i gcrích chun fálta sceach agus crainn a bhainistiú | **Comhshaol**<br>An Chomhairle Oidhreachta | 2026, 2027 | Fáil ar mhaoiniú<br>Bailíocht sonraí.<br>Acmhainní chun plean bainistíochta a chur le chéile agus a chur i ngníomh.<br>Oifigeach Bithéagsúlachta a cheapadh.<br>Maoiniú.<br>Teacht ar shaineolas éiceolaíochta | 1.5<br>3.2<br>3.4 |
| NEGI 8 | Féachaint an bhféadfaí an foláireamh réamhrabhaidh do leibhéal uisce abhann atá cheana ann a chur i bhfeidhm i ngach áit sa Chontae atá i mbaol ó thuilte le go mbeidh níos mó seasmhachta ann | Oiriúnú | An líon aibhneacha breise agus foláirimh réamhrabhaidh socraithe iontu | **Comhshaol**<br>Oifig na nOibreacha Poiblí<br>An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | 2025 | Fáil ar mhaoiniú | 3.1<br>1.5 |

**Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas**
**Sprioc NEGI An timpeallacht nádúrtha i gContae Loch Garman a chosaint agus a fheabhsú d'fhonn tacú leis an mbithéagsúlacht, an t-athrú aeráide a mhaolú agus tionchair dhiúltacha an athraithe aeráide a laghdú.**

| Uimh. | Gníomh | Oiriúnú agus Maolú | PTF | An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe | Tréimhse Ama | Nithe a bhfuil sé spleách orthu | Sprioc/ Cuspóir DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| NEGI 9 | Na cuspóirí i gCuid 12.8, Imleabhar 1, Ráiteas Scríofa, Plean Forbartha Contae Loch Garman, a chur i bhfeidhm le srian a chur leis an bhforbraíocht lasmuigh de theorainneacha lonnaíochtaí cósta atá cheana ann le nach mbeifear in ann ach an méid a theastóidh san áit áirithe sin a dhéanamh; tithíocht úr a threorú ó áiteanna a mbíonn tuilte/creimeadh cósta iontu; riachtanas a chur in iarratais phleanála nua ar thithíocht go bhfuil an t-oiriúnú don athrú aeráide curtha san áireamh sa láithreán, leagan amach agus dearadh sa togra i gcomhréir leis an bPlean Forbartha Contae | Oiriúnú | Líon na n-iarratas pleanála a bhfuil bearta don mhaolú ar an athrú aeráide/oiriúnú don athrú aeráide mar chuid díobh | Comhshaol Pleanáil | Ar bun | Acmhainní chun an mhaitrís a ullmhú. | 3.5 |
| NEGI 10 | Caibidil 12, Bainistiú Limistéar Cósta agus Pleanáil Spásúil Mhuirí, in Imleabhar 1 den Phlean Forbartha Contae a chur i ngníomh. Socruithe a dheimhniú i gcomhar le Comhairlí Contae Phort Láirge agus Chill Mhantáin i dtaca le bainistiú comhtháite na Limistéar Cósta. Tabharfar aird chuí ar a riachtanaí atá sé réitigh nádúrbhunaithe agus córais inbhuanaithe draenála a chur chun cinn, chomh maith leis an leochaileacht timpeallachta a bhaineann le ceantair cois cósta, cuir i gcás an comhshaol glactha muirí, an bhithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, agus luach fóillíochta agus taitneamhachta. | Maolú | a) Tionscadail atá sonraithe sa Chlár Deiseanna curtha i gcrích.<br>b) Conair oibre a rianú ón gcóras faireacháin agus tuairiscithe, le faireachán a dhéanamh ar an mbearna ar chóir díriú uirthi don laghdú fuinnimh agus gás ceaptha teasa.<br>c) An líon imeachtaí "Úsáid Níos Lú" de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí curtha chun cinn. | **An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide**<br>SEEA<br>SEAI<br>An Rannóg Airgeadais<br>An Rannóg Réadmhaoine<br>An Rannóg Bainistíochta Saoráidí | Ar bun | Fáil ar mhaoiniú<br>Acmhainní Foirne | 2.1<br>2.2<br>2.3<br>6.3 |

| **Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas**<br>**Sprioc NEGI An timpeallacht nádúrtha i gContae Loch Garman a chosaint agus a fheabhsú d'fhonn tacú leis an mbithéagsúlacht, an t-athrú aeráide a mhaolú agus tionchair dhiúltacha an athraithe aeráide a laghdú.** | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| NEGI 11 | A chinntiú go gcuirtear an t-athrú aeráide agus na hiarmhairtí lena mbaineann ar an stádas cáilíochta uisce san áireamh agus cáilíocht an uisce á cosaint agus á feabhsú i gContae Loch Garman (agus an Treoir Réime maidir le hUisce, an Plean Bainistíochta Abhantraí agus Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil á gcur chun feidhme). | Oiriúnú | a) % nó líon na ndobharlach a bhfuil stádas acu as feabhas ar cháilíocht an uisce<br>b) An líon láithreacha samplála | **Comhshaol**<br>Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil | Ar bun | Acmhainní | 3.1<br>3.3 |
| NEGI 12 | Obair a dhéanamh tríd an gClár Uisce Tuaithe ilbhliantúil chun teacht níos fearr a thabhairt ar sheirbhísí uisce poiblí, chun laghdú a bhaint amach ar thruailliú agus ar leochaileacht i leith ganntanas uisce de dheasca an athraithe aeráide agus aird chuí á tabhairt ar leochaileacht timpeallachta, cuir i gcás láithreáin Eorpacha, an bhithéagsúlacht agus luach taitneamhachta. | Oiriúnú | Plean Straitéiseach don Uisce Tuaithe curtha i gcrích | **Seirbhísí Uisce** | 2026 | Soláthar Foirne<br>Fáil ar mhaoiniú<br>Pleanáil Straitéiseach | 3.1<br>1.5 |

**Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas**

**Sprioc NEGI An timpeallacht nádúrtha i gContae Loch Garman a chosaint agus a fheabhsú d'fhonn tacú leis an mbithéagsúlacht, an t-athrú aeráide a mhaolú agus tionchair dhiúltacha an athraithe aeráide a laghdú.**

| Uimh. | Gníomh | Oiriúnú agus Maolú | PTF | An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe | Tréimhse Ama | Nithe a bhfuil sé spleách orthu | Sprioc/ Cuspóir DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| NEGI 13 | Measúnú ar thalamh ar le Comhairle Contae Loch Garman é chun áiteanna a aimsiú a bheadh oiriúnach lena n-athchóiriú agus don stóráil bhreisithe carbóin trí chur crann agus bearta bithéagsúlachta. | Oiriúnú<br>&<br>Maolú | Clár den talamh a bheadh oiriúnach lena athchóiriú | **An tAonad Bainistíochta Réadmhaoine**<br>Comhairle Contae Loch Garman | 2025 | Fáil ar acmhainní san Aonad Bainistíochta Réadmhaoine | 3.3<br>1.5 |
| NEGI 14 | An clár samplála agus tástála ar uisce snámha a chur i ngníomh go leanúnach roimh an séasúr uisce snámha agus lena linn le gur féidir uiscí snámha i Loch Garman a chosaint agus a choinneáil ar chaighdeán cuí | Oiriúnú | Torthaí samplála agus tástála uisce snámha a úsáid chun cloí leis na rialacháin maidir le huisce snámha | **Comhshaol**<br>Comhairle Contae Phort Láirge<br>Comhairle Contae Chill Mhantáin | Ar bun | Comhar foirne<br>Fáil ar mhaoiniú | 3.1<br>1.5<br>3.3 |
| NEGI 15 | Mar chuid den phróiseas pleanála, íoscheanglas a chur chun feidhme le go gcuirfí 20% de limistéar láithreáin i leataobh, i gcás tithe aonair, chun tuilleadh crann a chur agus bearta bithéagsúlachta a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an bPlean Forbartha Contae | Oiriúnú<br>&<br>Maolú | Cuirfear an ceanglas seo i bhfeidhm mar choinníoll le cead pleanála ar gach iarratas pleanála (100% acu) ar thithe aonair i gceantair thuaithe. | Pleanáil | Leanúnach fad a bheidh measúnú a dhéanamh ar iarratais ábhartha phleanála | Acmhainní forfheidhmiúcháin pleanála | 3.5<br>1.5<br>3.3 |
| NEGI 16 | Tionscadail a bhaineann leis an ngníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn d'fhonn gnáthóga a chosaint agus a chaomhnú, mar shampla bogaigh agus criosanna i mbaol tuilte, a chuireann leis an mbonneagar glas agus aird chuí á tabhairt ar leochaileacht timpeallachta, cuir i gcás láithreáin Eorpacha, an bhithéagsúlacht agus luach taitneamhachta. | Oiriúnú<br>&<br>Maolú | Clár na dTionscadal | **Oifigeach Bithéagsúlachta**<br>**An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide**<br>Tionscadail Speisialta<br>An Rannóg Comhshaoil | 2025 | Fáil ar mhaoiniú<br>Acmhainní Foirne | 3.1<br>3.3<br>3.5 |

| Uimh. | Gníomh | Oiriúnú agus Maolú | PTF | An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe | Tréimhse Ama | Nithe a bhfuil sé spleách orthu | Sprioc/ Cuspóir DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas<br>Sprioc NEGI An timpeallacht nádúrtha i gContae Loch Garman a chosaint agus a fheabhsú d'fhonn tacú leis an mbithéagsúlacht, an t-athrú aeráide a mhaolú agus tionchair dhiúltacha an athraithe aeráide a laghdú.** | | | | | | | |
| NEGI 17 | A dheimhniú go ndéanfar gach uisce dromchla, talún agus cósta i gContae Loch Garman a chosaint, agus caighdeán sásúil an uisce sin a dhearbhú, bunaithe ar an bPlean Náisiúnta Iniúchta Talmhaíochta a fheidhmiú go leanúnach.<br>San am céanna, a dheimhniú go n-úsáidfear modhanna inbhuanaithe iompair don taisteal chuig láithreáin iniúchta agus ar shiúl uathu nuair is féidir. | Oiriúnú | An líon iniúchtaí ar fheirmeacha i gcomhréir leis an Treoir Réime maidir le hUisce ón Aontas Eorpach, tacar sonraí an tríú timthriall | **Comhshaol** | Ar bun | Comhar foirne<br>Fáil ar mhaoiniú | 3.1<br>1.5 |
| NEGI 18 | Dul i mbun plé le Clár Maoirseachta Uisce Éireann agus leis an Oifig Fiontair Áitiúil, chomh maith le Líonra Rannpháirtíochta Pobail, chun an caomhnú uisce a chur chun cinn sa phobal agus i measc gnólachtaí. | Oiriúnú | An líon oiliúnaithe a fhreastalóidh ar imeachtaí maidir le Maoirseacht | **Seirbhísí Uisce**<br>Oifig Fiontair Áitiúil<br>LRP | 2025 | Soláthar foirne Foireann Maoirseachta Uisce Éireann | 4.5<br>1.4 |
| NEGI 19 | Plé agus comhoibriú a dhéanamh le Teagasc agus le dreamanna comhairleacha eile chun an cás a throid ar son cleachtais talmhaíochta agus foraoiseachta a bheadh ní b'inbhuanaithe, cláir eolais agus scéimeanna foraoiseachta ina measc. | Oiriúnú | a) An líon daoine cláraithe ar chlár Signpost Teagasc<br><br>b) An líon daoine ag freastal ar imeachtaí maidir le hinbhuanaitheacht feirmeoireachta | **Teagasc**<br>Comhshaol<br>Uisce Éireann | 2024 - 2029 | Fáil ar acmhainní | 3.1<br>1.4 |
| NEGI 20 | Cur leis an bhfeasacht ar na cineálacha teicneolaíochta atá ar fáil, agus athrú ar an gcineál agus cur chuige leasacháin a úsáidtear i gContae Loch Garman a chur chun cinn d'fhonn laghdú a bhaint amach i gcás astaíochtaí carbóin ar fheirmeacha | Oiriúnú | An líon feirmeoirí atá páirteach san athrú cleachtais | **Teagasc**<br>**Comhshaol**<br>Soláthraithe leasacháin<br>Uisce Éireann | 2024 | Fáil ar acmhainní | 1.5<br>4.4<br>5.5 |

**Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas**
**Sprioc NEGI An timpeallacht nádúrtha i gContae Loch Garman a chosaint agus a fheabhsú d'fhonn tacú leis an mbithéagsúlacht, an t-athrú aeráide a mhaolú agus tionchair dhiúltacha an athraithe aeráide a laghdú.**

| Uimh. | Gníomh | Oiriúnú agus Maolú | PTF | An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe | Tréimhse Ama | Nithe a bhfuil sé spleách orthu | Sprioc/ Cuspóir DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| NEGI 21 | Tionscadal comhoibrithe a chur i ngníomh agus sraith imeachtaí "curadh feirmeora" ar fud na tíre mar chuid de chun an méid atá ar bun san earnáil talmhaíochta agus foraoiseachta ar mhaithe leis an aeráid, cáilíocht uisce agus bithéagsúlacht a chur os comhair an phobail | Oiriúnú & Maolú | An líon imeachtaí | **Comhshaol**<br>Feirmeoirí<br>LRP<br>Uisce Éireann | 2025 | Comhar ó bhaill foirne an údaráis áitiúil, Fáil ar mhaoiniú | 4.5<br>4.4<br>5.5 |
| NEGI 22 | Tacú le tionscadail agus tionscnaimh a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide, nó iad a éascú, ina bhféachtar le feabhsúcháin a bhaint amach ar struchtúr, bainistiú agus folláine ithreach mar thoradh ar charbón orgánach ithreach a mhéadú. Bainfear amach buntáistí comhchoiteanna don chomhshaol: feabhsófar acmhainn coinneála uisce ithreacha, agus mar sin seasmhacht i gcás tuilte agus méadófar an leibhéal de cheapadh GCT a bhaineann le feidhmeanna talamhúsáide, ag tabhairt aird chuí ar leochaileacht timpeallachta mar shampla láithreáin Eorpacha, bithéagsúlacht agus luach taitneamhachta. | Oiriúnú & Maolú | Líon na dtionscadal a shonraítear don fheabhsú ithreach | **DAFM**<br>**Teagasc**<br>**GCC**<br>**Feirmeoirí**<br>**Comhshaol** | 2025 | Fáil ar mhaoiniú<br>Tacaíocht ó fheirmeoirí | 3.7<br>3.8<br>3.9<br>5.4 |
| NEGI 23 | Comhairle ó shaineolaithe a thabhairt maidir leis an mbithéagsúlacht agus plandaí dúchasacha a chur ar thalamh feirme i gContae Loch Garman | Oiriúnú & Maolú | An líon imeachtaí feasachta | **Comhshaol**<br>**Oifigeach Bithéagsúlachta**<br>**Feirmeoirí** | 2025 | Comhar foirne<br>Fáil ar mhaoiniú | 3.2<br>3.3 |

| Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas<br>Sprioc NEGI An timpeallacht nádúrtha i gContae Loch Garman a chosaint agus a fheabhsú d'fhonn tacú leis an mbithéagsúlacht, an t-athrú aeráide a mhaolú agus tionchair dhiúltacha an athraithe aeráide a laghdú. | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| NEGI 24 | Leanúint ar aghaidh leis an tacaíocht do bhearta chun tránna sa chontae a chosaint agus a fheabhsú le stádas an bhrait ghoirm agus leis an ngradam don chósta glas a choinneáil agus tránna eile a aimsiú le bheith páirteach sna scéimeanna sin | Oiriúnú | a) An líon tránna brataí goirme agus Gradam Cósta Glas<br>b) An líon iniúchtaí ar thránna<br>c) Tuairisciú ar shamplái agus ar thástáil uisce | **Comhshaol**<br>Comhairle Contae Phort Láirge<br>Comhairle Contae Chill Mhantáin | Ar bun | Comhar foirne<br>Fáil ar mhaoiniú | 3.1<br>1.1 |
| NEGI 25 | An scéim "Ná fág rian" atá i bhfeidhm i gcás tránna agus na timpeallachta nádúrtha a chur chun cinn le feasacht a fhorbairt agus le haeraíocht fhreagrach a chur chun cinn agus a spreagadh trí oideachas, taighde agus comhar | Oiriúnú | An líon iniúchtaí ar thránna | **Comhshaol**<br>An Taisce<br>Grúpaí Cóstaí Glana<br>LRP | Ar bun | Comhar foirne<br>Fáil ar mhaoiniú | 4.5<br>1.1 |
| NEGI 26 | Daoine a chur ar an eolas agus tacaíocht a thabhairt le hiad a spreagadh crainn dhúchasacha a chur, agus an feachtas Crainn i gcomhair Loch Garman | Maolú | An méadú i gcéatadán sa chur crann dúchasach do phobail fad a mhairfidh an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide | **Comhshaol** | Ar bun | Fáil ar mhaoiniú<br>Acmhainní foirne | 3.3<br>1.1 |
| NEGI 27 | Clár feasachta tionóntaí a chur i bhfeidhm a chuimseoidh agus a chuirfidh chun cinn feasacht ar bhithéagsúlacht/pailneoirí, agus cónaitheoirí a spreagadh agus tacú leo le bheith páirteach sa ghníomhaíocht phobail áitiúil i gcóras duaiseanna do chónaitheoirí | Oiriúnú<br>&<br>Maolú | a) An líon tionóntaí a chláraíonn ar an gclár feasachta nó a bhfuil sé curtha i gcrích acu<br>b) An líon iontrálaithe ar an duais don bhithéagsúlacht | **Tithíocht**<br>An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide | Ar bun | Beifear ag brath ar an imeacht a reáchtáil gach bliain | 4.3<br>1.1<br>3.3 |

# Pobail, Teacht Aniar agus Aistriú



| Pobail, Teacht Aniar agus Aistriú<br>Sprioc CRT Pobail Áitiúla a spreagadh le bheith ag gníomhú ar son na haeráide, teacht aniar a mhéadú agus aistriú cóir a bhaint amach | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| CRT1 | Grúpaí pobail a spreagadh chun tabhairt faoi thionscadail don ghníomhú ar son na haeráide go háitiúil tríd an gClár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide, agus tacú leo ionas go mbeidh siad in ann teacht ar mhaoiniú ó fhoinsí agus ó thionscnaimh éagsúla | Oiriúnú<br>&<br>Maolú | a) Líon na n-iarratas ar mhaoiniú a rinneadh<br>b) Líon na n-iarratas ar mhaoiniú a ceadaíodh<br>c) An líon tionscadal curtha i gcrích (Clár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide)<br>d) Líon na bpobal a bheidh rannpháirteach sa ghníomhú ar son na haeráide (an Rannóg Pobail) | **Comhshaol**<br>Grúpaí Pobail<br>LRP | 2025 i gcás an Chláir um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide<br>Leanúnach i gcás cláir mhaoinithe eile | Rátaí rannpháirtíochta<br>Grúpaí Pobail<br>Fáil ar mhaoiniú | 4.3<br>4.1<br>1.1 |
| CRT2 | Imeachtaí bunaithe ar théamaí a eagrú agus a reáchtáil i réimsí cuir i gcás an caomhnú fuinnimh, laghdú ar úsáid fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite, an bhithéagsúlacht, feasacht maidir leis an aeráid, stíleanna maireachtála inbhuanaithe, feasacht maidir leis an gcomhshaol, tionscadail sláinte agus folláine don ghníomhú ar son na haeráide, spriocanna forbartha inbhuanaithe, le go mbeidh daoine in ann páirt a ghlacadh go cothrom sa ghníomhú ar son na haeráide | Oiriúnú<br>&<br>Maolú | a) An líon imeachtaí gach bliain fad a mhairfidh an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide.<br>b) Líon na gclár "scileanna nua don saol" á reáchtáil ag na cúig leabharlann bhrainse.<br>c) An líon rannpháirtithe ar an gclár "Scileanna don Saol" | An tSeirbhís Leabharlainne Loch Garman na Sláinte<br>An Clár um Pobail Shláintiúla, Cúram Sláinte<br>An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail<br>LGMA<br>An tAonad Forbartha Áitiúil<br>Oifig Réigiúnach don Ghníomhú ar son na hAeráide<br>SEEA agus SEAI<br>Grúpaí Pobail<br>SETU<br>Na Ranna Oideachais, Airgeadais, Tithíochta, Coimirce Sóisialaí, Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Eolaíochta agus Nuálaíochta<br>Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais Tuiscint ar na Meáin, Éire<br>SOLAS<br>Aoisbhá Éireann<br>LRP | 2024 - 2027 | Tacaíocht ó pháirtithe leasmhara.<br>Fáil ar mhaoiniú.<br>Acmhainní foirne<br>Tacaíocht ó chomhpháirtithe<br>Rannpháirtíocht daoine óga | 4.2<br>4.5<br>1.1 |

| Pobail, Teacht Aniar agus Aistriú<br>Sprioc CRT Pobail Áitiúla a spreagadh le bheith ag gníomhú ar son na haeráide, teacht aniar a mhéadú agus aistriú cóir a bhaint amach | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| CRT3 | Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do phobail fuinnimh inbhuanaithe chun tabhairt faoin ngníomhú ar son na haeráide ar bhonn áitiúil. Chuige sin, maoiniú idirlinne a thabhairt i gcomhair Máistirphleananna Fuinnimh faoin meabhrán tuisceana atá ann mar chuid de chlár Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann do Phobail Fuinnimh Inbhuanaithe | Oiriúnú<br>&<br>Maolú | An líon Máistirphleananna Fuinnimh a chuirfear i gcrích | **Comhshaol**<br>Grúpaí Pobail<br>LRP | Ar bun | Fáil ar mhaoiniú | 4.3<br>1.1<br>3.4 |
| CRT4 | Cur leis an gclár oideachais comhshaoil do scoileanna ionas go mbeidh tuiscint aeráide / gníomhú ar son na haeráide mar chuid de, go háirithe plé le daltaí meánscoile | Maolú | a) An líon scoileanna ag plé leis an tuiscint ar chúrsaí aeráide<br>b) An líon ceardlann<br>c) An líon daltaí páirteach ann | **Comhshaol** | 2025 | Acmhainní | 4.2<br>3.4 |

| **Pobail, Teacht Aniar agus Aistriú**<br>**Sprioc CRT Pobail Áitiúla a spreagadh le bheith ag gníomhú ar son na haeráide, teacht aniar a mhéadú agus aistriú cóir a bhaint amach** | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| CRT5 | Plé le pobail agus le cumainn cónaitheoirí faoin méid is féidir leosan a dhéanamh chun dul i ngleic leis an athrú aeráide ina ngairdíní/ cuibhrinn féin agus choiteanna chun tacú leis an táirgeadh áitiúil bia/glasraí | Maolú | a) An líon imeachtaí feasachta le cumainn cónaitheoirí<br>b) Suirbhé i dtaobh gairdín pobail/garraí scóir a chur i gcrích<br>c) An méadú i gcéatadán ar an líon gairdíní/garraithe scóir<br>d) An líon iontrálacha sa chomórtas Coinnímis Álainn Loch Garman sna catagóirí seo a leanas<br>1.An Tionscnamh Comhshaoil Pobail is fearr<br>2.An Tionscadal Pobail is fearr chun dul i ngleic le hiarmhairtí an Athraithe Aeráide agus iad a laghdú<br>3. An Tionscadal Pobail is fearr leis an inrochtaineacht a fheabhsú i ngairdíní agus i bpáirceanna | **Tithíocht**<br>**Comhshaol**<br>LRP | Ar bun | Acmhainní<br>Rannpháirtíocht cónaitheoirí | 4.2<br>4.1<br>3.3 |

| Pobail, Teacht Aniar agus Aistriú<br>Sprioc CRT Pobail Áitiúla a spreagadh le bheith ag gníomhú ar son na haeráide, teacht aniar a mhéadú agus aistriú cóir a bhaint amach | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| CRT6 | Á threorú ag an Meabhrán Tuisceana atá sínithe idir CLG agus Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach maidir le bheith ag obair le chéile ar thionscadail a bhaineann leis an inbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide, dul i mbun plé le Clár na gClubanna Glasa trí cheannasaí ainmnithe, obair a dhéanamh leis an Oifig Réigiúnach don Ghníomhú ar son na hAeráide agus le clubanna CLG chun stocaireacht a dhéanamh ar leibhéal náisiúnta leis an scéim a leathnú amach chuig cumainn/forais mhóra náisiúnta spóirt eile | Oiriúnú<br>&<br>Maolú | An líon clubanna de chuid Chumann Lúthchleas Gael cláraithe air | **An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide**<br>Oifig Réigiúnach don Ghníomhú ar son na hAeráide<br>CLG | Ar bun | An líon clubanna páirteach ar an gclár | 4.3<br>3.4 |
| CRT7 | Tacaíocht a thabhairt do na hearnálacha ealaíon agus cultúir feasacht a ardú agus athrú iompair a chur chun cinn i dtaca leis an ngníomhú ar son na haeráide, inbhuanaitheacht agus timpeallacht nádúrtha, trí Phlean Ealaíon Chomhairle Contae Loch Garman agus tríd an Straitéis don Chultúr agus Cruthaitheacht, agus taighde a dhéanamh i gcomhar leis an gcuibhreann ealaíontóirí 'Roots to the Future' agus údaráis áitiúla eile chun measúnú a dhéanamh le fáil amach an bhféadfaí Tionól Ealaíne Aeráide náisiúnta a ghairm in 2025 | Oiriúnú<br>&<br>Maolú | Líon na dtionscadal ealaíon agus deiseanna cumarsáide | **An Oifig Ealaíon**<br>Éire Ildánach<br>An Chomhairle Ealaíon<br>Inis Córthaidh Inbhuanaithe<br>Cumas Ceantar Inis Córthaidh,<br>An Clár um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail<br>Ionad Ealaíon na Toirbhearta, Inis Córthaidh | 2027 | Díograis an phobail<br>Fáil ar mhaoiniú | 4.3<br>3.2<br>3.4 |
| CRT8 | Oscailt an Ionaid Fiontraíochta in Inis Córthaidh chun cuideachtaí fiontraíochta a spreagadh san earnáil inbhuanaitheachta agus chun tacú leis an nuálaíocht | Oiriúnú<br>&<br>Maolú | Líon na bhfiontar nua | **Oifig Fiontair Áitiúil**<br>**Comhghuaillíocht Foirgneamh Ardfheidhmíochta**<br>Forbairt Gheilleagrach | 2025 | Teacht ar ábhar agus ar chonraitheoirí | 5.2<br>4.3<br>6.2<br>6.1<br>4.3 |

| Pobail, Teacht Aniar agus Aistriú<br>Sprioc CRT Pobail Áitiúla a spreagadh le bheith ag gníomhú ar son na haeráide, teacht aniar a mhéadú agus aistriú cóir a bhaint amach | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| CRT9 | Imeacht eolais i dtaca leis an inbhuanaitheacht a eagrú agus a óstáil, saineolaithe agus cás-staidéir mar chuid de, le forbairt a dhéanamh ar an mbraisle ghlas san oirdheisceart. | Maolú | a) An líon imeachtaí<br>b) An líon daoine i láthair ar imeachtaí feasachta | **Oifig Fiontair Áitiúil**<br>**SEDO**<br>Pobal Fiontair Loch Garman | 2025 | Fáil ar Mhaoiniú<br>Acmhainní | 5.2<br>6.1<br>4.3<br>3.4<br>5.3 |
| CRT10 | Cruinnithe a ghairm dhá uair sa bhliain leis an mBraisle Ghlas le táirgí agus seirbhísí nuálacha atá ceaptha le tabhairt faoi ghníomhartha ar mhaithe leis an aeráid a chur os comhair an phobail. | Oiriúnú<br>&<br>Maolú | a) An líon táirgí/seirbhísí nua<br>b) An líon cruinnithe sárthaispeántais a reáchtáiltear | **Oifig Fiontair Áitiúil**<br>**Comhghuaillíocht Foirgneamh Ardfheidhmíochta**<br>Forbairt Gheilleagrach | Ar bun | Chomh toilteanach a bheidh baill den Bhraisle Ghlas le bheith réamhghníomhach agus smaointe a nochtadh do dhreamanna eile | 5.2<br>5.3 |
| CRT11 | Tarraingt anuas cistí i gcás deontais le gnólachtaí a ullmhú agus a leathnú a nascadh leis an gclár Glas don Mhicrinbhuanaitheacht ón Oifig Fiontair Áitiúil chun an líon gnólachtaí i Loch Garman a bhfuil plean inbhuanaitheachta cláraithe acu a mhéadú | Maolú | a) Líon na n-iarratas ar mhaoiniú<br>b) Líon na ngnólachtaí a chuirfidh an clár micrinbhuanaitheachta i gcrích | **Oifig Fiontair Áitiúil**<br>**SEDO**<br>Pobal Fiontair Loch Garman | 2026 | Fáil ar Mhaoiniú<br>Acmhainní | 5.1<br>3.4 |
| CRT12 | Astaíochtaí ó fhiontar na gcliant san Oifig Fiontair Áitiúil i Loch Garman a laghdú. Leis sin a bhaint amach, cuideofar le cliaint táirgiúlacht agus éifeachtúlachtaí a thomhas le hiad a fheabhsú. Úsáidtear méadracht nua táirgiúlachta le hiad a thomhas de réir mar atá leagtha amach ag Fiontar Éireann. Cuirfear cleachtais éifeachtúla déantúsaíochta agus digitithe i bhfeidhm agus tacaíocht ann ó chláir náisiúnta na nOifigí Fiontair Áitiúil. | Maolú | Tomhas méadrachta táirgiúlachta | **Oifig Fiontair Áitiúil**<br>**SEDO**<br>Pobal Fiontair Loch Garman | 2025 | Tacaíocht ó na Fiontair<br>Fáil ar mhaoiniú | 5.2<br>3.4<br>1.1 |

| Pobail, Teacht Aniar agus Aistriú<br>Sprioc CRT Pobail Áitiúla a spreagadh le bheith ag gníomhú ar son na haeráide, teacht aniar a mhéadú agus aistriú cóir a bhaint amach | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| CRT13 | An Clár Uisce Tuaithe a chur chun cinn le tacaíocht a thabhairt do phobail tuaithe i gcás deontais le toibreacha príobháideacha a fheabhsú agus Grúpscéimeanna. Tabharfar aird chuí ar ghnéithe leochaileacha den timpeallacht ghlactha agus féachfar le haon droch-éifeachtaí a mhaolú ar chaighdeán an aeir, torann, cáilíocht an uisce agus ithir fad a bheidh oibreacha tógála ar bun. Léireofar tacaíocht, tionchar agus údarás, mar is cuí, lena dheimhniú go ndearfar agus go n-ullmhófar tionscadail mar seo i gceart agus nach dtiocfaidh aon droch-iarmhairtí neamhbheartaithe comhshaoil astu. | Oiriúnú | a) Líon na ndeontas tobair a leithdháilfear<br>b) Líon na bhfeachtas cumarsáide a dhéanfar | **Seirbhísí Uisce**<br>Cumarsáid | Ar bun | Soláthar foirne | 4.3<br>3.4 |
| CRT14 | Obair a dhéanamh i gcomhar le hUisce Éireann ar thionscnaimh leis an ídiú uisce a laghdú sa phobal fiontraíochta i gContae Loch Garman | Oiriúnú<br>&<br>Maolú | An líon imeachtaí/babhtaí bolscaireachta | **Oifig Fiontair Áitiúil**<br>**SEDO**<br>Uisce Eireann<br>Pobal Fiontair Loch Garman | Ar bun | Tacaíocht ón bpobal<br>Fáil ar mhaoiniú | 5.1<br>3.4 |
| CRT15 | Deiseanna don aistriú cóir a phlé agus a fhorbairt, go háirithe in earnálacha atá neamhchosanta ar iarmhairtí ón oiriúnú don athrú aeráide agus maolú air, m.sh. oiliúint scileanna agus bearta laghdaithe bochtaineachta fuinnimh | Oiriúnú<br>&<br>Maolú | a) Líon na mbeart tacaíochta do ghrúpaí leochaileacha.<br>b) An líon daoine rannpháirteacha. | **An Rannóg Pobail**<br>DAFM<br>Oifig Fiontair Áitiúil<br>Comhlachas Tráchtála | Ar bun | Rannpháirtíocht an Phobail<br>Acmhainní | 4.1<br>6.1<br>6.2<br>6.3 |

# Inbhuanaitheacht agus Bainistiú Acmhainní



| Inbhuanaitheacht agus Bainistiú Acmhainní<br>Sprioc SRM Cultúr coiscthe, laghdaithe, athúsáide agus athchúrsála acmhainní a chruthú agus a fheabhsú d'fhonn an geilleagar ciorclach a chur chun cinn | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| SRM1 | An Plean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola le hAghaidh Geilleagar Ciorclach a chur i bhfeidhm | Oiriúnú<br>&<br>Maolú | a) An laghdú céatadáin ar dhramhaíl tí faoi 2030<br>b) Céatadán na dtithe a mbeidh bailiú cois cosáin acu faoi 2030<br>c) Laghdú 50% ar bhruscarnach adhmaid faoi 2030<br>d) Laghdú 50% ar phlaisteach agus pacáistíocht faoi 2025<br>e) Srianadh ar phlaisteach aon úsáide faoi 2025<br>f) Laghdú i gcéatadán ar an dramhaíl tógála agus scartála a sheoltar chuig líonadh talún de bharr í a athúsáid<br>g) Céatadán den athúsáid teicstílí faoi 2030<br>h) Aisghabháil 95% FRCanna faoi 2030<br>i) An céatadán d'aisghabháil DTLL faoi 2030<br>j) Laghdú i gcéatadán ar an onnmhairiú dramhaíola guaisí faoi 2030<br>k) Méadú i gcéatadán ar ionaid athúsáide agus deisiúcháin.<br>l) Líon imeachtaí rannpháirtíochta pobail agus béim ar a thábhachtaí atá sé dramhbhia a scaradh. | **Réigiún Dramhaíola an Deiscirt**<br>Comhshaol<br>LRP | Ar bun | Reachtaíocht maidir le Tionscnaimh Náisiúnta.<br>Acmhainní | 4.2<br>5.4 |
| SRM2 | Straitéis don soláthar poiblí glas a fhorbairt do Chomhairle Contae Loch Garman agus an soláthar poiblí glas a chur mar chuid de gach doiciméad soláthair | Maolú | a) Tacaíocht ón bhfoireann i ngach réimse gnó i gComhairle Contae Loch Garman<br>b) Méadú ar chéatadán na dtairiscintí a mbeidh soláthar poiblí glas (SPG) mar chuid díobh<br>c) Foireann don SPG agus ionadaí ó gach rannóg chun critéir ghlasa a shonrú lena gcur i dtairiscintí<br>d) Oiliúint eolais foirne SPG - líon imeachtaí | **Soláthar**<br>**An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide**<br>Ceannasaithe na Rannóg<br>Oiliúint/ Acmhainní daonna | 2025 | Fáil ar mhaoiniú<br>Tacaíocht ón bhfoireann<br>Acmhainní | 1.2 |

| Inbhuanaitheacht agus Bainistiú Acmhainní<br>Sprioc SRM Cultúr coiscthe, laghdaithe, athúsáide agus athchúrsála acmhainní a chruthú agus a fheabhsú d'fhonn an geilleagar ciorclach a chur chun cinn | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| SRM3 | Fleadh Cheoil i Loch Garman a fhógairt mar imeacht inbhuanaithe, an aidhm plaistigh aonúsáide a laghdú (nuair is féidir), taisteal inbhuanaithe a spreagadh in áiseanna páirceála is taistil/taisteal gníomhach, geilleagar ciorclach a chothú i dtionscnaimh eolais, ceachtanna a úsáid amach anseo | Maolú | a) Clár feasachta mar imeacht inbhuanaithe<br>b) Plean feidhmithe inbhuanaithe | **Coiste na Fleidhe**<br>Páirtithe leasmhara na Fleidhe<br>Comhshaol<br>LRP | 2024/2025 | Tacaíocht ón gCoiste<br>Saineolas agus Acmhainní | 5.4<br>1.1<br>1.3 |
| SRM4 | An coincheap "comhroinnt chiorclach" a chur chun cinn i gcás ábhair leabharlainne. Infheistíocht a dhéanamh in eolas iontaofa atá cothrom le dáta, an t-eolas sin a thabhairt do dhaoine agus a chur chun cinn ionas go mbeifear in ann gníomhú ionchuimsitheach pobail ar son na haeráide agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fhorbairt | Maolú | a) An méadú céatadáin ar chaiteachas ón gciste leabhar<br>b) Méadú ar líon na leabhar agus<br>Acmhainní digiteacha a fhaightear ar iasacht sa cheantar seo<br>c) Méadú ar na taispeántais leabhar bunaithe ar théamaí i líonra na leabharlann brainse | **Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Loch Garman**<br>An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail<br>An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil<br>An tAonad Forbartha Leabharlann<br>Codema<br>An Chomhairle Oidhreachta<br>LRP | 2024- 2028 | Ciste leabhar | 4.2<br>5.4 |
| SRM5 | Clár a chur i ngníomh go n-úsáidfear an leabharlann ar shlí níos glaise, mar shampla dáileoirí uisce scagtha agus diúscairt scartha dramhaíola in áiteanna poiblí agus foirne | Maolú | a) An líon dáileoirí uisce scagtha<br>b) An líon araidí dramhaíola scartha sna codanna poiblí agus foirne de na cúig leabharlann bhrainse | **Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Loch Garman** | 2024- 2027 | Fáil ar mhaoiniú | 3.2<br>5.4 |

**Inbhuanaitheacht agus Bainistiú Acmhainní**
**Sprioc SRM Cultúr coiscthe, laghdaithe, athúsáide agus athchúrsála acmhainní a chruthú agus a fheabhsú d'fhonn an geilleagar ciorclach a chur chun cinn**

| Uimh. | Gníomh | Oiriúnú agus Maolú | PTF | An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe | Tréimhse Ama | Nithe a bhfuil sé spleách orthu | Sprioc/ Cuspóir DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| SRM6 | Cur leis na bailiúcháin atá againn cheana féin i "Leabharlann na nEarraí" ionas go mbeidh daoine in ann saol ciorclach a chaitheamh inár bpobail, mar shampla "leabharlann síolta" ar bhonn trialach | Maolú | a) Méadú ar an líon earraí sa leabharlann a mbeidh baill den leabharlann in ann iad a fháil ar iasacht<br>b) Méadú bliantúil ar an líon earraí a fhaightear ar iasacht ó "Leabharlann na nEarraí" | Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Loch Garman<br>RFTP<br>Aonad Forbartha Leabharlann an GBRÁ<br>Codema<br>An Chomhairle Oidhreachta | 2024- 2027 | Fáil ar mhaoiniú<br><br>Acmhainní foirne<br>Tacaíocht ó chomhpháirtithe | 4.3<br>4.5<br>5.4 |

# Caibidil 5
# Crios Dícharbónaithe




*Sráid Uaiféir, Inis Córthaidh (Comhairle Contae Loch Garman)*

# 5 Crios Dícharbónaithe (DZ)

## 5.1 Achoimre ar phróifíl astaíochtaí DZ an Údaráis Áitiúil

### 5.1.1 Sainmhíniú ar Chrios Dícharbónaithe

Is limistéar spásúil a shainaithníonn an Chomhairle Contae é Crios Dícharbónaithe (DZ) ina sainaithnítear na nithe seo a leanas:

- raon beart maolaithe aeráide
- raon beart oiriúnaithe aeráide
- bearta bithéagsúlachta

Sainaithnítear úinéirí gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar fhuinneamh ísealcharbóin áitiúil, astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus riachtanais aeráide chun cur le spriocanna náisiúnta.

### 5.1.2 Crios Dícharbónaithe a Roghnú

Sainaithníodh limistéar mar Chrios Dícharbónaithe de réir na gcritéar a leag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH) amach i mí Feabhra 2021. Roghnaíodh Limistéar Uirbeach Inis Córthaidh mar an gCrios Dícharbónaithe do Chontae Loch Garman tar éis Criosanna Dícharbónaithe ab iarrthóirí féideartha a chur ar ghearrliosta.

D'fhostaigh Comhairle Loch Garman Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt chun cabhrú leis an bpróiseas gearrliostaithe sin. Reáchtáladh cúig cheardlann tras-rannacha agus thug ionadaithe ó Phobail Fuinnimh Inbhuanaithe tuairimí trí struchtúr an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí, agus rinneadh próifíliú ar na limistéir éagsúla ab iarrthóirí. Ceapadh maitrís scórála chun 17 réimse meastóireachta ar leithligh a chur ar an ngearrliosta. Sainaithníodh ceithre phríomhionad uirbeacha agus sé cheantar tuaithe le linn an phróisis ghearrliostaithe agus roghnaíodh Limistéar Uirbeach Inis Córthaidh mar an gCrios Dícharbónaithe is fearr do Chontae Loch Garman. Ní mór meánlaghdú bliantúil de 7% ar astaíochtaí carbóin a bhaint amach sa Chrios Dícharbónaithe seo idir seo agus 2030, mar a éilítear don chuid eile den chontae. Díreofar ar theicneolaíochtaí nua a thástáil agus oibriú le pobail laistigh den Chrios Dícharbónaithe sula gcuirfear i bhfeidhm iad i limistéir eile sa Chontae, tar éis ceachtanna a fhoghlaim.

Sa chomhthéacs sin, is binsí tástála iad Criosanna Dícharbónaithe ní hamháin chun an méid is féidir a dhéanamh a léiriú agus chun dlús a chur leis an bhfoghlaim le haghaidh réimsí eile, ach freisin chun cabhrú le tuiscint a fháil ar scála an dúshláin a bhaineann le dícharbónú an gheilleagair agus na sochaí i gcoitinne.

Ar leibhéal praiticiúil, is sásra iad Criosanna Dícharbónaithe a bhaineann leas as punann gníomhaíochtaí, tionscadal, teicneolaíochtaí agus idirghabhálacha chun an cuspóir náisiúnta maidir leis an aeráid a bhaint amach ar an leibhéal áitiúil trí fhreagairt don dúshlán le gníomhartha maolaithe, oiriúnaithe agus bithéagsúlachta, i measc gníomhartha eile.

### 5.1.3 Crios Dícharbónaithe mar Bhinse Tástála

Is iad na spriocanna náisiúnta laghdaithe carbóin atá leagtha amach i bPlean Rialtas na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide ná laghdú 51% faoi 2030, i gcomparáid le leibhéil 2018.

Ceanglaítear ar Chomhairle Contae Loch Garman, faoi Chuid 16 den Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, Plean Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar Son na hAeráide a ullmhú a mbeidh Crios Dícharbónaithe mar chuid de. Tabharfar breac-chuntas sa Phlean um Ghníomhú ar Son na hAeráide ar an gconair do Chomhairle Contae Loch Garman chun a hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoin 51% a cheanglaítear faoi 2030.

Tá an mhodheolaíocht arna húsáid i gcomhréir le hIarscríbhinn Theicniúil C: Measúnú ar Mhaolú Aeráide agus doiciméad treorach tacaíochta SEAI/CODEMA 'Bunlínte $CO_2$ a Fhorbairt, Treoir Céim ar Chéim do d'Údarás Áitiúil (2017)'. Leagtar amach sna treoirlínte seo an cur chuige Leibhéal 3 atá le glacadh i bhforbairt an Fhardail Astuithe Bunlíne ar an leibhéal áitiúil don Chrios Dícharbónaithe. Is é Leibhéal 3 an cur chuige spásúil ón mbun aníos maidir le hanailís sonraí, chun breathnú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar an leibhéal áitiúil ar fud earnálacha éagsúla lena n-áirítear:

- Údarás Áitiúil – Crios Dícharbónaithe Chomhairle Contae Loch Garman
- Tráchtáil
- Áiteanna Cónaithe
- Tithíocht Shóisialta
- Iompar
- Talmhaíocht
- Uisce agus Fuíolluisce.

Leagtar amach i bhFardal Astuithe Bunlíne Leibhéal 3 (BEI) na sonraí maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa don bhliain bhunlíne 2018, chun an dearbhsprioc maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa do 2030 a bhunú do Chrios Dícharbónaithe Limistéar Uirbeach Inis Córthaidh. Tá freagracht agus oibleagáidí ar Chomhairle Contae Loch Garman chun laghdú 51% a chur ar a hastaíochtaí gás ceaptha teasa féin faoi 2030, agus is féidir léi tionchar a imirt ar gach earnáil eile chun an laghdú 51% céanna a chur ar a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa féin faoi 2030. Is féidir léi iad a chomhordú, a éascú agus tacú leo chun é sin a bhaint amach.

Is iad seo a leanas na tacair sonraí a úsáideadh chun anailís a dhéanamh ar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa sa Chrios Dícharbónaithe:

1. MapEIre (ar fáil de réir greillí i gciliméadair)
2. Daonáireamh 2016 Daonra um Cheantair Bheaga (Ar fáil de réir Aitheantas Daonra um Cheantair Bheaga)
3. Sonraí talmhaíochta Dhaonáireamh 2020 (ar fáil de réir na Toghroinne).

Trasnaíonn an Crios Dícharbónaithe dhá Thoghroinn agus tá 52 Dhaonra um Cheantair Bheaga (SAPanna) sa Chrios Dícharbónaithe. Tá seacht ngreille is fiche ar mhéid1km nasctha leis an gCrios Dícharbónaithe. Fuarthas amach gurbh é 10,811 an daonra iomlán

sa Chrios Dícharbónaithe tráth an aitheantais de réir thacair sonraí Dhaonáireamh 2016 faoi Dhaonra um Cheantair Bheaga. Is ionann sin agus 7.8% den daonra iomlán i gContae Loch Garman (2016). Is é achar iomlán an Chreasa Dhícharbónaithe ná 11km$^2$. Is ionann sin agus 0.5% den daonra iomlán i gContae Loch Garman.

## 5.2 Próifíl Limistéar Uirbeach Inis Córthaidh

Tá Ceantar Uirbeach Inis Córthaidh suite i lár Chontae Loch Garman, áit a dtéann an tSláine. Is dhá fhoirgneamh stairiúla iad Caisleán Inis Córthaidh agus Ardeaglais Aodháin a bhfuil áiteanna suntasach acu sa bhaile.  Tá an baile suite gar do Chnoc Fhiodh na gCaor, láthair chatha cháiliúil san éirí amach i 1798. Tá mainistir Sheanáin, foirgneamh i lonnaíocht mhainistreach ón séú haois, suite ar bhruach thoir na Sláine. Is é Baile Inis Córthaidh an dara baile is mó i gContae Loch Garman agus de réir na mionsonraí faoi Limistéir Faoi Fhoirgnimh i ndaonáireamh na Príomh-Oifige Staidrimh 2022, tá daonra 12,310 in Inis Córthaidh agus méadú 8% ar an daonra.

Tá iompar, airgeadas, tógáil, fáilteachas, sláinte, innealtóireacht agus teicneolaíocht i measc na n-earnálacha a bhfuil baint acu leis an ngníomhaíocht gheilleagrach laistigh de Chrios Dícharbónaithe Limistéar Uirbeach Inis Córthaidh.




*Inis Córthaidh a Athshamhlú, Tionscadal Ealaíon Cruthaitheach - Mol Síl (2022)*

Is iomaí dúshlán a tháinig chun cinn i mBaile Inis Córthaidh le blianta beaga anuas. Ba é an ceann ba thábhachtaí ná dúshlán d'inmharthanacht bhonn eacnamaíoch an bhaile. Mar is amhlaidh i gcás go leor bailte meánmhéide eile in Éirinn, tá athrú ollmhór tagtha ar an ngeilleagar áitiúil le 30 bliain anuas. Tá poist á gcailleadh go leanúnach in earnálacha traidisiúnta agus seanbhunaithe an tionscail agus an dáileacháin agus níl an caillteanas sin á chúiteamh le forbairt agus fás ar earnálacha eile amhail seirbhísí, tráchtáil agus turasóireacht. An dífhostaíocht atá mar thoradh ar mheath na bpríomhearnálacha, rud a théann i bhfeidhm ar chodanna áirithe den phobal in Inis Córthaidh níos mó ná ar chodanna eile.

Tá croí tráchtála Inis Córthaidh dírithe ar lár stairiúil an bhaile. Téann na


príomhshráideanna miondíola amach ó Chearnóg an Mhargaidh. Meascán de shiopadóireacht áise agus siopadóireacht ar bhonn comparáide atá sna hionaid mhiondíola agus is mó miondíoltóirí neamhspleácha ná a mhalairt atá ann. Tá ollmhargadh/siopa ilrannach comhaimseartha ar Barrack Street ar an taobh ó thuaidh de Chearnóg an Mhargaidh, arb é an t-ionad miondíola is mó sa bhaile é.

Tá caiféanna agus bialanna seanbhunaithe i Lár an Bhaile, agus freastalaíonn siad ar thrádáil le linn an lae go príomha. Tá dhá Óstán sa Bhaile a chuireann réimse seirbhísí ar fáil, chomh maith le bonn le haghaidh bhreis seirbhísí agus leathnú amach na turasóireachta.

Tá na leibhéil dífhostaíochta i Limistéar Uirbeach Inis Córthaidh i bhfad níos airde ná mar atá siad sa chuid eile den Chontae agus sa Stát. Bhí ráta dífhostaíochta 27% in Inis Córthaidh in 2016, mar a léiríodh mar chéatadán den lucht saothair i ndaonáireamh na bliana sin. Thit an ráta go dtí 24% de réir dhaonáireamh 2022. Ba é 10% an ráta i gContae Loch Garman in 2022 i gcomparáid le 17% in 2016.




*Oifig Chomhghuaillíocht na bhFoirgneamh Ardfheidhmíochta, Inis Córthaidh*




*Fíor 5.1: Fairsinge Spásúil Chrios Dícharbónaithe Limistéar Uirbeach Inis Córthaidh*

## 5.3 Astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ídiú fuinnimh in aghaidh na hearnála

Chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa in aghaidh na hearnála a fháil amach, tuairiscíodh an t-ídiú fuinnimh in éineacht leis na sonraí gás ceaptha teasa. Is éard is gás ceaptha teasa ann ná na sonraí fuinnimh a tiontaítear go dtí coibhéis $CO_2$. Astaíochtaí gás ceaptha teasa do roinnt earnálacha (más infheidhme). Léirítear miondealú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus an t-ídiú fuinnimh in aghaidh na hearnála (bunlíne 2018) sa Chrios Dícharbónaithe i dTábla 5.1 agus i bhFíor 5.2.


*Tábla 5.1: Miondealú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ídiú fuinnimh in aghaidh na hearnála sa Chrios Dícharbónaithe, 2018.*

| Crios Dícharbónaithe Inis Córthaidh | Iomlán an fhuinnimh (GWh) | Astaíochtaí GCT ina n-iomláine ($ktCO_2eq$) |
|---|---|---|
| Comhairle Contae Loch Garman | 1.1 | 0.4 |
| Earnáil Tráchtála | 116.6 | 30.3 |
| Teascóg chónaithe | 58.1 | 18.6 |
| Tithíocht Shóisialta | 9.6 | 3.3 |
| Iompar | 116.9 | 30.8 |
| Talmhaíocht | 0.1 | 2.2 |
| Dramhaíl agus fuíolluisce | - | 1.4 |
| **Iomlán** | **302.4** | **86.8** |

Ba é **86.8 $ktCO_2eq$** an bhunlíne iomlán astaíochtaí gás ceaptha teasa do Chrios Dícharbónaithe Inis Córthaidh in 2018. Dá bhrí sin, is é **42.5 kt coibhéis $CO_2$** na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bheidh incheadaithe in 2030.

Ba é **0.4 $ktCO_2eq$** an bhunlíne iomlán astaíochtaí gás ceaptha teasa do Chrios Dícharbónaithe Inis Córthaidh a bhain le Comhairle Contae Loch Garman in 2018. Dá bhrí sin, is é **0.2 $ktCO_2eq$ na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bheidh incheadaithe do Chomhairle Contae Loch Garman in 2030.**


Léiríonn na torthaí bunlíne go gcaithfear díriú ar ghníomhartha suntasacha sna hearnálacha Iompair, Tráchtála agus Cónaithe in Inis Córthaidh chun na leibhéil dícharbónaithe a theastaíonn a bhaint amach. Cé go bhfuil Comhairle Contae Loch Garman freagrach go díreach as laghdú 51% ar astaíochtaí a bhaint amach, déanfaidh sí a dícheall tacú leis na hearnálacha eile freisin agus tionchar a imirt orthu chun laghduithe den chineál céanna a bhaint amach.




*Fíor 5.2: Méid iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh Chrios Dícharbónaithe Limistéar Uirbeach Inis Córthaidh de réir an chineáil earnála, 2018*


## 5.3.1 Iompar

Meastar go bhfuil thart ar 7,200 feithicil inneallghluaiste sa limistéar, agus tá miondealú ar na feithiclí liostaithe i bhFíor 5.3.





*Fíor 5.3: Líon na bhfeithiclí sa Chrios Dícharbónaithe de réir an chineáil, 2018*

Ba é **116.9 GWh** an t-ídiú fuinnimh iomlán ag an Earnáil Iompair sa Chrios Dícharbónaithe in 2018.




*Fíor 5.4 Miondealú ar úsáid fuinnimh na hearnála iompair de réir an chineáil bhreosla sa Chrios Dícharbónaithe, 2018.*

Ba é **30.8 kt coibhéis $CO_2$** a bhí in astaíochtaí iomlána na hearnála Iompair sa Chrios Dícharbónaithe. Taispeántar miondealú ar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa de réir an chineáil feithicle i bhFíor 5.5.





*Fíor 5.5: % Miondealú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de réir an chineáil feithicle sa Chrios Dícharbónaithe, 2018*

Tugtar cuntas ar Iompar Poiblí sna hearnálacha Feithicil Beaga Seirbhíse Poiblí, Feithicil Móra Seirbhíse Poiblí agus Iarnród. Tá roinnt bealaí iompair phoiblí sa Chrios Dícharbónaithe lena n-áirítear iarnród agus busanna, idir náisiúnta agus áitiúil. Mar a leagtar amach thuas, tá 40 feithicil seirbhíse poiblí (beag agus mór) ann agus is ionann iad agus 0.6% de na feithiclí innealghluaiste go léir atá cláraithe i gCrios Dícharbónaithe Inis Córthaidh.

Ní chruthaíonn na feithiclí iompair phoiblí sin ach 3% de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa sa Chrios Dícharbónaithe. Ní mór an sciar céatadáin den iompar poiblí a mhéadú chun astaíochtaí ó chatagóirí eile laistigh de limistéar an Chreasa Dhícharbónaithe a laghdú.


## 5.3.2 Tráchtáil

Nuair a tiontaíodh úsáid fuinnimh go dtí astaíochtaí gás ceaptha teasa, ba í an earnáil Tráchtála ba chúis le **30.3 kt coibhéis $CO_2$** d'astaíochtaí iomlána an Chreasa Dícharbónaithe. Léirítear miondealú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na hearnála tráchtála i bhFíor 5.6.




*Fíor 5.6 Miondealú i gcéatadáin ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na hearnála tráchtála sa Chrios Dícharbónaithe, 2018*


Léirítear na limistéir spásúla ina bhfuil an t-ídiú fuinnimh agus na hastaíochtaí gás ceaptha teasa is airde i bhFíor 5.7.




*Fíor 5.7: Ídiú fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa de réir na hearnála tráchtála*

### 5.3.3 Áiteanna Cónaithe


Léiríonn sonraí ó Dhaonáireamh 2016 go bhfuil **4,101** réadmhaoin chónaithe i gCrios Dícharbónaithe Inis Córthaidh, arna miondealú de réir an chineáil tí – féach fíor 5.8




*Fíor 5.8: Gnáthphatrúin chóiríochta i gCrios Dícharbónaithe Inis Córthaidh, 2016*


Bhí líon iomlán de 2,257 dteach i limistéar an Chreasa Dhícharbónaithe ar tugadh Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER) dóibh. Is ionann sin agus 55% den stoc iomlán tithíochta. Leis

an meánráta BER, sainaithnítear limistéir inar gá feabhas a chur ar an meánráta cónaithe BER (féach Figiúr 5.9). Baineadh sonraí maidir le Tithíocht Shóisialta faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil amach as sonraí na hEarnála Cónaithe agus tuairiscítear iad ar leithligh.





*Fíor 5.9: An Earnáil Chónaithe, Líon na dtithe agus meánráta BER in aghaidh an Cheantair Bhig*

Ba é **58.1 GWh** an t-ídiú fuinnimh iomlán ag an Earnáil Chónaithe sa Chrios Dícharbónaithe in 2018. Léirítear miondealú ar an ídiú fuinnimh i bhFíor 5.10.




*Fíor 5.10: % Miondealú ar úsáid fuinnimh na hearnála cónaithe sa Chrios Dícharbónaithe, 2018*


Nuair a tiontaíodh úsáid fuinnimh go dtí astaíochtaí gás ceaptha teasa, ba í an earnáil chónaithe ba chúis le **18.6 kt coibhéis $CO_2$** d'astaíochtaí iomlána an Chreasa Dícharbónaithe. Léirítear miondealú ar an ngás ceaptha teasa ón earnáil chónaithe i bhFíor 5.11.




*Fíor 5.11: % Miondealú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na hearnála cónaithe sa Chrios Dícharbónaithe, 2018*


## 5.3.4 Tithíocht Shóisialta

Bhí **656** theach sóisialta faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil sa Chrios Dícharbónaithe in 2018, roinnte i 4 phríomhchineál tithe mar a léirítear i bhFíor 5.12:





*Fíor 5.12: Miondealú ar chineálacha tithíochta sóisialta sa Chrios Dícharbónaithe, 2018*

Ba é **9.6 GWh** an t-ídiú fuinnimh iomlán ag aonaid Tithíochta Sóisialta sa Chrios Dícharbónaithe in 2018. Tá miondealú ar na foinsí fuinnimh i bhFíor 5.13.




*Fíor 5.13: Sciar na bhfoinsí fuinnimh a d'úsáid aonaid tithíochta sóisialta sa Chrios Dícharbónaithe, 2018*


Nuair a tiontaíodh úsáid fuinnimh go dtí astaíochtaí gás ceaptha teasa, ba í an earnáil chónaithe ba chúis le **3.2 kt coibhéis $CO_2$** d'astaíochtaí iomlána an Chreasa Dícharbónaithe. Léirítear miondealú ar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoinsí fuinnimh i bhFíor 5.14.




*Fíor 5.14: Sciar na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoinsí fuinnimh a úsáideadh in aonaid tithíochta sóisialta sa Chrios Dícharbónaithe, 2018*

### 5.3.5 Talmhaíocht

Ba é 121.1 MWh (0.1GWh) an t-ídiú fuinnimh iomlán ag an Earnáil Talmhaíochta sa Chrios Dícharbónaithe in 2020. Léirítear miondealú ar an ídiú fuinnimh san earnáil talmhaíochta i bhFíor 5.15.





*Fíor 5.15: Ídiú fuinnimh ag an Earnáil Talmhaíochta sa Chrios Dícharbónaithe, 2020*

Ba é 0.01 kt coibhéis $CO_2$ a bhí sna hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhain le fuinneamh san earnáil talmhaíochta sa Chrios Dícharbónaithe. Ba é 2.16 kt coibhéis $CO_2$ a bhí sna hastaíochtaí gás ceaptha teasa nár bhain le fuinneamh. Dá bhrí sin, ba é **2.2 kt coibhéis $CO_2$** méid iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ón talmhaíocht laistigh de limistéar an Chreasa Dícharbónaithe.

### 5.3.6 Uisce agus Fuíolluisce


Ba é **1.4 kt coibhéis CO2** a bhí sna hastaíochtaí gás ceaptha teasa nár bhain le fuinneamh san earnáil Uisce agus Fuíolluisce sa Chrios Dícharbónaithe. Léirítear miondealú air sin i bhFíor 5.16.




*Fíor 5.16: Astaíochtaí gás ceaptha teasa san earnáil Uisce agus Fuíolluisce sa Chrios Dícharbónaithe, 2018*


### 5.3.7 Úsáid Fuinnimh ag Comhairle Contae Loch Garman sa Chrios Dícharbónaithe

Ba é **1,111.4MWh (1.1 GWh)** an t-ídiú fuinnimh iomlán ag an Earnáil Iompair sa Chrios Dícharbónaithe in 2018. Léirítear miondealú ar an ídiú fuinnimh i gComhairle Contae Loch Garman in 2018 i bhFíor 5.17.




*Fíor 5.17: Miondealú ar ídiú fuinnimh Chomhairle Contae Loch Garman in 2018 arna léiriú in MWh, deighilte de réir na Catagóire SEU*

Nuair a tiontaíodh úsáid fuinnimh go dtí astaíochtaí gás ceaptha teasa, ba é 0.4 kt coibhéis $CO_2$ a bhí in astaíochtaí iomlána Chomhairle Contae Loch Garman sa Chrios Dícharbónaithe. Léirítear miondealú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa Chomhairle Contae Loch Garman 2018 i bhFíor 5.18.




*Fíor 5.18: Miondealú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa Chomhairle Contae Loch Garman 2018 in gcoibhéis $CO_2$ – deighilte de réir na catagóire Úsáideoir Suntasach Fuinnimh*

## 5.4 Fís don Chrios Dícharbónaithe

Léireoidh Comhairle Contae Loch Garman ceannaireacht le pobail agus gnólachtaí Chrios Dícharbónaithe Inis Córthaidh, trí laghdú 51% a chur ar ár n-astaíochtaí faoi 2030. Agus é sin á dhéanamh againn, tabharfaimid treoir, tacaíocht agus spreagadh don tsochaí i gcoitinne chun cur lena gcumas athléimneacht aeráide a bhaint amach agus feasacht aeráide a mhéadú i dtreo sochaí ísealcharbóin.



*Léargas ar Inis Córthaidh (Comhairle Contae Loch Garman)*

### 5.4.1 Clár Deiseanna

Is punann de ghníomhartha, tionscadail, teicneolaíochtaí agus idirghabhálacha féideartha é an clár deiseanna. Is clár straitéiseach é agus tá sé dírithe ar athruithe a d'fhéadfadh laghdú astaíochtaí ar mhórscála teacht astu.  Leagtar amach i dTábla 5.2 na deiseanna féideartha maidir le laghdú.

*Tábla 5.2 Spriocanna Laghdaithe Réamh-mheasta i gCur i bhFeidhm an Chreasa Dícharbónaithe*

| **Earnáil** | **BEI 2018** | **Sprioc 2030 maidir le Laghdú** | **Sprioc 2030 maidir le Laghdú** | **Laghdú Réamh-mheasta 2030** | **Laghdú Réamh-mheasta 2030** | **bunaithe ar na gníomhartha seo a leanas** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **($tCO_2e$)** | **($tCO_2e$)** | **(% de BEI 2018)** | **($tCO_2e$)** | **(% de BEI 2018)** | **Leictreachas ar leibhéal 80% in-athnuaite faoi 2030 = Laghdú 17% ar $CO_2$** |
| Áiteanna Cónaithe | 18,596 | -9,484 | 51% | -12,276 | 66% | Tá an laghdú sin bunaithe ar rátáil BER D2 a bheith ag 80% de na foirgnimh chónaithe phríobháideacha nó iad a bheith iarfheistithe chun rátáil BER B2 níos airde a bhaint amach. Thart ar 3200 foirgneamh atá i gceist leis sin, bunaithe ar 4100 réadmhaoin chónaithe sna 3,000 teach sa Chrios Dícharbónaithe |
| Tráchtáil | 30,292 | -15,449 | 51% | -14,388 | 47% | Léiríonn na sonraí bunlíne go dtagann 35% de na hastaíochtaí san earnáil tráchtála ón leictreachas agus glacann an treocht seo leis go mbainfear amach spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh 30% mar aon le fritháirimh fhéideartha PV. |
| Tithíocht Shóisialta | 3,257 | -1,661 | 51% | -2,030 | 62% | Tá an laghdú sin bunaithe ar 100% den tithíocht shóisialta a bheith faoi smacht Chomhairle Contae Loch Garman tar éis iarfheistiú chuig rátáil BER B2 a bheith déanta orthu. |
| Iompar | 30,780 | -15,698 | 51% | -10,158 | 33% | Tá an anailís sin bunaithe ar sprioc 40% EVanna a bhaint amach do ghluaisteáin phríobháideacha = 2,171 EVanna, agus 30% EVanna d'fheithiclí earraí = 303, chomh maith le laghdú 10% ar astaíochtaí carbóin mar gheall ar mhéadú ar an Taisteal Gníomhach. |
| Bardasach | 355 | -181 | 51% | -266 | 75% | Bunaithe ar na gníomhartha atá beartaithe le haghaidh soilsiú poiblí, oibreacha críochnaithe ó 2018 agus dícharbónú fhlít Chomhairle Contae Loch Garman. |
| Talmhaíocht | 2,171 | -1,107 | 51% | -10 | 0% | Is limistéar uirbeach den chuid is mó é an Crios Dícharbónaithe agus beidh na deiseanna talmhaíochta teoranta ós rud é nach gcruthaíonn an earnáil sin ach 2.5% den ghás ceaptha teasa sa Chrios Dícharbónaithe |
| Uisce agus Fuíolluisce | 1,373 | -700 | 51% | -343 | 25% | Tionchar teoranta ar chóireáil fuíolluisce bhardasaigh a dhícharbónú.<br>Dramhaíl orgánach in-bhithmhillte a atreorú ó shruthanna dramhaíola iarmharacha araidí dubha go dtí araidí donna lena hathchúrsáil i ngléasraí AD agus múirínithe. |
| **Iomlán** | **86,825** | **-44,281** | **51%** | **-39,471** | **45%** | |




*Oifigí na Comhghuaillíochta Foirgníochta Ardfheidhmíochta in Inis Córthaidh (Comhairle Contae Loch Garman)*

Sainaithníodh na deiseanna agus na dúshláin seo a leanas mar chuid den Phlean Dícharbónaithe seo.

### 5.4.1.1 An Chomhghuaillíocht Foirgneamh Ardfheidhmíochta (HPBA)

Tá an Chomhghuaillíocht Foirgneamh Ardfheidhmíochta lonnaithe i Limistéar Uirbeach Inis Córthaidh agus tá sí comhdhéanta de chomhghuaillíocht gairmithe atá ag obair le chéile chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide tríd an timpeallacht thógtha. Tá 13 chomhalta ar an mBord faoi láthair, ó na heagraíochtaí seo a leanas – Comhairle Contae Loch Garman, Bord Oideachais agus Oiliúna Loch Garman agus Phort Láirge, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, Irish Green Building Council, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta, An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, Irish Manufacturing Research. Tá an Chomhghuaillíocht Foirgneamh Ardfheidhmíochta ar cheann de naoi n-ionad barr feabhais de chuid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip, agus cuireann sé sin ar a cumas comhoibriú ar chomhthionscadail taighde leis na comhaltaí eile.

Tá cuid dá príomhaidhmeanna ag teacht leis an obair atá beartaithe laistigh den Chrios Dícharbónaithe

- Tacú leis an aistriú ó bhreoslaí carbónbhunaithe go réitigh inbhuanaithe chun cabhrú leis an athrú aeráide a chomhrac.
- Cabhrú le dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh agus timpeallacht shláintiúil laistigh a chur chun cinn.
- Deiseanna fostaíochta breise san earnáil foirgníochta agus seirbhísí gaolmhara a fhiosrú.

- Comhairle a chur ar pháirtithe leasmhara maidir le foirgnimh níos ardfheidhmíochta a fhorbairt.
- Feasacht, oideachas, oiliúint agus dea-chleachtas maidir le foirgnimh ardfheidhmíochta a chur chun cinn.

### 5.4.1.2 Foirgnimh atá nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh (NZEB)

In Éirinn, maidir le gach foirgneamh nua ar tosaíodh an tógáil air an 1 Samhain 2019 nó ina dhiaidh sin, ceanglaítear go gcomhlíonfaidh sé na caighdeáin tógála d'Fhoirgnimh atá nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh, mar atá leagtha síos i gCuid L agus i gCuid F de na Rialacháin Foirgníochta. Is príomhbheart é sin freisin i bPlean na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide agus aithnítear é i nGníomh 50 den phlean chun cur le scileanna conraitheoirí reatha / gníomhaithe tionscail eile maidir le hiarfheistiú domhain, Foirgnimh atá nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh agus suiteálacha teicneolaíochta nua.




*An foirgneamh oifige fuinneamhéifeachtúil i bPáirc Teicneolaíochta Inis Córthaidh (Comhairle Contae Loch Garman)*

### 5.4.1.3 Ionad Oiliúna um Fhoirgnimh atá nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh (nZEB)

D'fhorbair Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara, sraith cúrsaí i Scileanna Tógála um Fhoirgnimh atá nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh le tairiscint dóibh siúd san Earnáil Tógála. Is iad na cúrsaí sin na chéad Chúrsaí Tógála um Fhoirgnimh atá nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh atá á gcur ar fáil san Eoraip. Bunaíodh an tIonad Oiliúna nZEB sin in Inis Córthaidh chun na cúrsaí sin a chur ar fáil.

### 5.4.1.4 Inis Córthaidh Inbhuanaithe

Tá Pobal Fuinnimh Inmharthana Inis Córthaidh mar chuid d'Inis Córthaidh Inbhuanaithe,

grúpa pobail deonach a bunaíodh in 2019 chun díriú ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a ionchorprú agus chun athrú dearfach a dhéanamh in Inis Córthaidh. Tá sé á stiúradh ag coiste oibrithe deonacha áitiúla a oibríonn ar raon tionscadal atá dírithe ar inbhuanaitheacht sa cheantar.

Is í an fhís atá ag Inis Córthaidh Inbhuanaithe ná pobal rathúil a chothú a léireoidh meas ar áilleacht nádúrtha a thimpeallachta agus a chaomhnóidh an timpeallacht sin, fad a chuirfear cleachtais inbhuanaithe chun cinn i ngach gné de shaol laethúil na ndaoine.

I measc a gcuid oibre tá dramhaíl a laghdú agus fuinneamh a chaomhnú, tacú le gnólachtaí áitiúla, agus tionscnaimh éiceabhácha a chur i bhfeidhm.

Bhunaigh Inis Córthaidh Inbhuanaithe Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe agus tá éifeachtúlacht fuinnimh ar cheann de na príomhréimsí atá aige. Tá bailchríoch á cur ar a Mháistirphlean Fuinnimh anois agus beidh gá lena chur i bhfeidhm.

### 5.4.1.5 Fuinneamh In-Athnuaite

Baineann féidearthacht láidir le Clár Grianfhuinnimh Fhótavoltaigh le haghaidh réadmhaoine tráchtála agus go háirithe don limistéar tráchtála ar Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuil achar iomlán na ndíonta thart ar 57,300m2. Má ghlactar leis go bhfuil a aghaidh ó dheas ag leath d’achar na ndíonta, is é 22,911m2 achar iomlán inúsáidte na ndíonta (ag glacadh leis go bhfuil soilsiú dín i 20% d'achar na ndíonta). Is ionann é sin agus suiteáil fhéideartha 4.6MW de ghrianfhuinneamh fótavoltach, lena bhféadfaí thart ar 3.7GWh a tháirgeadh agus lena gcuirfí laghdú breise 0.366 kt $CO_2$ ar astaíochtaí na hearnála tráchtála.

### 5.4.1.6 Ionad Athchúrsála Inis Córthaidh

Is deis é ionad athchúrsála a bheith i gCrios Dícharbónaithe Inis Córthaidh chun feasacht a ardú, bailiúcháin a eagrú agus na seirbhísí a chuireann sé ar fáil faoi láthair a mhéadú.




*An tIonad Athchúrsála do Theaghlaigh in Inis Córthaidh (Comhairle Contae Loch Garman)*

### 5.4.1.7 Feirm Ghréine Naomh Eoin

Tá Feirm Ghréine Naomh Eoin suite laistigh de Chrios Dícharbónaithe Inis Córthaidh agus dearadh í chun 5MW fuinnimh a tháirgeadh. Cuirfidh sí leis an sprioc dhícharbónaithe don eangach náisiúnta, is é sin 80% de leictreachas in-athnuaite.

### 5.4.1.8 Aistriú chuig Feithiclí Leictreacha

Faoin bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023, tá sé d'aidhm ag Éirinn go n-aistreofar 30% dár bhflít gluaisteán príobháideach chuig feithiclí leictreacha faoi 2030. Aithnítear gur fachtóir teorannaithe é bonneagar luchtaithe agus go gcaithfear aghaidh a thabhairt air sin i gCrios Dícharbónaithe Inis Córthaidh.

### 5.4.1.9 Rannpháirtíocht na Scoileanna i gcúrsaí Fuinnimh

Tá roinnt scoileanna i gCrios Dícharbónaithe Inis Córthaidh – ceithre bhunscoil agus trí mheánscoil. Féadfaidh siad leas a bhaint as maoiniú deontais chomh hard le 50% ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann tríd an Scéim Deontas Pobail. Is deis eile é sin chun úsáid fuinnimh ár scoileanna sa limistéar a dhícharbónú. Is príomhréimse é feasacht faoi na deontais sin a mhéadú agus ról tacaíochta maidir le saineolas a sholáthar chun dícharbónú a chur chun cinn in earnáil oideachais Inis Córthaidh.

### 5.4.1.10 Téamh Ceantair

In 2021, an timpeallacht thógtha ba chúis le 12.3% d'astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann. Cuimsíonn téamh ceantair níos lú ná 1% de mhargadh teasa na hÉireann. Is féidir le téamh ceantair ról lárnach a imirt maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus astaíochtaí a laghdú in Éirinn - is teicneolaíocht shainbhunaithe é a úsáideann líonra píopaí ard-inslithe chun teas a sheachadadh ó fhoinse lárnach fuinnimh chun téamh spáis agus uisce te a sholáthar do na foirgnimh atá nasctha leis an líonra. Cuireann sé solúbthacht ar fáil maidir le rogha breosla agus, dá bhrí sin, tá sé an-oiriúnach chun córais téimh a dhícharbónú go tapa ar scála leathan. Le téamh ceantair, is féidir meascáin éagsúla d'acmhainní fuinnimh a úsáid ag amanna éagsúla thar shaolré líonra téimh ceantair.

Áirítear i bPlean Forbartha Contae Loch Garman 2022-2028 Cuspóir ES22 - tacú le suiteáil teicneolaíochtaí téimh ceantair agus iad a éascú i bhforbairtí nua, lena n-áirítear forbairtí árasán ilaonad, forbairtí tráchtála agus forbairtí tionsclaíocha. Dá réir sin, beidh Comhairle Contae Loch Garman i dteagmháil leis an ngrúpa stiúrtha um Théamh Ceantair chun cabhrú leis an modh téimh seo a chur chun cinn sa Chrios Dícharbónaithe. Is eol don Chomhairle go measann an Grúpa Stiúrtha gur cheart don mhaoiniú do chórais téimh ceantair a bheith bunaithe ar an margadh den chuid is mó, agus go mbeadh an soláthar tacaíochtaí (amhail naisc tithe le líonra) i gcomhréir le foinsí teasa dícharbónaithe eile.

#### 5.4.1.11 Inis Córthaidh a Athshamhlú

Is tionscadal ealaíne poiblí agus dícharbónaithe pobail é Inis Córthaidh a Athshamhlú, a bhí ar siúl in 2022-23 ar fud bhaile Inis Córthaidh. Freagairt chomhoibríoch, áitbhunaithe ar an ngéarchéim aeráide a bhí ann, ina ndearnadh iniúchadh cruthaitheach ar Inis Córthaidh mar Chrios Dícharbónaithe píolótach Loch Garman.

Bhí an tionscadal ealaíne poiblí seo cómhaoinithe le Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon de chuid Chomhairle Contae Loch Garman agus leis an gClár Éire Ildánach. Cabhraíodh le líonra éiceolaíochta áitiúil a chruthú don ghníomhú ar son na haeráide faoi stiúir na ndaoine. Nascadh comharsana agus grúpaí pobail in Inis Córthaidh lena chéile, agus le táirgeoirí bia áitiúla, grúpaí comhshaoil, ealaíontóirí agus ceardaithe, ionas go bhféadfaí comhrá a thosú faoi bhia - cá as a dtagann sé, conas a fhásaimid é, agus an tionchar ar an gcomhshaol.

## 5.5 Gníomhartha don Chrios Dícharbónaithe

Is iad na húdaráis áitiúla na príomhghníomhaithe chun cur chun feidhme an bheartais aeráide náisiúnta a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil agus tá siad in áit mhaith chun é sin a dhéanamh. Mar sin féin, ní chuimsíonn sainchúram na n-údarás áitiúil údarás díreach ar gach earnáil chun laghduithe ar astaíochtaí a bhaint amach. Is iad seo a leanas freagrachtaí Chomhairle Contae Loch Garman maidir le gníomhú ar son na haeráide:

- Cuntasacht iomlán dár n-astaíochtaí aeráide féin agus dár n-úsáid fuinnimh féin
- Tionchar, comhordú agus éascú inár ról chun gníomhú ar son na haeráide a mholadh.

Is cuid bhunúsach de bhaint amach na spriocanna laistigh de limistéar sainithe an Chreasa Dícharbónaithe é díriú d'aon ghnó ar chur chuige áitbhunaithe i leith gníomhú ar son na haeráide. Leis an gcur chuige áitbhunaithe, tugtar le chéile na torthaí ó bhonn láidir fianaise agus coinníollacha comhthéacs-shonracha, agus déantar comhoibriú níos leithne ag páirtithe leasmhara a chur chun cinn chun beartais shaincheaptha a chruthú chun na torthaí a theastaíonn a bhaint amach. Tá na gníomhartha áitbhunaithe sin don Chrios Dícharbónaithe a sainaithníodh d'Inis Córthaidh liostaithe i dTábla 5.3, áit ar sainaithníodh raon gníomhartha.

Breithnítear sna gníomhartha sin na tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta a bhaineann le dícharbónú, lena n-áirítear aistriú cóir agus sláinte, mar aon leis na comhthairbhí níos leithne a bhaineann le cáilíocht an aeir, sláinte fheabhsaithe, bithéagsúlacht, bainistiú inbhuanaithe talún, leibhéil torainn níos ísle, dramhaíl, uisce agus an geilleagar ciorclach. Ina theannta sin, is féidir le Crios Dícharbónaithe comhthairbhí an oiriúnaithe aeráide a fhiosrú agus scrúdú a dhéanamh ar raon beart áitiúil mar shampla díonadh ar an athrú aeráide, foraoisiú, bonneagar glas agus gorm, éifeachtaí teasoileán a laghdú, feasacht na saoránach, aghaidh a thabhairt ar dhaonra atá ag dul in aois agus athrú iompraíochta.

## CÁS-STAIDÉAR 5:
## Cuibhrinn Phobail Inis Córthaidh

Spás pobail SA chun do bhia féin a fhás, i spás cuibhrinn ar cíos. Úsáideann daoine aonair agus eagraíochtaí mar shampla Wexford Mental Health agus Cottage Autism Network an spás. Tagann siad le chéile chun timpeallacht fháilteach, chothaitheach agus chuimsitheach a chruthú.



*An cruinneachán geodasach i gCuibhrinn Phobail Inis Córthaidh (Cuibhrinn Phobail Inis Córthaidh)*

Tá sé suite ar 1.5 acra talún i Limistéar Uirbeach Inis Córthaidh, a chuir Comhairle Contae Loch Garman ar fáil, agus tá maoiniú faighte aige ó Cheantar Bardasach Inis Córthaidh, ó Chomhairle Contae Loch Garman, ó LEADER agus ón gcomhar creidmheasa áitiúil. Ciallaíonn an meascán sin de chomhpháirtithe maoinithe, in éineacht lena n-éiteas uilechuimsitheach, go léirítear dea-chleachtas do ghníomhaíocht phobail le go leor gnéithe den tionscadal seo.

Faoi láthair, tá ceapacha aonair, ceapóga ardaithe, polatholláin agus limistéir áineasa ann, agus beartaítear fás a chur ar an tionscadal - rud a chuireann deiseanna oiliúna agus forbartha breise ar fáil sa phobal.

Coinnítear táillí ballraíochta bliantúla íseal agus tá liosta feithimh ann le haghaidh ballraíochta.

Táthar ag súil gur féidir na cuibhrinn in Inis Córthaidh a úsáid mar shamhail do ghníomhaíocht fhéideartha i bpobail eile i gContae Loch Garman.

Tá sé d'aidhm ag an raon tionscadal atá beartaithe glacadh le raon teicneolaíochtaí agus beart a thugann aghaidh ar réimsí éagsúla lena n-áirítear:

- Foinsiú Leictreachais
- Bainistíocht teasa
- Riachtanais taistil a laghdú agus modhanna taistil a aistriú i dtreo iompar gníomhach agus iompar poiblí
- Éifeachtúlacht fuinnimh níos fearr i bhfoirgnimh
- Ceapadh carbóin
- Córais stórála agus bainistíochta fuinnimh.

Chun Criosanna Dícharbónaithe a chur chun cinn ar bhealach fiúntach, beidh ar údaráis áitiúla a raon feidhme agus a bhfreagracht maidir le gníomhú ar son na haeráide a mhéadú, na modhanna ar fad atá ar fáil a úsáid agus comhpháirtíochtaí inbhuanaithe a thógáil, chun oibriú thar theorainneacha earnála. Beidh sé ríthábhachtach cur chuige pobalbhunaithe a chothú chun tacaíocht a spreagadh freisin, chomh maith le rannpháirtíocht leanúnach na bpáirtithe leasmhara a spreagadh.

Tugann Criosanna Dícharbónaithe deis uathúil d'údaráis áitiúla oibriú i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara chun:

- Fís shoiléir agus croíchuspóirí a bhunú don Chrios Dícharbónaithe.
- Na príomhréimsí a shainaithint chun tús áite a thabhairt do ghníomhú éifeachtach ar son na haeráide a chur i gcrích agus dul i ngleic leis na bacainní ar é sin a dhéanamh.
- Idirghabhálacha agus nuálaíochtaí éagsúla a phleanáil agus a dhearadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin aeráide.
- Monatóireacht a dhéanamh, foghlaim faoin méid a oibríonn, roinnt, macasamhlú agus uas-scálú de réir mar is gá.
- Rannpháirtíocht bhríoch an phobail agus na bpáirtithe leasmhara (daoine scothaosta agus grúpaí imeallaithe ina measc), gníomhachtú agus slógadh a chomhtháthú in éineacht le cinnteoireacht fhianaisebhunaithe agus rialachas marthanach.
- Coinníollacha lena gcumasófar dícharbónú a chruthú agus a éascú trí gach modh rialála agus beartais atá ar fáil, mar shampla sna réimsí soláthar tithíochta, pleanáil spásúil, forbairt eacnamaíoch, cosaint an chomhshaoil etc.

Tá feidhm ag na <u>bearta</u> seo a leanas maidir leis na gníomhartha uile a liostaítear i dTábla 5.3.

1 Tionscadail um ghníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn,ar tionscadail iad lena dtugtar tacaíocht do chomhthairbhí comhshaoil agus lena n-uasmhéadaítear na comhthairbhí sin, mar shampla an bhithéagsúlacht a cosaint agus cur léi; feabhas a chur ar chaighdeán aeir, uisce nó ithreach; nó feabhas a chur ar luach fóillíochta, áineasa agus oidhreachta cultúrtha, ionas go mbainfear amach tairbhí do chách.

2 Tacú le tionscadail agus tionscnaimh a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide, nó iad a éascú, ina bhféachtar le feabhsúcháin a dhéanamh ar struchtúr, bainistiú agus folláine ithreach trí charbón orgánach ithreach a mhéadú. Leis sin, bainfear amach comhthairbhí don chomhshaol: feabhsófar acmhainn coinneála uisce ithreacha, agus mar sin seasmhacht i gcás tuilte agus méadófar an leibhéal de cheapadh gás ceaptha teasa a bhaineann le feidhmeanna úsáide talún.

3 A chinntiú go ndéanfar an fhorbraíocht ar fad a bhfuil an gníomhú ar son na haeráide mar bhonn nó mar thaca fúithi a phleanáil agus a chur i bhfeidhm ar bhealach ina gcuirfear san áireamh poitéinseal do chomhthairbhí comhshaoil, iarmhairtí comhshaoil féideartha agus ceanglais cosanta comhshaoil. Ní thabharfar tacaíocht d'aon tionscadal forbartha a bhaineann leis an ngníomhú ar son na haeráide más dócha go mbeadh drochthionchar ag an tionscadal ar an gcomhshaol ghlactha.

4 Tacú le deiseanna chun comhcheangailteacht éiceolaíoch a fheabhsú idir gnáthóga agus láithreáin neamhainmnithe chun athléimneacht agus feidhmiú an éiceachórais a fheabhsú, fad a thacófar leis an ngníomhú ar son na haeráide sa chontae.

5 Modhanna inbhuanaithe iompair a mholadh agus a spreagadh le haghaidh gach turas a dhéanann foireann na comhairle mar chuid den obair agus a chinntiú go bhfuil fíorghá leis an turas.

6 Tá Comhairle Contae Loch Garman tiomanta fanacht dílis don Phlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide agus don Chreat Náisiúnta Pleanála, agus do phleananna ábhartha ardleibhéil eile, do bheartais, do nuashonruithe ar chláir agus do mholtaí i dtuarascálacha le linn shaolré an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide.



*Léirshamhlú ar leagan amach féideartha sráid-dreacha do Chearnóg Inis Córthaidh (Coincheap URDF)*

*Tábla 5.3 – Gníomhartha don Chrios Dícharbónaithe*
*Féach Aguisín A le haghaidh Spriocanna agus Cuspóirí DECA a bhaineann le gach gníomh ar son na haeráide.*

| **Rialachas agus Ceannaireacht**<br>**Sprioc GL: Rialachas, Ceannaireacht agus Comhpháirtíochtaí a Chothú ar mhaithe leis an nGníomhú ar son na hAeráide** | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| DZ GL 1 | Inis Córthaidh a chur chun cinn mar bhaile inbhuanaithe, tar éis cuid de na gníomhartha don Chrios Dícharbónaithe a chur i gcrích chun branda agus cáil Inis Córthaidh mar bhaile a fheabhsú | Oiriúnú agus Maolú | a) An líon míreanna faoi aistriú Inis Córthaidh a chlúdaítear sna meáin<br>b) An méid rannpháirtíochta ar na Meáin Shóisialta le poist a chuireann na gníomhartha in Inis Córthaidh chun cinn | **An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide**<br>**Cumarsáid**<br>LRP | 2025 | Comhaontú gnó maidir le teachtaireachtaí cur chun cinn | 5.6<br>2.3<br>4.2<br>4.3<br>5.2 |
| DZ GL 2 | Foireann Forfheidhmithe don Chrios Dícharbónaithe a fhorbairt chun cur i bhfeidhm na ngníomhartha don Chrios Dícharbónaithe a chomhordú | Oiriúnú agus Maolú | Foireann ceaptha agus ag obair | **An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide**<br>**Comhaltaí Cheantar Inis Córthaidh**<br>**Leabharlann Inis Córthaidh**<br>**Ionadaithe ó Lucht Gnó agus Pobail Inis Córthaidh** | 2024 | Fáil ar fhoireann<br>Fáil ar phobal | 1.5<br>4.3<br>4.4<br>2.3 |
| DZ GL 3 | Cabhrú le gnólachtaí in Inis Córthaidh a bheith ar an eolas faoina lorg carbóin agus faoin méid is féidir leo a dhéanamh chun é a laghdú | Oiriúnú agus Maolú | An líon gnólachtaí a bhaineann leas as oiliúint, cláir feasachta, oideachas comhshaoil | **An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide**<br>**Comhshaol**<br>**Pobal Gnó Inis Córthaidh**<br>**Leabharlann Inis Córthaidh** | 2029 | Toilteanas an phobail ghnó a bheith rannpháirteach | 4.2<br>4.4<br>5.2<br>5.6 |

| Rialachas agus Ceannaireacht<br>Sprioc GL: Rialachas, Ceannaireacht agus Comhpháirtíochtaí a Chothú ar mhaithe leis an nGníomhú ar son na hAeráide | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| DZ GL 4 | Tá Comhairle Contae Loch Garman chun foirgnimh i gCrios Dícharbónaithe Inis Córthaidh a uasghrádú a oiread is féidir, go dtí rátáil BER B2 ar a laghad, faoin gClár Náisiúnta Iarfheistithe don Éifeachtúlacht Fuinnimh, i gcomhréir le spriocanna na Roinne. Beidh BER ag gach réadmhaoin atá á ligean ar cíos agus aird chuí á tabhairt ar leochaileacht timpeallachta, cuir i gcás gabhdóirí daonna áitiúla, láithreáin Eorpacha agus bithéagsúlacht, agus an gá atá le struchtúir faoi chosaint a chosaint agus a chaomhnú i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha maidir le struchtúir chosanta | Maolú | An líon tithe a ndéantar iarfheistiú orthu in aghaidh na bliana i gCrios Dícharbónaithe Inis Córthaidh | **An Rannóg Tithíochta**<br>**An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide** | 2024-2029 | Maoiniú ón Roinn ag leanúint ar aghaidh don scéim | 2.1<br>1.1<br>1.4<br>2.3<br>3.5 |

| **Timpeallacht Thógtha agus Iompar<br>Sprioc BET: Laghduithe ar Astaíochtaí Carbóin agus Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh do 2030 a bhaint amach trínár dtimpeallacht thógtha agus iompar** | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| DZ BET 1 | Oibriú le Tionscadail Speisialta, leis an bhFoireann um Thaisteal Gníomhach agus le muintir Inis Córthaidh ar Phlean Athnuachana Lár Bhaile Inis Córthaidh (TCRP), agus aird chuí á tabhairt ar leochaileacht timpeallachta, cuir i gcás gabhdóirí daonna áitiúla, láithreáin Eorpacha agus bithéagsúlacht, agus an gá atá le struchtúir faoi chosaint a chosaint agus a chaomhnú i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha maidir le struchtúir chosanta | Oiriúnú agus Maolú | a) % Laghdú ar thrácht, turais ghluaisteáin<br>b) An líon turas a dhéantar ar iompar poiblí<br>c) An líon spásanna páirceála carranna a bhaintear amach<br>d) Méadair chearnacha den réimse poiblí/limistéir do choisithe a cruthú<br>e) An líon foirgneamh folamh a bhfuil úsáid úr ann dóibh | **Tionscadail Speisialta, An Fhoireann um Thaisteal Gníomhach**<br>Ceantar Bardasach Inis Córthaidh<br>Pleanáil | 2024-2029 | Fáil ar mhaoiniú agus acmhainní | 1.5<br>3.5<br>4.1 |
| DZ BET 2 | Grúpaí rannpháirtíochta páirtithe leasmhara a bhunú do na hearnálacha Fuinnimh Inathnuaite, Iompair, Cónaithe, Oideachais agus Tráchtála | Oiriúnú agus Maolú | Meithleacha oibre a bhunú | An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide<br>Ceantar Inis Córthaidh<br>Pobal Inis Córthaidh<br>Pobal Gnó<br>Scoileanna | 2024 | Leas earnála agus infhaighteacht | 2.1<br>3.4 |

| Timpeallacht Thógtha agus Iompar<br>Sprioc BET: Laghduithe ar Astaíochtaí Carbóin agus Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh do 2030 a bhaint amach trínár dtimpeallacht thógtha agus iompar | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| DZ BET 3 | Plean Iompair Áitiúil Cheantar Inis Córthaidh a fhoilsiú agus bearta a shainaithint lena gcur i bhfeidhm, agus an méid a leanas a chinntiú maidir leis an bplean: | Oiriúnú | a) Plean Iompair Áitiúil Cheantar Inis Córthaidh a Fhorbairt<br>b) Roinnt beart nua a chur i bhfeidhm mar thoradh díreach ar an bPlean Iompair Áitiúil (faoi réir a nglactha) | **An Fhoireann um Thaisteal Gníomhach**<br>An tÚdarás Náisiúnta Iompair | 2024 | Maoiniú le leithdháileadh in 2024 | 3.4<br>3.5 |
| DZ BET 4 | Iarratas a dhéanamh chuig Bonneagar Iompair Éireann chun Bus Baile a sholáthar in Inis Córthaidh | Maolú | Seirbhís Bus Baile a Chur leis | **Nasc Áitiúil Loch Garman**<br>Bonneagar Iompair Éireann<br>An Fhoireann um Thaisteal Gníomhach<br>An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide | 2025 | Leithdháileadh acmhainní, Bonneagar Iompair Éireann | 2.1<br>3.4<br>2.3<br>4.4 |
| DZ BET 5 | Staidéar féidearthachta a dhéanamh ar sheirbhís Páirceála agus Taistil a sholáthar in Inis Córthaidh agus aird chuí á tabhairt ar shrianta agus ar bhreithnithe maidir le trácht agus iompar, pleanáil agus an comhshaol | Maolú | Staidéar Féidearthachta a fhoilsiú | **An Fhoireann um Gníomhú ar son na hAeráide**<br>Ceantar Bardasach Inis Córthaidh<br>Taisteal Gníomhach | 2029 | Maoiniú | 2.3<br>3.4<br>4.4 |

| **Timpeallacht Thógtha agus Iompar<br>Sprioc BET: Laghduithe ar Astaíochtaí Carbóin agus Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh do 2030 a bhaint amach trínár dtimpeallacht thógtha agus iompar** | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| DZ BET 6 | Imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le stadanna bus a chur leis na seirbhísí atá ann cheana féin ag roinnt áiteanna lena n-áirítear céanna Inis Córthaidh do gach cóiste/ bus a théann ó thuaidh agus ar an R772 ar an taobh ó thuaidh de thimpeallán na Stolp Dubh, agus aird chuí á tabhairt ar leochaileacht timpeallachta cuir i gcás an timpeallacht ghlactha uisce, caighdeán an aeir go háitiúil, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha agus an oidhreacht chultúrtha | Maolú | Stadanna bus a bhunú | **Ceantar Bardasach Inis Córthaidh**<br>An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide<br>Nasc Áitiúil<br>Wexford Bus | 2026 | Plean Iompair Áitiúil Inis Córthaidh a Fhoilsiú | 2.1<br>3.4<br>4.4 |
| DZ BET 7 | An chomharscéim rothar leictreach a chur ar fáil in Inis Córthaidh agus aird chuí á tabhairt ar leochaileacht timpeallachta, cuir i gcás an timpeallacht ghlactha uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, caighdeán an aeir go háitiúil agus an oidhreacht chultúrtha. | Maolú | a) rothair leictreacha a chur ar fáil don chomharscéim rothar ar bhonn trialach<br>b) An úsáid a rianú i gciliméadair | **An Rannóg Bóithre**<br>An Fhoireann um Thaisteal Gníomhach<br>Rothair Bolt | 2026 | Fáil ar mhaoiniú | 2.3<br>4.4<br>4.3 |
| DZ BET 8 | Tionscadal um Thaisteal Gníomhach ag Scoil Náisiúnta Aodháin bunaithe ar an Scéim Bealaí Sábháilte chun na Scoile agus aird chuí á tabhairt ar leochaileacht timpeallachta, cuir i gcás an timpeallacht ghlactha uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, caighdeán an aeir go háitiúil agus an oidhreacht chultúrtha. | Oiriúnú | An líon daltaí a d'athraigh an modh iompair, tar éis don tionscadal a bheith curtha i gcrích | **Taisteal Gníomhach**<br>An tÚdarás Náisiúnta Iompair<br>An Taisce | 2024/2025 | Maoiniú €80k leithdháilte in 2023 | 4.6<br>2.3<br>1.3<br>4.3 |

| **Timpeallacht Thógtha agus Iompar<br>Sprioc BET: Laghduithe ar Astaíochtaí Carbóin agus Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh do 2030 a bhaint amach trínár dtimpeallacht thógtha agus iompar** | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| DZ BET 9 | Imscrúdú a dhéanamh ar inmharthanacht staighre beo lasmuigh ar shráideanna a bhfuil fánaí géara acu, agus aird chuí á tabhairt ar chúrsaí pleanála, comhshaoil agus oidhreachta cultúrtha | Maolú | Staidéar Féidearthachta a chur i gcrích | **Tionscadail Speisialta**<br>**An Fhoireann um Thaisteal Gníomhach**<br>Ceantar Bardasach Inis Córthaidh | 2025 - 2029 | Maoiniú agus oiriúnacht na haeráide agus an tsráid-dreacha | 2.3<br>1.1<br>4.6 |
| DZ BET 10 | Iniúchadh a dhéanamh ar an teicneolaíocht atá ar fáil chun comhroinnt carranna a chur chun cinn d'oibrithe i mBaile Inis Córthaidh | Maolú | Meastóireacht ar sholáthraithe féideartha déanta agus foilsithe | An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide agus an Pobal Gnó | 2024 | Tacaíocht ó úinéirí carranna<br>Costais<br>Teicneolaíochta | 2.3<br>4.3<br>1.1<br>4.6<br>5.1 |
| DZ BET 11 | Measúnú a dhéanamh ar bheartais pháirceála carranna don Chrios Dícharbónaithe chun an líon carranna a úsáidtear laistigh de Lár an Bhaile a laghdú | Maolú | a) An líon laethanta/trialacha de laethanta saor ó charranna sa Chrios Dícharbónaithe<br>b) Tuarascáil foilsithe tar éis laethanta saor ó charranna | Ceantar Bardasach Inis Córthaidh | 2024 - 2026 | Tacaíocht ón bpobal gnó | 2.3 |
| DZ BET 12 | Idirchaidreamh a dhéanamh leis an nGrúpa Stiúrtha um Théamh Ceantair maidir le láithreáin fhéideartha a shainaithint le haghaidh Chóras Téimh Ceantair Inbhuanaithe in Inis Córthaidh, cur chun cinn a dhéanamh ina leith agus tionchar a imirt chun a chinntiú go mbeidh an tionscadal suite go cuí ag féachaint do shrianta agus breithnithe pleanála agus comhshaoil | Maolú | Staidéar féidearthachta curtha i gcrích chun oiriúnacht a mheas agus Láithreáin Fhéideartha a shainaithint (más oiriúnach) | An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide.<br>An Grúpa Stiúrtha um Théamh Ceantair (DECC).<br>Pleanáil | 2025/2026 | Oiriúnacht láithreán<br>Maoiniú<br>Plean Ceantair Áitiúil | 6.1<br>6.2<br>6.3<br>5.1<br>4.3 |

| Timpeallacht Thógtha agus Iompar<br>Sprioc BET: Laghduithe ar Astaíochtaí Carbóin agus Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh do 2030 a bhaint amach trínár dtimpeallacht thógtha agus iompar | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| DZ BET 13 | Meastachán a dhéanamh ar an acmhainneacht gréine laistigh de Chrios Dícharbónaithe Inis Córthaidh agus ar na costais ghaolmhara agus aird chuí á tabhairt ar bhreithnithe pleanála agus cosanta comhshaoil, lena n-áirítear tionchair fhéideartha ó lonrú agus dallrú | Maolú | a) Staidéar Féidearthachta curtha i gcrích<br>b) Meastacháin ar chostais déanta | **An Rannóg Comhshaoil, Comhairle Contae Loch Garman**<br>Pleanáil<br>An Rannóg Réadmhaoine<br>An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide<br>Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe Inis Córthaidh,<br>Ceantar Bardasach Inis Córthaidh<br>Gnólachtaí Inis Córthaidh<br>Comhaontas Pobail Inis Córthaidh | 2025 | Fáil ar fhigiúirí cruinne<br>Comhoibriú an luchta ghnó in Inis Córthaidh<br>Fáil ar sholáthraithe chun meastacháin a thabhairt | 1.4 |
| DZ BET 14 | Idirchaidreamh a dhéanamh leis na Scoileanna sa Chrios Dícharbónaithe maidir le córais fhótavoltacha gréine a shuiteáil, agus aird chuí á tabhairt ar bhreithnithe pleanála agus cosanta comhshaoil, lena n-áirítear tionchair fhéideartha ó lonrú agus dallrú | Maolú | An líon suiteálacha córas fótavoltach gréine i scoileanna | An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide<br>Scoileanna Inis Córthaidh<br>Comhlachtaí maoinithe | 2029 | Fáil ar mhaoiniú do chórais fhótavoltacha gréine i scoileanna<br>Fáil ar sholáthróirí oiriúnacha laistigh den tréimhse ama ar fáil | 3.4 |
| DZ BET 15 | Imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le tionscadail fuinnimh inathnuaite ar scála beag cuir i gcás grian agus gaoth agus a chinntiú ag an am céanna go dtabharfar aird chuí sa staidéar ar shrianta agus breithnithe pleanála agus cosanta comhshaoil | Maolú | Staidéar Féidearthachta curtha i gcrích | An Rannóg Comhshaoil, Comhairle Contae Loch Garman.<br>Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe Inis Córthaidh<br>SEAI<br>SEEA | 2024 - 2029 | Suíomhanna oiriúnacha de réir srianta pleanála<br>Fáil ar mhaoiniú | 2.3<br>4.1<br>3.4 |

| Timpeallacht Thógtha agus Iompar<br>Sprioc BET: Laghduithe ar Astaíochtaí Carbóin agus Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh do 2030 a bhaint amach trínár dtimpeallacht thógtha agus iompar | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| DZ BET 16 | Oibriú leis an Rannóg Oidhreachta agus le Ceantar Bardasach Inis Córthaidh chun úsáid úr a thabhairt d'fhoirgnimh fholmha atá ann cheana agus chun iad a athúsáid agus chun imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le táirgí inslithe inbhuanaithe nua a úsáid i bhFoirgnimh Oidhreachta in Inis Córthaidh agus aird chuí á tabhairt ar leochaileacht comhshaoil, cuir i gcás gabhdóirí daonna áitiúla, láithreáin Eorpacha agus bithéagsúlacht, agus an gá atá le struchtúir faoi chosaint a chosaint agus a chaomhnú i gcomhréir leis na rialachán ábhartha maidir le struchtúir chosanta | Maolú | a) An líon foirgneamh a úsáideann táirgí inslithe inbhuanaithe ar bhonn píolótach<br>b) An líon beart a chuirtear i bhfeidhm i bhfoirgneamh.<br>c) An líon foirgneamh a roghnaítear chun úsáid úr a thabhairt dóibh.<br>d) An líon foirgneamh a dtugtar úsáid úr dóibh | An Rannóg Oidhreachta<br>Pleanáil<br>SEAI<br>SEEA | 2024 - 2029 | Fáil ar mhaoiniú<br>Oiriúnacht foirgneamh | 2.3<br>3.4<br>4.1 |
| DZ BET 17 | Imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le luchtaire feithiclí leictreacha ardluais a bheith á chómhaoiniú ag cuideachtaí lena úsáid ag na cuideachtaí sin laistigh dá n-eastát tionsclaíoch féin, agus aird chuí ar leochaileacht comhshaoil, cuir i gcás an timpeallacht ghlactha uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, caighdeán an aeir áitiúil, an oidhreacht chultúrtha | Oiriúnú agus Maolú | a) Staidéar Féidearthachta curtha i gcrích<br>b) An líon cuideachtaí rannpháirteach sa scéim | An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide<br>Pobal Gnó Inis Córthaidh | 2026 | Comhoibriú an luchta ghnó in Inis Córthaidh | 4.6<br>5.2 |
| DZ BET 18 | Soilse sráide na Comhairle i gCrios Dícharbónaithe Inis Córthaidh a athsholáthar le soilse LED agus, san am céanna, féachaint lena chinntiú go gcoinneofar na leibhéil lúmain agus raon speictreach nó go ndéanfar iad a laghdú/a rialú ionas nach gcuirfear as don bhithéagsúlacht | Maolú | a) An líon soilse a athsholáthraítear le soilse LED sa Chrios Dícharbónaithe<br>b) Coigilteas fuinnimh agus laghdú $CO_2$ a ríomh | Comhshaol Bóithre | 2025 | Fáil ar mhaoiniú | 1.5<br>3.3 |

**Timpeallacht Thógtha agus Iompar**
**Sprioc BET: Laghduithe ar Astaíochtaí Carbóin agus Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh do 2030 a bhaint amach trínár dtimpeallacht thógtha agus iompar**

| Uimh. | Gníomh | Oiriúnú agus Maolú | PTF | An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe | Tréimhse Ama | Nithe a bhfuil sé spleách orthu | Sprioc/ Cuspóir DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| DZ BET 19 | Ceardlann a eagrú leis na rannóga ábhartha de Chomhairle Contae Loch Garman maidir le córais draenála inbhuanaithe | Oiriúnú | a) Ceardlann maidir le córais draenála inbhuanaithe a shocrú.<br>b) An líon daoine i láthair ag ceardlann | **An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide**<br>Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil | 2026 | Acmhainní foirne | 2.3<br>3.3 |
| DZ BET 20 | Aighneacht a dhéanamh chuig na comhlachtaí SatNav/ GPS maidir le feithiclí earraí troma a atreorú as baile Inis Córthaidh | Maolú | Atreorú rathúil ionas nach rachaidh feithiclí earraí troma ar shráideanna cúnga | **An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide, Ceantar Bardasach Inis Córthaidh Soláthraithe** SatNav/GPS | 2025 | An t-atreorú á chur i bhfeidhm ag soláthraithe SatNav/ GPS de réir mar a iarrtar | 2.1 |

| Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas<br>Sprioc NEGI An timpeallacht nádúrtha i gContae Loch Garman a chosaint agus a fheabhsú d'fhonn tacú leis an mbithéagsúlacht, an t-athrú aeráide a mhaolú agus tionchair dhiúltacha an athraithe aeráide a laghdú. | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| DZ NEGI 1 | Oibriú le Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO) ar Phlean Bainistíochta Dobharcheantair Píolótach na Sláine agus ar Fhóraim Dhobharcheantair na Sláine chun rannpháirtíocht níos mó an phobail i mbainistíocht uisce a éascú, faoin bPlean Bainistíochta Abhantraí 2022-2027 agus chun tacú le cur i bhfeidhm na mbeart feabhsúcháin agus maolaithe ábhartha uile a theastaíonn chun caighdeán maith nó ardchaighdeáin uisce a choinneáil nó a bhaint amach sa Chontae | Oiriúnú | An líon rannpháirtithe i láthair ag imeachtaí feasachta | **Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil**<br>CCLG<br>Grúpaí Deonacha in Inis Córthaidh | Ar bun | Acmhainní foirne | 4.6<br>3.1<br>3.3<br>3.5 |
| DZ NEGI 2 | Imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le staidéar píolótach a chur i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar astaíochtaí CO2 fíor-ama sa Chrios Dícharbónaithe | Maolú | a) Monatóirí CO2 a shuiteáil agus bunlíne a bhunú<br>b) Léamha athbhreithnithe bliantúla tar éis gníomhartha | **An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide, An Rannóg Comhshaoil**<br>Dogpatch Labs<br>Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt<br>Google | 2024/2025 | Fáil ar mhaoiniú<br>Acmhainní foirne | 1.5<br>3.1 |
| DZ NEGI 3 | Ionad Athchúrsála Inis Córthaidh a mhéadú agus a chur chun cinn le bheith ina mhol athúsáide don gheilleagar ciorclach agus ag an am céanna a chinntiú go ndéantar gníomhaíochtaí ag an tsaoráid de réir an Achta um Bainistiú Dramhaíola agus na gcoinníollacha a bhaineann le bainistiú agus cosaint an chomhshaoil atá sa chead saoráide dramhaíola don tsaoráid | Maolú | a) Méadú ar an úsáid a bhaintear as an ionad athchúrsála<br>b) Méadú ar an raon táirgí is féidir a athúsáid, a dheisiú nó a athchúrsáil | An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide<br>Comhshaol<br>Pobal Inis Córthaidh<br>LRP | 2029 | Toilteanas an phobail na seirbhísí a úsáid | 4.2<br>5.1<br>5.2<br>5.4 |

| **Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas**<br>**Sprioc NEGI An timpeallacht nádúrtha i gContae Loch Garman a chosaint agus a fheabhsú d'fhonn tacú leis an mbithéagsúlacht, an t-athrú aeráide a mhaolú agus tionchair dhiúltacha an athraithe aeráide a laghdú.** | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| DZ NEGI 4 | Measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht Pháirc Lúcáis chun athbhunú éiceolaíoch agus ceapadh carbóin a dhéanamh ann | Oiriúnú | Staidéar Féidearthachta curtha i gcrích | **An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide** | 2025 | Oiriúnacht ithreach nó topagrafaíochta<br>Maoiniú | 2.3<br>3.3 |

| Pobail, Teacht Aniar agus Aistriú<br>Sprioc CRT Pobail Áitiúla a spreagadh le bheith ag gníomhú ar son na haeráide, teacht aniar a mhéadú agus aistriú cóir a bhaint amach | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| DZ CRT 1 | Clár Gníomhartha a chruthú agus a chur chun cinn, a bhféadfadh pobail agus gnólachtaí i gCrios Dícharbónaithe Inis Córthaidh nuashonrú a dhéanamh air, ina liostaítear na gníomhartha aeráide uile atá curtha i gcrích acu | Oiriúnú<br>Maolú | a) An líon iontrálacha<br>b) An líon grúpaí a chuireann sonraí isteach i ndoiciméad an Chláir Ghníomhartha | **An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide**<br>Grúpaí pobail Inis Córthaidh<br>Gnólachtaí Inis Córthaidh | 2024-2029 | Toilteanas gnólachtaí agus grúpaí pobail a gcuid gníomhartha a chur sa Chlár | 5.5<br>5.6<br>2.3 |
| DZ CRT 2 | Oibriú le Scoileanna agus le hInis Córthaidh inbhuanaithe ar thionscnaimh um Aistriú Cóir agus Uaschúrsáil, mar shampla Laethanta Malartaithe Éidí, oiliúint i ndeisiúcháin rothar agus malartú rothar, mar chuid de sceidealú imeachtaí na Leabharlainne | Oiriúnú<br>Maolú | Rannpháirtíocht scoileanna agus daltaí i dtionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide | Tionscadail Speisialta, An Fhoireann um Thaisteal Gníomhach<br>Ceantar Bardasach Inis Córthaidh<br>Leabharlann Inis Córthaidh<br>Inis Córthaidh Inbhuanaithe | Ar bun | Cumas scoileanna tacú leis na gníomhartha seo | 4.6<br>5.2 |
| DZ CRT 3 | Grúpaí sa tsochaí a bhfuil dúshlán eacnamaíoch rompu agus iad ag déileáil le gníomhú ar son na haeráide a shainaithint, plean curtha i bhfeidhm chun cabhrú leis na codanna sin den tsochaí. | Oiriúnú<br>Maolú | Staidéar ar dhúshláin sainaitheanta agus foilsithe | An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide<br>Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt<br>Grúpaí Óige atá ag obair sa cheantar<br>Carthanais atá ag obair sa cheantar | 2026 | Easpa cumais laistigh den phobal spriocdhírithe chun tabhairt faoin obair bhreise seo<br>Fáil ar Mhaoiniú | 6.2<br>6.1 |
| DZ CRT 4 | Oibriú i gcomhar le cláir ealaíon, chultúir agus chruthaitheachta chun gníomhú ar son na haeráide a dhéanamh, agus béim ar leith á cur ar an gClár Ealaíon Áiteanna Cruthaitheacha in Inis Córthaidh 2023-2026 agus ar an gClár Éire Ildánach | Oiriúnú<br>Maolú | An líon tionscadal agus idirghníomhaíochtaí | **An Oifig Ealaíon**<br>Éire Ildánach<br>An Chomhairle Ealaíon<br>Inis Córthaidh Inbhuanaithe, Áiteanna Cruthaitheacha Inis Córthaidh<br>An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP)<br>Leabharlann Inis Córthaidh | 2024/2025 | Tacaíocht ón bpobal agus maoiniú leanúnach | 4.3<br>4.6 |

| Pobail, Teacht Aniar agus Aistriú<br>Sprioc CRT Pobail Áitiúla a spreagadh le bheith ag gníomhú ar son na haeráide, teacht aniar a mhéadú agus aistriú cóir a bhaint amach | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| DZ CRT 5 | Oibriú leis an Oifig Fiontair Áitiúil chun comórtas 'Ceannaire Gnó Aeráide' a reáchtáil | Oiriúnú<br>Maolú | a) Critéir a fhorbairt don chomórtas Ceannaire Gnó Aeráide.<br>b) Ceannaire Gnó Aeráide a shainaithint gach bliain | **Oifig Fiontair Áitiúil**<br>Comhlachas Tráchtála Loch Garman<br>LEADER<br>An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide<br>Ecomerit | 2024 | Toilteanas gnólachtaí agus grúpaí pobail a gcuid gníomhartha a chur sa Chlár | 5.6<br>1.5 |
| DZ CRT 6 | Obair a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le comharchumann tacsaí Feithiclí Leictreacha | Maolú | Staidéar Féidearthachta curtha i gcrích | **An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide**<br>Meitheal Machnaimh le haghaidh Ghníomhú ar Athrú Sóisialta (TASC)<br>Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe Inis Córthaidh<br>SEEA<br>Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann (ZEVI)<br>Ceantar Bardasach Inis Córthaidh<br>An tÚdarás Náisiúnta Iompair | Ar bun | 2024 - 2026 | 6.2<br>5.5<br>5.6<br>1.5 |

| Inbhuanaitheacht agus Bainistiú Acmhainní<br>Sprioc SRM Cultúr coiscthe, laghdaithe, athúsáide agus athchúrsála acmhainní a chruthú agus a fheabhsú d'fhonn an geilleagar ciorclach a chur chun cinn | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú agus Maolú** | **PTF** | **An Rannóg i gCeannas agus Comhpháirtithe** | **Tréimhse Ama** | **Nithe a bhfuil sé spleách orthu** | **Sprioc/ Cuspóir DECA** |
| DZ SRM 1 | Ceardlanna\tionscnaimh faoi inbhuanaitheacht agus éifeachtúlacht fuinnimh a reáchtáil, eolas faoi mhaoiniú deontais a mhéadú agus cabhrú le muintir Inis Córthaidh iarratais ar dheontais a dhéanamh | Maolú | a) An líon ceardlann faoi éifeachtúlacht fuinnimh<br>b) An líon daoine i láthair ag ceardlanna | **An Rannóg Comhshaoil, Comhairle Contae Loch Garman.**<br>**Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe Inis Córthaidh**<br>SEAI<br>SEEA<br>Leabharlann Inis Córthaidh | 2024-2029 | An líon daoine a fhreastalaíonn | 4.3<br>1.4<br>3.4 |
| DZ SRM 2 | Oibriú leis an bpobal chun naisc a chruthú idir gníomhú ar son na haeráide, caighdeán an aeir agus na comhthairbhí don tsláinte i gCrios Dícharbónaithe Inis Córthaidh | Maolú | An líon daoine a fhreastalaíonn ar chlár feasachta | **Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe Inis Córthaidh**<br>An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide<br>Leabharlann Inis Córthaidh<br>LRP | 2024-2029 | Fáil ar mhaoiniú | 4.2<br>1.4 |
| DZ SRM 3 | Oibriú le gnólachtaí Inis Córthaidh, le Comhlachas Tráchtála Inis Córthaidh agus le Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe Inis Córthaidh chun tionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn, mar shampla Go-Cups, soilsiú ar leibhéal íseal i siopaí, agus tacú le tionscnaimh nua ghnó maidir le laghdú fuinnimh | Maolú | a) An líon gnólachtaí a ghlacann bearta aeráide<br>b) An líon na seaimpíní Gnó atá i bhfeidhm | **An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide**<br>Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe Inis Córthaidh<br>Ceantar Inis Córthaidh<br>Comhshaol<br>Comhlachas Tráchtála Inis Córthaidh | 2025 | Comhaontú an úinéara gnó a bhaint amach<br>Maoiniú<br>Fáil ar chomhordaitheoir | 3.4<br>1.4<br>5.6 |
| DZ SRM 4 | Tionscnamh Comhroinnte Uirlisí Comharsanachta a fhorbairt leis na Bailte Slachtmhara agus Cuibhrinn Inis Córthaidh, i gcomhar leis an 'Leabharlann Rudaí' i Leabharlann Inis Córthaidh | Maolú | Comhroinnt uirlisí i bhfeidhm | **Leabharlann Inis Córthaidh**<br>Gairdíní Pobail Inis Córthaidh | 2027 | Maoiniú<br>Suíomh stórála<br>Rannpháirtíocht grúpaí | 4.6<br>5.4 |



*Glasbhealach an Oirdheiscirt - Céim 1 (Comhairle Contae Loch Garman)*

# 6 Cur chun Feidhme agus Tuairisciú

## 6.1 Cur chun feidhme a phleanáil



*Puifíní ag neadú ar an Sailte Beag agus ar an Sailte Mór*

Comhairle Contae Loch Garman a chuirfidh an Plean Um Ghníomhú ar son na hAeráide chun feidhme. Cé go mbaineann an plean leis an gComhairle go léir, coinnítear úinéireacht an Phlean laistigh den Stiúrthóireacht Tithíochta, Pobail, Leabharlann, Ealaíon, Seirbhísí Éigeandála agus an Chomhshaoil agus an Athraithe Aeráide.

Bhunaigh Comhairle Contae Loch Garman Foireann um Ghníomhú ar son na hAeráide in 2023. Cuimsíonn an fhoireann seo acmhainní tiomnaithe Chomhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide, Oifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus Oifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide. A luaithe a ghlacfaidh an Chomhairle leis an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, is é ról a bheidh ag an bhFoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide ná gníomhú dearfach ar son na haeráide a leabú i ngach gníomhaíocht de chuid Chomhairle Contae Loch Garman; monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha faoin bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus tuairisciú agus meastóireacht ar an bPlean a chomhordú don Ghrúpa um Beartas Straitéiseach agus do na Comhaltaí Tofa. Faigheann an chroí-Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide tacaíocht ó Ghrúpa Stiúrtha tras-rannach níos leithne um Ghníomhú ar son na hAeráide agus ón bhfoireann Fuinnimh i gComhairle Contae Loch Garman. Beidh an Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide ina pointe teagmhála don phobal chun foghlaim faoi ghníomhú ar son na haeráide sa Chontae.



*An murlach ag Loch Tóchair*

Oibreoidh Comhairle Contae Loch Garman i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht le raon príomhpháirtithe leasmhara chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide. Áirítear leis na páirtithe leasmhara sin, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Gníomhaireacht Bainistíochta Contae agus Cathrach
- Grúpaí Pobail ar fud an Chontae lena n-áirítear: Aoisbhá Éireann, Comhairle na nÓg, Grúpaí Comhshaoil Áitiúla, Bailte Slachtmhara
- An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
- Oifig Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre um Ghníomhú ar son na hAeráide
- Tionól Réigiúnach an Oirthir agus an Lár Tíre
- Pobail Feirmeoireachta
- Grúpa Náisiúnta Oiliúna Sheirbhísí na nÚdarás Áitiúil
- An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil
- Na húdaráis áitiúla máguaird de chuid Chontae Chill Mhantáin, Chontae Cheatharlach, Chontae Chill Chainnigh agus Chontae agus Chathair Phort Láirge
- Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
- Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt
- Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe

Cuirfidh na comhpháirtíochtaí sin deiseanna comhoibrithe ar fáil maidir le tionscadail, foghlaim chomhroinnte, tacaíocht theicniúil agus leas a bhaint as deiseanna maoinithe le

linn chur chun feidhme an Phlean.

Tuigtear gur dúshlán trasteorann é an t-athrú aeráide; ní stopann sé ag teorainneacha polaitiúla agus geografacha agus beidh aird againn ar an bhfoilseachán de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil dar teideal 'Climate Change in the Irish Mind'. Dá réir sin, tá cur chuige réigiúnach comhaontaithe ag na húdaráis áitiúla in Oifig Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre um Ghníomhú ar son na hAeráide lena ngeallann na húdaráis áitiúla is comhaltaí oibriú i ndlúthchomhar maidir le cur chun feidhme na bPleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Tar éis faomhadh an Phlean, forbrófar Plean Cur Chun Feidhme do gach gníomh, ina leagfar amach go mion conas a chuirfear an gníomh i gcrích, cén roinn atá freagrach as agus amscálaí. Déanfaidh Comhairle Contae Loch Garman uainiú na n-eatramh tuairiscithe inmheánaigh ar an gcur chun feidhme a ailíniú le huainiú na gceanglas earnála maidir le tuairisciú ar an dul chun cinn.



*Grúpa Stiúrtha Chomhairle Contae Loch Garman um Gníomhú ar son na hAeráide, 2024*

CÁS-STAIDÉAR 6:

**Cuan Loch Garman | Línte Na Farraige**

(lintenafarraige.com)



Suiteálacha solais beirt ealaíontóirí san Fhionlainn, Timo Aho agus Pekka Niittyvirta, an spreagadh do Línte na Farraige. D'oibrigh an fhoireann tionscadal le heolaithe as Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Mhá Nuad, leis na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO) agus le hÚdaráis Áitiúla, chomh maith le dearthóirí ó Algartam agus Native Events.

Ghlac Comhairle Contae Loch Garman páirt sa tionscadal seo agus lonnaíodh an tsuiteáil ag Cuan Loch Garman. Léiríonn na línte solais an t-ardú a thiocfaidh ar leibhéal na farraige amach anseo bunaithe ar thuartha i dTuarascáil an Phainéil Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide 2021 agus ar shonraí stairiúla faoi bhorrthaí stoirme. Léiríonn an líne solais seo an cás is measa. Painéil ghréine a chumhachtaigh an tsuiteáil solais.

Fuair an saothar maoiniú ón gcéad chiste um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide, tionscnamh ón gClár Éire Ildánach i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Tá tionscadail don dara ciste fógartha anois agus tugann siad tuilleadh tacaíochta don ghníomhú ar son na haeráide agus don chomhoibriú idir na healaíona agus na heolaíochtaí chun oideachas a chur ar dhaoine, chun iad a chur ar an eolas agus chun iad spreagadh chun gníomh a dhéanamh.

## 6.2 Spleáchais agus Riosca an Phlean

### 6.2.1 Maoiniú agus Comhpháirtíochtaí

Chun dea-shampla a thabhairt agus chun an t-aistriú chuig sochaí atá neodrach ó thaobh na haeráide de a bhrú chun cinn, beidh ar Chomhairle Contae Loch Garman teacht ar mhaoiniú leordhóthanach le haghaidh tionscadal um ghníomhú ar son na haeráide chun a spriocanna do 2030 agus 2050 a bhaint amach. Is féidir le húdaráis áitiúla teacht ar chineálacha éagsúla maoinithe, cuir i gcás deontais ón rialtais, cistí Eorpacha, infheistíocht san earnáil phríobháideach agus cómhaoiniú pobail. Aithnítear, cé go bhféadfadh sé go mbeidh fáil amach anseo ar ghlaonna nua ar mhaoiniú a bheidh spriocdhírithe ar ghníomhú ar son na haeráide, go ndéanfaidh comhlachtaí maoinithe atá ann cheana féin sruthanna maoinithe le haghaidh chatagóirí atá dírithe ar ghníomhú ar son na haeráide a thabhairt isteach nó a mhéadú. Leanfaidh Comhairle Contae Loch Garman de dheiseanna maoinithe nua agus reatha a shaothrú go gníomhach, ó chomhlachtaí Eorpacha agus Náisiúnta araon atá i gcomhréir lena cuspóirí maidir le gníomhú ar son na haeráide.

Tá comhpháirtíochtaí tábhachtach freisin chun réitigh ísealcharbóin a bhaint amach don earnáil. Tá ról á imirt ag an earnáil phríobháideach cheana féin chun an Cuspóir Náisiúnta Aeráide a bhaint amach agus is féidir leis an gcineál sin comhoibrithe feabhas breise a chur ar chumas na hearnála chun laghdú 51% ar ghás ceaptha teasa na hÉireann a bhaint amach faoi 2030 agus a bheith neodrach ó thaobh na haeráide de tráth nach déanaí ná 2050. Tá tairbhí ann freisin don earnáil rialtais áitiúil as dul i gcomhpháirtíocht leis an earnáil Tríú Leibhéal. Is féidir leis an earnáil Tríú Leibhéal saineolas taighde

agus forbartha a chur ar fáil chun cabhrú le húdaráis áitiúla agus chun réitigh nuálacha a chur chun feidhme chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus chun oiriúnú don athrú aeráide. Is féidir leis na comhpháirtíochtaí sin cabhrú le húdaráis áitiúla teacht ar dheiseanna maoinithe do thionscadail agus tionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide. Spreagfaidh agus éascóidh Comhairle Contae Loch Garman comhoibriú leis an earnáil phríobháideach agus leis an earnáil Tríú Leibhéal nuair is féidir.

### 6.2.2 An Clár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide




*Cur i láthair an Chláir um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide i Leabharlann Ghuaire, Meán Fómhair 2023 (Comhairle Contae Loch Garman)*

Sheol an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ciste an 3 Feabhra 2023 chun pobail ísealcharbóin a thógáil agus tacú leo. Is ciste €24 mhilliún é an Clár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide (Sraith 1) d'údaráis áitiúla chun cabhrú le pobail gníomhú go díreach ar son na haeráide agus chun tacú leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin. Tá €3 mhilliún eile (Sraith 1A) á chur ar fáil chun tacú le tionscnaimh trasteorann agus uile-oileáin um ghníomhú ar son na haeráide. Leithdháileadh €669,000 ar Chomhairle Contae Loch Garman faoi Shraith 1 agus leithdháilfear an ciste seo ar thionscadail a thugann aghaidh ar na cúig théama seo a leanas:

- Fuinneamh pobail
- Taisteal
- Bruscar agus dramhaíl
- Siopadóireacht agus athchúrsáil
- Gníomhú áitiúil ar son na haeráide agus ar son an chomhshaoil.

Faoin gClár Um Ghníomhú ar son na hAeráide, ceanglaítear Oifigigh thiomnaithe um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide a cheapadh i ngach údarás áitiúil chun pobail a

threorú agus tacú leo ón tús. D'earcaigh Comhairle Contae Loch Garman Oifigeach um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide i mí Lúnasa 2023 chun cabhrú le pobail Chontae Loch Garman gníomhú go díreach ar son na haeráide. Beidh tacaíocht airgeadais chun pobail a chumasú ina príomhthosaíocht agus cuirfear béim ar fhoinsí maoinithe féideartha eile a fhiosrú, ó Chomhairle Contae Loch Garman agus ó ghníomhaireachtaí eile. Ach caidreamh a dhéanamh le grúpaí pobail, déanfar na nithe a leanas a chur chun cinn; sainaithint agus cur chun feidhme beart ábhartha um éifeachtúlacht fuinnimh, gníomhartha um fhuinneamh inathnuaite, bearta um oiriúnú agus athléimneacht aeráide, rochtain ar scéimeanna deontais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, an Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus maoiniú ón gCoimisiún Eorpach agus ó fhoinsí eile. Leanfaidh na hOifigí Réigiúnacha don Ghníomhú ar son na hAeráide (CAROnna), an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an tIdirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide, agus comhpháirtithe eile ag tacú le hiarrachtaí na n-údarás áitiúil i rannpháirtíocht saoránach agus páirtithe leasmhara, agus beidh aird acu ar Thionscadal na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (Climate Change in the Irish Mind).

Tá sé d’aidhm ag na gníomhartha sa Phlean seo um Ghníomhú ar son na hAeráide an fhaisnéis cheart a thabhairt do gach saoránach agus do pháirtithe leasmhara eile chun cinntí eolasacha a dhéanamh, agus ar an gcaoi sin cabhrú leo agus iad a chumhachtú chun a gcion féin a dhéanamh in aistriú an Chontae chuig réigiún ísealcharbóin a bheidh athléimneach ó thaobh na haeráide de, in éineacht leis na húdaráis áitiúla máguaird i réigiún CARO an Oirthir agus Lár Tíre. Trí chumarsáid éifeachtach a dhéanamh le saoránaigh, le pobail, le gnólachtaí agus le hearnálacha eile maidir le gníomhú ar son na haeráide, tá fíordheis ann athrú iompraíochta fadtéarmach dearfach a chruthú a mbeidh tionchar suntasach aige ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar thionchair an athraithe aeráide a laghdú amach go dtí 2030, 2050 agus ina dhiaidh sin.

## 6.3 An Dul Chun Cinn a Rianú trí Phríomhtháscairí Feidhmíochta

Leanfar le feidhmíocht Chomhairle Contae Loch Garman maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus laghduithe astaíochtaí a bhaint amach mar a fhorordaítear le hoibleagáidí aeráide náisiúnta, a rianú tríd an gcóras Monatóireachta agus Tuairiscithe seanbhunaithe a bhainistíonn Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI).

I gcás gníomhartha taobh amuigh de sin, rianóidh an Chomhairle an dul chun cinn ar chur i bhfeidhm gníomhartha le Príomhtháscairí Feidhmíochta gaolmhara.

Spreag beartas neartaithe um ghníomhú ar son na haeráide ar an leibhéal náisiúnta freagairt agus tiomantas diongbháilte ón rialtas áitiúil, mar earnáil. Tá an tiomantas sin leagtha amach i straitéis foilsithe an Chumainn Bainistíochta Contae agus Cathrach (CBCC) thar ceann an rialtais áitiúil dar teideal Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Bhaint Amach 2030 (DECA 2021).

Ní mór don earnáil rialtais áitiúil aird ar leith a thabhairt ar chuntasacht mar chuid den ról neartaithe sin um ghníomhú ar son na haeráide, agus go háirithe an cumas rianú, tomhas agus tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn ó thaobh ghníomhú éifeachtach ar son na haeráide a bhaint amach ar leibhéal na n-údarás áitiúil agus ar leibhéal earnála araon. Maidir leis sin, beidh ról tábhachtach ag príomhtháscairí feidhmíochta i gcónaí.

Déanann na CAROnna, in éineacht leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) sonraí faoi théamaí éagsúla a bhailiú ar bhonn bliantúil, lena n-áirítear:


- Acmhainní um Ghníomhú ar son na hAeráide
- Oiliúint i nGníomhú ar son na hAeráide do bhaill foirne na nÚdarás Áitiúil agus do Chomhaltaí Tofa
- Gníomhartha a cuireadh i gcrích
- Tacaíocht fiontraíochta i réimsí an ghníomhaithe ar son na haeráide
- Éifeachtúlacht fuinnimh
- Laghdú ar astaíochtaí
- Bearta don Taisteal Gníomhach
- Freagairt ar Dhrochaimsir

Leanfar le príomhtháscairí feidhmíochta a chur leis an liosta de réir mar a theastaíonn siad ón earnáil agus cuirfidh Comhairle Contae Loch Garman sonraí ábhartha ar fáil chun cabhrú le béim a leagan ar dhul chun cinn na hearnála rialtais áitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide.



*Cuan an tSlaoid (Comhairle Contae Loch Garman)*

## 6.4 Ceanglais agus Socruithe Tuairiscithe




*Fíor 6.1 Oibleagáidí Tuairiscithe do Ghníomhartha Aeráide*

### 6.4.1 Tuairisciú Inmheánach

Chun a chinntiú go mbeidh an seachadadh tráthúil, déanfar monatóireacht ar chur i bhfeidhm an Phlean trí chóras rianaithe inmheánach. Éascóidh an t-údarás áitiúil tuairisciú do chomhaltaí tofa ar bhonn bliantúil freisin, ach déanfar príomhghníomhaíochtaí a thuairisciú níos minice do Choiste Beartas Straitéiseach na Comhairle um Athrú Aeráide, Bithéagsúlacht agus Chomhshaol.

### 6.4.2 Cumarsáid Phoiblí

Áirítear le cumarsáid agus rannpháirteachas le páirtithe leasmhara maidir le Gníomhú ar son na hAeráide:

- Nuachtlitir mhíosúil (tá méadú ag teacht ar an líon síntiúsóirí). Déantar an liosta seoltaí don nuachtlitir a chur chun cinn ar ardáin meán sóisialta Chomhairle Contae Loch Garman
- Meáin áitiúla
- Preaseisiúintí tréimhsiúla.
- Imeachtaí pearsanta le saineolaithe aeráide, leis an bhFoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide agus le baill foirne ábhartha eile de chuid na Comhairle.

### 6.4.3 An Córas Monatóireachta agus Tuairiscithe

Leanfaidh Comhairle Contae Loch Garman dá spriocanna feidhmíochta agus astaíochtaí fuinnimh a thuairisciú don SEAI gach bliain.

### 6.4.4 EnergyElephant

Is córas bainistíochta fuinnimh é EnergyElephant a úsáideann Comhairle Contae Loch Garman, le tacaíocht agus cúnamh ó Ghníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt, chun monatóireacht a dhéanamh ar úsáid fuinnimh agus astaíochtaí i stoc foirgneamh, flít agus soilse poiblí, agus chun cabhrú le tuiscint a fháil ar an úsáid agus ar na hastaíochtaí sin.

### 6.4.5 ISO50001

Bhain Comhairle Contae Loch Garman creidiúnú ISO 50001 amach in 2021. Is Caighdeán Bainistíochta Fuinnimh é caighdeán ISO 50001 maidir le húsáid agus ídiú fuinnimh. Cuireann sé cur chuige córasach ar fáil d'eagraíochtaí chun feabhas leanúnach a bhaint amach maidir le feidhmíocht fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh, úsáid fuinnimh agus ídiú fuinnimh.

Déantar Iniúchtaí Faireachais gach bliain agus déantar Iniúchadh Deimhniúcháin gach 3 bliana.

### 6.4.6 Feidhmíocht Earnála

Tuairisceoidh Comhairle Contae Loch Garman ar a feidhmíocht maidir le gníomhú ar son na haeráide trí phríomhtháscairí feidhmíochta (mar atá leagtha amach i gCuid 6.3) chun bonn eolais a chur faoi fheidhmíocht na hearnála rialtais áitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide, mar chuid den Straitéis um Ghníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Bhaint Amach 2030.

### 6.4.7 An Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide

Déanfaidh Comhairle Contae Loch Garman, de réir chuid 3(w) de Chairt na nÚdarás Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide, monatóireacht, meastóireacht agus tuairisciú, mar atá d'oibleagáid uirthi, don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ar an dul chun cinn maidir le gníomhú ar son na haeráide ar an leibhéal áitiúil mar chuid den chuspóir náisiúnta aeráide a bhaint amach. Déanfar an dul chun cinn maidir le gach gníomh a thuairisciú trí uirlis tuairiscithe a d'fhorbair CARO.



*Oscailt Ghlasbhealach an Oirdheiscirt (Comhairle Contae Loch Garman)*

### 6.4.8 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe




*Fíor 6.2 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe*

Aithníodh i bPlean Forfheidhmithe Náisiúnta na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) 2018-2020 go bhfuil ‘ról ríthábhachtach le himirt ag an gcóras rialtais áitiúil maidir le beartais náisiúnta a aistriú go gníomhaíochtaí inláimhsithe praiticiúla a chabhróidh chun cuspóirí na SFIanna a chur i ngníomh inár n-iompar agus inár spriocanna pearsanta agus pobail.’ Tá sé i gceist ag Dara Plean Forfheidhmithe Náisiúnta na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2022-2024, tógáil ar ról an Rialtais Áitiúil in Éirinn agus tá gníomhartha sonracha ann chun é sin a dhéanamh lena n-áirítear:

- Tionscnaimh atá ann cheana a léiriú, a roinnt agus tógáil orthu
- Forbairt cumais agus ardú feasachta
- Na SFIanna a leabú i gcreataí rialachais agus tuairiscithe
- Na SFIanna a ionchorprú i gcreataí pleanála áitiúla
- Rannpháirtíocht an phobail.

Ina theannta sin, aithnítear Údaráis Áitiúla mar cheann de na naoi Mórghrúpa de chuid Chlár Oibre 2030, a bhfuil ról ríthábhachtach acu i bhforbairt inbhuanaithe. Leagtar béim i gClár Oibre 2030 freisin ar ról sonrach na nÚdarás Áitiúil agus na bpobal i bhforbairt uirbeach inbhuanaithe.

Tá Comhairle Contae Loch Garman ag obair chun na SFIanna a chur chun cinn trí bhearta éagsúla, mar shampla:

- Na SFIanna a ionchorprú i bPleananna Forbartha Corparáideacha agus Contae
- Comhpháirtíochtaí áitiúla agus/nó idirnáisiúnta a bhunú nó dul isteach iontu

- Uirlis mhapála a fhorbairt chun gníomhartha a bhaineann le SFI a mhapáil i limistéar na Comhairle.
- Oiliúint a sholáthar
- Imeachtaí faisnéise a reáchtáil le grúpaí seachtracha lena n-áirítear ollscoileanna, Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí, Bailte Slachtmhara agus Éire Ildánach.



*Comhpháirtíocht Eorpach sa Nuálaíocht Dhún Canann (Comhairle Contae Loch Garman)*

## CÁS-STAIDÉAR 7:
## Comharscéim Rothar Leictreach - Rothair Bolt




Seoladh an chomharscéim rothar leictreach an 17 Bealtaine 2023. Cuireadh 50 rothar leictreach ar fáil don phobal i mBaile Loch Garman. Is comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí í seo, agus chuir an chomhairle 28 láthair pháirceála ar fáil do rothair Bolt ar dtús (méadóidh sé sin go dtí thart ar 45 i mBaile Loch Garman).

Tá an-ghlacadh leis an gcomharscéim rothar leictreach i mBaile Loch Garman. Ó mhí na Bealtaine go dtí mí na Nollag 2023, bhain 3,165 dhuine úsáid as na rothair, agus thaistil siad 64,134km san iomlán. Tá sé deacair an coigilteas $CO_2$ a ríomh go beacht, ós rud é go mbraitheann aschur carbóin an ghnáth-chairr nuair a thiomáintear é ar mhéid an innill. Má ghlactar leis gur mheastachán coimeádach ar aschur é 100g in aghaidh an chiliméadair d'úsáid carranna i gcomparáid le haschur 1-2g le haghaidh rothar leictreach (fiú dá luchtófaí an ceallra agus úsáid eisiach á baint as leictreachas a ghintear le breosla iontaise), bheadh sé sin cothrom le coigilteas iomlán de 6,285kg $CO_2$, nó na hastaíochtaí coibhéiseacha $CO_2$ ó ghnáth-charr amháin a thaistealaíonn 62,850km.

Cuidíonn na rothair leictreacha le Baile Loch Garman a dhéanamh níos inrochtana do dhaoine chomh maith. Tá rath leanúnach na scéime seo le feiceáil sna léirithe spéise ó na pobail mhóra i gContae Loch Garman chun comharscéim rothar leictreach a thabhairt isteach ina mbailte siúd.


# Aguisín A: Beartais agus Cuspóirí DECA


| |
|---|
| **Sprioc Straitéiseach 1: Rialachas, Ceannaireacht agus Comhpháirtíochtaí a Chothú ar mhaithe leis an nGníomhú ar son na hAeráide** |
| Príomhchuspóir 1.1 Tacú leis an rialtas áitiúil mar earnáil cheannaireachta maidir le gníomhú ar son na haeráide, agus tionchar a imirt ar bheartas áitiúil agus náisiúnta ionas gur féidir leo leas éifeachtach a bhaint as an seasamh ceannaireachta sin. |
| Príomhchuspóir 1.2 A chinntiú go mbeidh na húdaráis áitiúla ailínithe, agus go mbeidh acmhainní agus maoiniú acu chun leas a bhaint as an seasamh ceannaireachta sin maidir le gníomhú ar son na haeráide. |
| Príomhchuspóir 1.3 Cumas agus feasacht inmheánach a fhorbairt, ó chomhaltaí tofa go dtí an 28,000 fostaí de chuid an údaráis áitiúil, chun gníomhú ar son na haeráide a leabú ar fud ghníomhaíochtaí uile na n-údarás áitiúil. |
| Príomhchuspóir 1.4 Cumas agus ullmhacht a fhorbairt maidir le bheith ag obair le pobail agus le comhpháirtithe straitéiseacha eile chun gníomhú claochlaitheach ar son na haeráide a chur i bhfeidhm i ngach cathair agus contae. |
| Príomhchuspóir 1.5 Sonraí a bhailiú agus a chomhroinnt lena chinntiú go mbainfear leas as taighde, saineolas agus taithí na n-údarás áitiúil don ghníomhú ar son na haeráide. |
| **Sprioc Straitéiseach 2: Ár spriocanna astaíochtaí carbóin agus éifeachtúlachta fuinnimh do 2030 agus 2050 a bhaint amach** |
| Príomhchuspóir 2.1 Astaíochtaí gás ceaptha teasa ónár gcuid tithíochta, oifigí, bonneagair agus flít iompair a laghdú de réir spriocanna náisiúnta 2030 agus 2050. |
| Príomhchuspóir 2.2 Cion an tsoláthair ghlais a mhéadú ionas gur féidir linn astaíochtaí ó tháirgeadh, ó iompar agus ó dhiúscairt na n-earraí agus seirbhísí a sholáthraítear a thomhas, a bhainistiú agus a laghdú. |
| Príomhchuspóir 2.3 Straitéisí infheistíochta a fhorbairt le haghaidh tionscadal dícharbónaithe claochlaitheach. Díreoidh na straitéisí infheistíochta sin ar na leibhéil laghdaithe astaíochtaí is mó is féidir a bhaint amach |
| **Sprioc Straitéiseach 3: Oiriúnú aeráide agus athléimneacht aeráide a bhaint amach.** |
| Príomhchuspóir 3.1 Leanúint de straitéisí oiriúnaithe aeráide na n-údarás áitiúil a chur i bhfeidhm, rochtain ar shonraí faoi riosca aeráide a fheabhsú agus cabhrú le pobail athléimneacht áitiúil a phleanáil. |
| Príomhchuspóir 3.2 Na deiseanna ó ghníomhú ar son na haeráide a thapú trínár gcomhshaol, ár bhfoirgnimh agus ár mbonneagar a fheabhsú chun athléimneacht aeráide ár n-eagraíochtaí, ár mbonneagar agus ár bpobail a mhéadú. |
| Príomhchuspóir 3.3 Tús áite a thabhairt do réitigh nádúrbhunaithe, nuair is féidir. |
| Príomhchuspóir 3.4 Tacú le gníomhaireachtaí eile pleananna earnála eile a chur i bhfeidhm ar an leibhéal áitiúil. |
| Príomhchuspóir 3.5 Leanúint d'oiriúnú aeráide a chur chun cinn agus a leabú laistigh de gach próiseas pleanála ar aghaidh agus fisicí. |


| Sprioc Straitéiseach 4: Pobail Áitiúla a spreagadh le bheith ag gníomhú ar son na haeráide |
|---|
| Príomhchuspóir 4.1 Na nithe is tábhachtaí do phobail maidir le gníomhú ar son na haeráide agus athléimneacht aeráide – anois agus amach anseo – a shainaithint. |
| Príomhchuspóir 4.2 An pobal a chur ar an eolas faoi bhearta éifeachtacha um ghníomhú ar son na haeráide agus feasacht a chruthú ina leith. |
| Príomhchuspóir 4.3 Tacú le pobail fís do chathracha agus contaetha ísealcharbóin agus athléimneacha fhorbairt i dteannta le chéile. A chur ar a gcumas do phobail leanúint ar aghaidh leis an ngníomhú fiúntach ar son na haeráide a bhfuil tionchar mór aige. |
| Príomhchuspóir 4.4 Comhpháirtíochtaí a lorg agus a fhorbairt le gníomhaireachtaí seachtracha chun borradh a chur faoi thionscadail um ghníomhú ar son na haeráide ar leibhéal an phobail. |
| Príomhchuspóir 4.5 Éileamh ar ghníomhú ar son na haeráide a spreagadh agus a chruthú trí chláir forbartha cumais, ionstraimí beartais/airgeadais agus cláir forbartha agus folláine áitiúla. |
| Príomhchuspóir 4.6 Tionscadail taispeána atá in ann aithris a dhéanamh orthu a chur ar bun ar bhonn píolótach agus meastóireacht a dhéanamh orthu. |
| **Sprioc Straitéiseach 5: An lucht fiontraíochta a spreagadh le bheith ag gníomhú ar son na haeráide agus tacú leis an aistriú chuig geilleagar cuimsitheach, glan-nialasach agus ciorclach** |
| Príomhchuspóir 5.1 An t-athrú aeráide agus an geilleagar ciorclach a leabú i gcur i bhfeidhm na straitéisí eacnamaíocha áitiúla uile agus na bPleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail. |
| Príomhchuspóir 5.2 Forbairt ar gheilleagar glas rathúil a chur chun cinn ina dtacófar le fiontair leas a bhaint as na deiseanna gnó glasa atá a thiocfaidh chun cinn |
| Príomhchuspóir 5.3 Gníomhú ar son na haeráide agus scileanna glasa san oiliúint agus san oideachas a chur chun cinn i gcomhpháirtíocht le Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) agus le hOifigí Fiontair Áitiúla (LEOanna) |
| Príomhchuspóir 5.4 Tabhairt faoi straitéis geilleagair chiorclaigh, bunaithe ar anailís ar na hearnálacha tosaíochta áitiúla, ar shreafaí ábhar agus ar shruthanna dramhaíola, e.g. sreafaí ábhar cathrach agus tionsclaíoch, giniúint dramhaíola agus na roghanna maidir le soláthar ciorclach a fhiosrú. |
| Príomhchuspóir 5.5 Tacú le fás agus forbairt fiontar ísealcharbóin trí chláir forbartha do sholáthraithe a thagann le straitéisí soláthair ghlais. |
| Príomhchuspóir 5.6 Dea-chleachtas a úsáid chun deiseanna eacnamaíocha a eascraíonn as gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn i measc na bhfiontar áitiúil. |

| Sprioc Straitéiseach 6: Aistriú cóir a bhaint amach go háirithe do phobail a d'fhéadfadh a bheith faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch trí thionscadail a dhícharbónú |
|---|
| Príomhchuspóir 6.1 Earnálacha agus pobail atá leochaileach d'éifeachtaí cúlchéimnitheacha an athraithe aeráide agus/nó do thionchair an bheartais aeráide a shainaithint. |
| Príomhchuspóir 6.2 Bearta a shainaithint agus a chur i bhfeidhm chun tacú leis na hearnálacha agus na pobail sin. |
| Príomhchuspóir 6.3 Aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh i dtithíocht shóisialta. |

# Aguisín B: Amlíne na nImeachtaí Aeráide




River flood
Pluvial flood
Extreme Precipitation
Severe windstorm
Storm surge
Coastal erosion
Coastal flood
Heavvy snowfall
Heatwave
Drought
Above average surface temperature
Increase in relative sea level
Above average precipitation
Cold spell
2003
2005
2010
2013
High tides & low pressure Oct 2004
High tides & Gales Oct 2004
High temperature/ heatwave Summer 2006
Heavy rain and flooding Aug 2008
Severe flooding Nov 2009
Winter cold spell Winter 2009/10
Snow Winter 2010
Hurricane Katia Sep 2011


River flood
Pluvial flood
Extreme Precipitation
Severe windstorm
Storm surge
Coastal erosion
Coastal flood
Heavvy snowfall
Heatwave
Drought
Above average surface temperature
Increase in relative sea level
Above average precipitation
Cold spell
2010
2015
2020
2023
Hurricane Katia Sep 2011
Coastal storm Jan 2014
Storm Darwin Feb 2014
Storm Imogen Feb 2016
Snow Winter 2010/11
Winter storms Winter 2013/14
Storm Frank Dec/Jan 2015/16
Storm Ophelia Oct 2017
Storm Eleanor Jan 2018
Storm Emma & Beast from the East Feb/Mar 2018
High temperatures, heatwave, drought Summer 2018
Storm Ali Sep 2018
Storm Callum Oct 2018
Storm Diana Nov 2018
Storm Deirdre Dec 2018
Storm Eric Dec 2018
Storm Lorenzo Oct 2019
Storm Brendan Jan 2020
Heatwave and prolonged heat Summer 2020
Storm Francis Aug 2020
Flooding and high tides Dec 2021
Storm Barra Dec 2021
Heavy rainfall Oct 2021
Heatwave and prolonged heat Summer 2021
Storm Dudly Feb 2022
Storm Eunice Feb 2022
Storm Frankie Feb 2022
Flood warning Mar 2022
Heatwave Jul 2022
Prolonged dry period Aug 2022
Flooding Aug 2022
Storm Danielle Sep 2022
Rainstorm Oct 2022
Mini Tornado Nov 2022
Severe Weather Nov 2022

# Aguisín C: Gluais Téarmaí

**Taisteal Gníomhach:** Taisteal ar chúis éigin agus do chuid fuinnimh féin a úsáid, e.g rothaíocht nó siúl chun na hoibre seachas tiomáint.

**Bithéagsúlacht**: An éagsúlacht de bheatha ainmhithe agus plandaí i ngnáthóg ar leith, a meastar de ghnáth go bhfuil leibhéal ard de tábhachtach agus inmhianaithe.

**Gormbhealach:** Líonra de chonairí áineasa ilghníomhaíochta, bunaithe ar lochanna, canálacha agus aibhneacha áille in Éirinn nó taobh leo.

**Oidhreacht Thógtha:** An fhianaise fhisiciúil ar ár bhforbairt chultúrtha agus is mír é a bhfuil luach aige mar gheall ar an méid a chuireann sé le sochaí, eolas agus/nó cultúr náisiúin.

**Fritháireamh Carbóin:** Laghdú ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin nó gás ceaptha teasa eile a dhéantar chun astaíochtaí a dhéantar in áiteanna eile a chúiteamh.

**CFRAMS: Measúnú agus Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte Dobharcheantair** – Cur chuige náisiúnta maidir le bainistíocht riosca tuilte lena ndéantar scrúdú ar na cúiseanna a bhaineann le tuilte suntasacha ar fud gach ceantair abhantraí agus lena ndéantar pleananna comhtháite de bhearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar na fachtóirí suntasacha riosca tuilte ar bhealach cuimsitheach agus inbhuanaithe.

**Geilleagar Ciorclach:** Samhail eacnamaíoch atá bunaithe ar tháirgí, uirlisí agus ábhar atá ann cheana féin a athúsáid, a dheisiú, a chomhroinnt, a athchúrsáil agus úsáid úr a thabhairt dóibh, go dtí nach féidir é sin a dhéanamh a thuilleadh.

**An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015:** Acht do dhéanamh socrú maidir leis an Rialtas do cheadú pleananna i ndáil leis an athrú aeráide d'fhonn an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, aeráid-díonach agus inchothaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur i bhfeidhm; do bhunú comhlacht ar a dtabharfar An Chomhairle Chomhairleach Shaineolach Náisiúnta um Athrú Aeráide.

**Oiriúnú don Athrú Aeráide:** Tagraíonn sé sin do dhéileáil le tionchar an athraithe aeráide agus gníomh praiticiúil a dhéanamh chun rioscaí a bhainistiú, pobail a chosaint agus athléimneacht a neartú.

**Athrú Aeráide:** Is féidir cur síos a dhéanamh ar an aeráid mar an ghnáthaimsir thar thréimhse ama. Ciallaíonn Athrú Aeráide athrú suntasach ar na tomhais aeráide, cuir i gcás teocht, báisteach, nó gaoth, a mhaireann ar feadh tréimhse fada – deacáidí nó níos faide.

**Maolú ar an Athrú Aeráide:** Baineann sé sin le hathrú a chur ar ár modhanna beatha, iompair, tomhaltais agus déantúsaíochta chun táirgeadh gás ceaptha teasa díobhálach a laghdú nó a stopadh. Áirítear leis freisin an úsáid is fearr a bhainimid as ár dtalamh agus Oiriúnú don Athrú Aeráide.

**Athraitheacht Aeráide:** Éagsúlachtaí i staitisticí aeráide thar thréimhse áirithe ama (cuir i gcás mí, séasúr nó bliain), i gcomparáid le staitisticí fadtéarmacha don tréimhse féilire chéanna.

**Bonneagar Criticiúil:** Téarma a úsáideann rialtais chun cur síos a dhéanamh ar shócmhainní atá riachtanach d'fheidhmiú sochaí agus geilleagair.

**Sócmhainní Cultúrtha**: Rud a bhfuil luach ag baint leis mar gheall ar an méid a chuireann sé le cultúr, brí, traidisiúin, eolas, cruthaitheacht agus beogacht an phobail.

**Lintéir:** Struchtúr a ligeann d'uisce sreabhadh faoi bhóthar, iarnród, cosán nó bac den chineál céanna ó thaobh amháin de go dtí an taobh eile. D'fhéadfadh ithir a bheith timpeall air agus d'fhéadfadh sé a bheith déanta as coincréit threisithe, píopa, nó ábhar eile.

**Dícharbónú:** Dé-ocsaíd charbóin ó fhoinsí fuinnimh a laghdú nó a bhaint.

**Crios Dícharbónaithe (DZ):** Limistéar spásúil laistigh de chontae atá ainmnithe chun feidhmiú mar bhinse tástála do raon beart maolaithe aeráide, oiriúnaithe aeráide agus bithéagsúlachta, a d'fhéadfaí a rolladh amach ansin chuig limistéir eile, má chruthaítear go n-éiríonn leo.

**Éiceachórais:** Pobal bitheolaíoch d'orgánaigh a idirghníomhaíonn le chéile agus lena dtimpeallacht fhisiciúil.

**Éifeacht El Nino:** Timthriall aeráide san Aigéan Ciúin a bhfuil tionchar domhanda aige ar phatrúin aimsire.

**An Treoir AE maidir le Gnáthóga:** Tugtar cosaint faoin Treoir do raon leathan speiceas neamhchoitianta, speiceas faoi bhagairt nó speiceas eindéimeach a bhíonn ann san Aontas Eorpach.

**Fuinneamh Glas:** Fuinneamh a dhíorthaítear ó fhoinsí in-athnuaite a bhfuil tionchar íseal aige ar an gcomhshaol agus lena n-áirítear fuinneamh gréine, gaoithe, geoiteirmeach, bithgháis agus hidrileictreach. Is fuinneamh é is féidir a tháirgeadh ar bhealach a chosnaíonn an timpeallacht nádúrtha.

**Infreastruchtúr Glas:** Líonra de limistéir nádúrtha agus breacnádúrtha atá pleanáilte go straitéiseach ag a bhfuil gnéithe comhshaoil eile atá deartha agus bainistithe chun raon leathan seirbhísí éiceachórais a sholáthar, cuir i gcás íonú uisce, caighdeán an aeir, spás áineasa agus maolú agus oiriúnú aeráide.

**Scoileanna Glasa**: Clár oideachais comhshaoil idirnáisiúnta, córas bainistíochta comhshaoil agus scéim dámhachtana lena ndéantar gníomh sa scoil uile ar mhaithe le comhshaol inbhuanaithe a chur chun cinn trí mhodheolaíocht seacht gcéime a chur i bhfeidhm.

**Gáis ceaptha teasa:** Gás a chuireann leis an iarmhairt ceaptha teasa trí radaíocht infridhearg a ionsú. Is samplaí díobh iad: dé-ocsaíd charbóin, meatán agus clórafluaracarbóin.

**Glasbhealach:** Bealach tiomnaithe rothaíochta agus siúlóide a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm easbhóthair nó ar an mbóthar laistigh den chuid den chiumhais nó den chosán atá deighilte ó thrácht mótair. I measc na mbuntáistí a sholáthraíonn glasbhealach tá athrú córa iompair a éascú, caighdeán an aeir a fheabhsú agus daoine a nascadh go hinbhuanaithe le háiteanna.

**Strus Teirmeach**: Nuair nach féidir le do chorp do theocht a rialáil a thuilleadh agus nuair a éiríonn tú ró-the. Is féidir leis sin tarlú in áiteanna a bhfuil teochtaí te nó taise ard iontu, nó ina dtarlaíonn róthógáil na gréine. Is féidir tnáitheadh ó theas agus stróc teasa a bheith mar thoradh air strus teirmeach.

**Córais an duine:** Córais a chruthaíonn daoine, ina measc lonnaíochtaí don duine, bealaí iompair, córais chumarsáide, eacnamaíocht, bonneagar agus fuinneamh.

**ICARUS:** Is cuid de Roinn Tíreolaíochta Ollscoil Mhá Nuad é Aonad na hÉireann um Anailís agus Thaighde ar an Aeráid agus tá sé ar thús cadhnaíochta ar bhonn náisiúnta i réimse an athraithe aeráide.

**Iascach Intíre Éireann:** An ghníomhaireacht Stáit atá freagrach as iascaigh intíre agus acmhainní slatiascaireachta farraige na hÉireann a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú.

**An Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC):** Comhlacht de chuid na Náisiún Aontaithe chun measúnú a dhéanamh ar an eolaíocht a bhaineann leis an athrú aeráide. Cuireann an IPCC measúnuithe eolaíocha tráthrialta ar fáil do lucht déanta beartas maidir leis an athrú aeráide, na himpleachtaí a bhaineann leis agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, chomh maith le roghanna oiriúnaithe agus maolaithe a chur chun cinn.

**Speicis Ionracha:** Speiceas nach bhfuil dúchasach do shuíomh ar leith (speiceas a tugadh isteach), agus a bhfuil claonadh aige scaipeadh go pointe a chreidtear a bheith ina chúis le damáiste don chomhshaol, do gheilleagar an duine nó do shláinte an duine.

**ISO 50001:** Caighdeán domhanda d'eagraíochtaí chun a gcórais bhainistíochta fuinnimh a fhorbairt agus a fheabhsú trí chreat riachtanas.

**Comhpháirtíocht LEADER (Contae Loch Garman)** :
Ceann de bhreis agus caoga Cuideachta Forbartha Áitiúil in Éirinn atá freagrach as raon tionscnamh tuaithe, fiontraíochta, cuimsithe shóisialta agus forbartha pobail a chur i bhfeidhm.

**An Creat Náisiúnta um Oiriúnú (NAF):** Leagtar amach sa chreat an straitéis náisiúnta chun leochaileacht na tíre i leith éifeachtaí diúltacha an athraithe aeráide a laghdú agus chun leas a bhaint as tionchair dhearfacha. Forbraíodh an NAF faoin Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015.

**An Plean Náisiúnta um Maolú (NMP):** An chéad chéim chun Éire a chur ar chonair chun an leibhéal dícharbónaithe a theastaíonn a bhaint amach. Is Plean uile-Rialtais é, ina léirítear go háirithe róil lárnacha na bPríomh-Airí atá freagrach as na hearnálacha a chumhdaítear leis an bplean – Giniúint Leictreachais, an Timpeallacht Thógtha, Iompar agus Talmhaíocht, chomh maith le tarraingt ar dhearcthaí agus freagrachtaí Ranna Rialtais eile.

**Plean Náisiúnta Pailneoirí**: Tugtar an Plean Uile-Éireann um Pailneoirí air freisin, agus tá sé mar aidhm aige tír inar féidir le pailneoirí maireachtáil agus rath a bheith orthu a dhéanamh d'Éirinn. Sainaithnítear sa phlean cad is féidir le hÚdaráis Áitiúla, feirmeoirí, gnólachtaí, pobail agus scoileanna a dhéanamh chun é sin a bhaint amach.

**Córais Nádúrtha:** Córais oscailte ina mbraitheann iad a bheith ann ar éifeachtaí lasmuigh dá dteorainneacha. Cruthaítear iad i gcaitheamh na milliún bliain d'éabhlóid i ndomhan atá ag athrú, áit a bhfuil an aeráid agus leagan amach na talún tar éis idirghníomhú le dáileadh agus comhdhéanamh na beatha.

**Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP):** Is eagraíocht seirbhíse í Oifig na nOibreacha Poiblí agus is í an phríomhghníomhaireacht um bainistiú riosca tuilte in Éirinn í atá freagrach as tionchair tuile a íoslaghdú trí phleanáil inbhuanaithe

**An Réimse Poiblí:** Tagraíonn sé seo go ginearálta do na ceantair sin de bhaile nó de chathair a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu. Áirítear leis sráideanna, cosáin, páirceanna, cearnóga, droichid agus foirgnimh agus áiseanna poiblí.
**Fuinneamh Gréine Fótavoltach:** Painéil a úsáideann an fuinneamh ón nGrian chun leictreachas inathnuaite agus/nó uisce te a chruthú do thithe agus do ghnó.

**Plean Réigiúnach Fiontraíochta an Oirdheiscirt go dtí 2020:** Cuireann sé leis an rath a bhí ar Phlean Réigiúnach Gníomhaíochta an Oirdheiscirt do Phoist (2016-2017) chun a chinntiú go leanfaidh sé de bheith éifeachtach agus go leanfaidh sé de phoist a sholáthar ar fud réigiún an Oirdheiscirt agus gur féidir leis a bheith láidir chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin lena n-áirítear Brexit.

**Limistéir Chaomhantais Speisialta:** Príomhlimistéir chaomhantais fiadhúlra sa tír, a mheastar a bheith tábhachtach ar leibhéal Eorpach agus ar leibhéal na hÉireann.

**Limistéir faoi Chosaint Speisialta**: Ainmniú faoi Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le hÉin Fhiáine a Chaomhnú. Faoin Treoir, tá sé de dhualgas ar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (AE) gnáthóga na n-éan imirceach agus éin áirithe atá faoi bhagairt ar leith a chosaint.

**Coiste um Beartas Straitéiseach (SPC):** Tugann na coistí seo deis d'ionadaithe tofa agus do leasanna earnála áitiúla araon a bheith níos rannpháirtí i gceapadh beartais ar an leibhéal áitiúil. Tugann na coistí deis do dhaoine a bhfuil saineolas ábhartha acu oibriú in éineacht leis na hionadaithe tofa chun rannchuidiú le beartas na Comhairle agus é a fhorbairt de mheon na comhpháirtíochta.

**Is é Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI)** údarás náisiúnta fuinnimh inmharthana na hÉireann. Oibríonn siad le sealbhóirí tí, gnólachtaí, pobail agus an rialtas chun todhchaí ina mbeidh fuinnimh níos glaine a chruthú.

**Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna)** Is é is aidhm leis na 17 SFI a ghlac Ballstáit na Náisiún Aontaithe 'deireadh a chur leis an mbochtaineacht, an pláinéad a chosaint agus beatha agus ionchais gach duine i ngach áit a fheabhsú'.

**Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe:** Pobal a oibríonn le chéile chun córas fuinnimh inbhuanaithe a fhorbairt. Chun é sin a dhéanamh, tá sé mar aidhm acu a bheith tíosach ar fhuinneamh, fuinneamh in-athnuaite a úsáid agus réitigh chliste fuinnimh a bhreithniú.

**Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbí (CIDU):** Córais phlandála i sráid-dreacha uirbeacha atá deartha chun rith chun srutha uisce dhromchla a mhaolú. Tá buntáistí éagsúla acu, lena n-áirítear tuilte agus creimeadh ithreach a laghdú agus gnáthóg a chur ar fáil don fhiadhúlra ag an am céanna.

**Bonneagar Iompair Éireann (TII):** cónascadh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta agus na Gníomhaireachta um Fháil Iarnród. Is é an misean atá acu bonneagar agus seirbhísí iompair a sholáthar, a chuireann le caighdeán maireachtála mhuintir na hÉireann agus a thacaíonn le fás eacnamaíoch na tíre.

**Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide 2013**: Ghlac an Coimisiún Eorpach leis an straitéis seo i mí Aibreáin 2013, ina leagtar amach ann creat agus sásraí chun ullmhacht an Aontais do na tionchair atá agus a bheidh ag an aeráid a thabhairt go dtí leibhéal nua.

**Seasamh an Bheartais Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2014**: Cuireann Seasamh an Bheartais Náisiúnta treoir beartais ardleibhéil ar fáil chun go nglacfaidh an Rialtas pleananna agus go gcuirfidh sé i bhfeidhm iad chun cur ar a chumas don Stát aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin faoi 2050. Tá údarás reachtúil do na pleananna leagtha amach san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015.

**Comhaontú Pháras 2015**: Ag COP 21 i bPáras, an 12 Nollaig 2015, tháinig Páirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) ar chomhaontú cinniúnach chun an t-athrú aeráide a chomhrac agus chun dlús a chur leis na gníomhaíochtaí agus na hinfheistíochtaí is gá le haghaidh todhchaí inbhuanaithe ísealcharbóin. Le Comhaontú Pháras, tugadh cúis choiteann do na náisiúin uile; tabhairt faoi iarrachtaí uaillmhianacha chun an t-athrú aeráide a chomhrac agus dul in oiriúint do na héifeachtaí uaidh, le tacaíocht fheabhsaithe chun cabhrú le tíortha i mbéal forbartha é sin a dhéanamh.

**Pointí Claochlaithe:** Is tairseach é pointe claochlaithe sa chóras aeráide a d'fhéadfadh athruithe móra a dhéanamh ar staid an chórais nuair a sháraítear é.

**Topagrafach:** Leagan amach ghnéithe fisiceacha limistéir nó léiriú cruinn orthu.

**Teas Uirbeach**: Tarlaíonn sé sin i limistéir uirbeacha nó chathracha atá níos teo go suntasach ná na limistéir thuaithe timpeall orthu mar gheall ar ghníomhaíochtaí an duine, cuir i gcás dromchlaí talún a mhodhnú.

**Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Loch Garman (LRP):** Líonra de ghrúpaí pobail agus deonacha, clubanna agus eagraíochtaí atá ag obair ar an leibhéal áitiúil ar fud Chontae Loch Garman. Tá baint aige le heolas, forbairt agus ionadaíocht a dhéanamh ar a bhallghrúpaí agus is é an struchtúr é trínar féidir guth an phobail agus saineolas áitiúil a thabhairt isteach i roinnt comhlachtaí cinnteoireachta áitiúla.

# Gluais

**AA** Measúnacht Chuí

**AIPP** An Plean Uile-Éireann um Pailneoirí

**BEI** Fardal Astuithe Bunlíne

**BER** Rátáil Fuinnimh Foirgnimh

**CARO** Oifig Réigiúnach don Ghníomhú ar son na hAeráide

**CCAP** An Clár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide

**CCBDEnv SPC** An Coiste um Beartas Straitéiseach maidir le hAthrú Aeráide, Bithéagsúlacht agus Comhshaol

**CBCC** Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach

**CCRA** Measúnú Riosca um Athrú Aeráide don Chontae

**DECA** Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Bhaint Amach

**DHLGH** An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

**DoT** An Roinn Iompair

**DRCD** An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

**DZ** Crios Dícharbónaithe

**EIP** Comhpháirtíocht Eorpach sa Nuálaíocht

**EMRA** Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre

**EPA** An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

**ESB** Bord Soláthair an Leictreachais

**BOO** Bord Oideachais agus Oiliúna

**EU** An tAontas Eorpach

**EV** Feithicil Leictreach

**GAA** Cumann Lúthchleas Gael

**GHG** Gás Ceaptha Teasa

**HBPA** Comhghuaillíocht Foirgneamh Ardfheidhmíochta

**HVO** Ola Glasraí Hidreachóireáilte

**IPCC** Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide

**IBF** Foras Bithgheilleagair na hÉireann

**LACAP** Pleananna Údarás Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide

**LASNTG** Grúpa Náisiúnta Oiliúna Sheirbhísí na nÚdarás Áitiúil

**LAWPRO** Clár Uisce na nÚdarás Áitiúil

**LCDC** Coiste Forbartha Pobail Áitiúil

**LEO** Oifig Fiontair Áitiúil

**LGMA** An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

**LULUCF** Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht

**MD** Ceantar Bardasach

**NBS** Réitigh Nádúrbhunaithe

**NAF** An Creat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide

**NDCA** Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide

**NTA** An tÚdarás Náisiúnta Iompair

**NZEB** Foirgneamh nach mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh

**OOP** Oifig na nOibreacha Poiblí

**PPN** Líonra Rannpháirtíochta Poiblí

**RAMSAR** - Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Bogaigh

**SFlanna** Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

**SEA** Measúnú Straitéiseach Comhshaoil

**SEAI** Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

**SAC** Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta

**SEEA** Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt

**SETU** Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt

**SICAP** An Clár um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail

**SMART** Sonrach, Intomhaiste, Indéanta, Réalaíoch agus faoi cheangal Ama

**SPA** Limistéir faoi Chosaint Speisialta

**SPC** Coiste um Beartas Straitéiseach

**CIDU** Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbí

**TASC** Meitheal Machnaimh le haghaidh Ghníomhú ar Athrú Sóisialta

**TII** Bonneagar Iompair Éireann

**UN** Náisiúin Aontaithe

**UNESCO** Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe

**WWETB** Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman

**ZEVI** Feithicil Astaíochtaí Nialasacha Éireann

# Tagairtí, Foinsí Leabharliosta

CARO
Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn CARO 2022 Cur i bhFeidhm Gníomhartha don Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide
Tagarmharcanna Fuinnimh CIBSE 2008
An tAcht um Ghníomhú Aeráide (Leasú) 2021
An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021
An Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023
Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide
Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide 2019-2024
An Phríomh-Oifig Staidrimh
Coedma, Rebecca Carchia, Bunlínte Co2 a Fhorbairt, Treoir Céim ar Chéim do d'Údarás Áitiúil 2017
Fardal Astuithe Bunlíne an Chontae (BEI)
Measúnú Riosca um Athrú Aeráide don Chontae
DCCAE, Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla chun Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide a Fhorbairt, 2018
Tuarascáil Achoimre ar Uasteorainneacha Astaíochtaí Earnála DECC 2022
Achoimre ar an Anailís ar Uasteorainneacha Astaíochtaí Earnála DECC 2022
Desmond Margaret, 'National Preparedness to Adapt to climate Change: Analysis of State of Play' 2018
DMURS, Nóta Comhairleach 5, Draenáil bóithre agus sráideanna agus úsáid á baint as réitigh nádúrbhunaithe
Roinn an Taoisigh, Uasteorainneacha astaíochtaí earnála fógartha ag an Rialtas chun Éire a chur ar chonair chun an taoide a chasadh ar an athrú aeráide. 2022
Tionscadal ECOPRO, Comhairle Comhairleach um an Athrú Aeráide – Athbhreithniú Bliantúil 2022
ECOPRO, Cosaint Chósta atá Neamhdhíobhálach don Chomhshaol – Cód Cleachtais 1996
Grúpa Stiúrtha Edinburgh Adapts. Edinburgh Adapts: Plean Gníomhaíochta um an Athrú Aeráide 2016-2020
Straitéis maidir le Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha 2022-2025
Tuarascáil maidir le Fuinneamh in Éirinn 2019 (seai.ie)
EPA 'Climate Change in the Irish Mind'
Tuarascáil na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ar Fhardal Náisiúnta na hÉireann 2020
Tuarascáil na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ar Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa Sealadacha in Éirinn 2022
An Coimisiún Eorpach, 'Treoraíocht Theicniúil ón gCoimisiún maidir le hImdhíonadh an Bhonneagair ó thaobh Aeráide de sa Tréimhse 2021-2027', 2021.
Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, (Clár na hÉireann-na Breataine Bige) Aeráid, Oidhreacht agus Timpeallachtaí Sceireacha, Oileán agus Ceann Tíre (CHERISH) 2020
Glasú agus CIDU Nádúrbhunaithe le haghaidh Scéimeanna Taistil Ghníomhaigh, Treoir Náisiúnta Iompair do Chúrsaí Uisce Uirbeacha le Iascach Intíre Éireann
IPCC, an 5ú Tuarascáil Mheasúnachta

**IPCC, an 6ú Tuarascáil Mheasúnachta**
**ISO, 'Oiriúnú don Athrú Aeráide – Treoirlínte maidir le Leochaileacht, Tionchair agus Measúnú Riosca (14091)', eagrán ISO 14091:, 2021.**
**Karen Deignan et al., Climate Change Adaptation: Risks and Opportunities for Irish Businesses, Tuarascáil 402 (Taighde ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 2022).**
Kirk McClure Morton Consulting Engineers. Staidéar ar Chosaint Cósta Bhaile na Cúirte/Ard Maighean 1996
**Cairt na nÚdarás Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide**
**Pleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide, Treoirlínte do na hÚdaráis Áitiúla 2023**
**Straitéis Fhadtéarmach maidir le Laghduithe ar Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa**
Ionad MaREI, Institiúid Taighde Comhshaoil, UCC. Iniúchadh ar Bheartas agus Cleachtas na nÚdarás Áitiúil um Chreimeadh Cósta. 2017
Ídiú Leictreachais Mhéadraithe 2020 - CSO - An Phríomh-Oifig Staidrimh
**Met Éireann – Seirbhís Meitéareolaíochta na hÉireann**
**An Creat Náisiúnta um Oiriúnú (NAF)**
**An Grúpa Náisiúnta um Chaighdeáin agus Treoirlínte (Bonneagar) - NGSG Ciorclán 1 de 2023,**
**An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Tionscadal um Mhonatóireacht a dhéanamh ar an gCósta. 2009**
**Réitigh nádúrbhunaithe chun Uisce Báistí agus Uisce Dromchla a Ritheann chun Srutha i gCeantair Uirbeacha a Bhainistiú – Treoirdhoiciméad Eatramhach ar Dhea-chleachtais**
**Nolan Paul, Flanagan Jason, High-Resolution Climate Projections for Ireland – A MulitiModel ensemble Approach. Taighde ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.**
**OOP. Staidéar Straitéise um Chosaint Chósta Oirdheisceart na hÉireann. 2011**
**Tairseach Náisiúnta um Fhaisnéis faoi Tuilte de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí (floodinfo.ie)**
**Oifig na nOibreacha Poiblí agus An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Tuarascáil an Ghrúpa Idir-Rannaigh maidir leis an Straitéis Náisiúnta um Bainistíocht Athruithe Cósta 2023**
**Plejdrup, MN, K&B Mapáil ardtaifigh spásúil ar astaíochtaí náisiúnta. Idirbhearta WIT ar Éiceolaíocht sa Chomhshaol: Truailliú an aeir lgh.399-408 2018**
RPS Consulting Engineers. Contae Loch Garman – Creimeadh Cósta Geimhreadh 2006/2007
RPS Consulting Engineers, Cosaint Chósta Chill Phádraig 2007
RPS Consulting Engineers Contae Loch Garman – Athbhreithniú Straitéiseach ar Chreimeadh Cósta
**RPS Consulting Engineers. Staidéar ar Chreimeadh Cósta Ros Láir agus ar Bhainistíocht Riosca i gCás Tuilte. 2019**
**Pleananna Earnála um Oiriúnú don Athrú Aeráide**
Pacáistí Oibre Chósta an Oirdheiscirt 2, 3 agus 4A - Tuarascáil Theicniúil (LOCH GARMAN)
Stephen Flood et al., National Risk Assessment of Impacts of Climate Change: Bridging the Gap to Adaptation Action, Report 346 (EPA Research, 2020).
**CIDU – Treoir na Náisiún Aontaithe maidir le Teicnící Draenála Uirbeacha Inbhuanaithe 'Achoimre do Lucht Déanta Beartas.' In Climate Change 2021: The Physical Science**

**Basis. Rannchuidiú Ghrúpa Oibre I leis an Séú Tuarascáil Mheasúnachta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide, arna chur in eagar ag V. Masson-Delmotte, P. Zhai, A. Pirani, S. L. Connors, C. Péan, S. Berger, N. Caud, et al. Cambridge University Press, Cambridge, 2021**
**Teagasc, Ainmhithe, 2017**
**Iniúchadh Fuinnimh sa Talmhaíocht, Teagasc, 2020**
**Suirbhé Náisiúnta Feirmeacha Teagasc 2017**
**Tuarascáil maidir le Stádas Aeráid na hÉireann**
**Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC)1994**
Teaghaisí gan Áitiú - CSO - An Phríomh-Oifig Staidrimh
Prótacal Chomhairle Contae Loch Garman maidir le Tithíocht Éigeandála i rith Drochaimsire
Nósanna Imeachta Chomhairle Contae Loch Garman maidir le Chalafoirt, Piaraí agus Cuanta a Oiriúnú don Athrú Aeráide.
**Straitéis Chomhairle Contae Loch Garman um Oiriúnú don Athrú Aeráide 2019-2024**
Coiste Chomhairle Contae Loch Garman um Beartas Straitéiseach maidir le hAthrú Aeráide, Bithéagsúlacht agus Comhshaol – Nuashonrú ar Chúrsaí Cósta. 2022
**Plean Forbartha Contae Chomhairle Contae Loch Garman, 2022-2028**
Beartais Chomhairle Contae Loch Garman maidir le Teagmhais Adhaimsire/Beartas Tuile 2022
**Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chomhairle Contae Loch Garman 2023-2029**
**Plean Móréigeandála Chomhairle Contae Loch Garman. 2016**
Plean Drochaimsire Chomhairle Contae Loch Garman
Ráiteas Socheacnamaíoch Chomhairle Contae Loch Garman Feabhra 2023, Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Loch Garman.
Straitéis Turasóireachta Chomhairle Contae Loch Garman 2019-2023
**CCC. EPA, UCC, DOECC. Fire, Land and Atmospheric, Remote Sensing of EmissionS (FLARES) 2021**

**Uirlisí Ar Líne a Úsáidtear i bhforbairt an phlean seo**
An Phríomh-Oifig Staidrimh – Léarscáil idirghníomhach de Dhaonáireamh 2016 agus Daonáireamh 2022
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil – mapáil GIS
AARHUS – MapEire
SEAI – Uirlis Náisiúnta Chlár BER, Uirlis Náisiúnta Taighde BER

Is liosta é seo de na foinsí d'fhaisnéis staitistiúil, fhíorasach agus bheartais atá sa phlean um ghníomhú ar son na haeráide. Tá naisc aige freisin chuig an reachtaíocht ábhartha, chuig tuairisciú ag comhlachtaí rialtais agus idirnáisiúnta agus chuig foinsí eile.

Má tá foinse ar leith ann ar mhaith leat tuilleadh mionsonraí a fháil uirthi agus nach féidir leat teacht orthu, déan teagmháil leis an bhfoireann um ghníomhú ar son na haeráide ag climateaction@wexfordcoco.ie.

# Buíochas

Forbraíodh Plean Chomhairle Contae Loch Garman um Ghníomhú ar son na hAeráide le hionchur ó:

- Coiste Chomhairle Contae Loch Garman um Beartas Straitéiseach maidir le hAthrú Aeráide, Bithéagsúlacht agus Comhshaol

Is iad comhaltaí an Choiste:

An Clr. Mary Farrell, an Clr. Donal Kenny, an Clr. Oliver Walsh, an Clr. Maura Bell , an Clr. Tom Forde, an Clr. Leonard Kelly, an Clr. Jim Moore, Danny Forde, Anne Marie Neville, Joe Ryan, James Brennan, Mary Walsh, Allen Holman, Kevin Molloy, Carolyne Godkin DOS, Gerry Forde, Rory O'Mahony, Frank Burke, Clare Kelly, Clinton Donovan, George Colfer, Phil Murphy, Hugh Maguire, Lillie O'Brien, Melissa Goff, Jodie Codd

- Grúpa Stiúrtha Chomhairle Contae Loch Garman um Gníomhú ar son na hAeráide

Is iad seo a leanas baill na foirne:

Carolyne Godkin, Ann Marie Laffan, Annette Dupuy, Ian Ludlow, Liz Burns, Nicola McGrath, Frank Burke, Clare Kelly, Alan O'Rourke, Anna Marie Colfer, Dearbhla Ni Laighin, Latido Crabbe, Bernie Quigley, Shirley Berry, Jordan McGrath, Michael Drea, Margaret Dunphy, JJ Doheny, Fintan Kirwan, Lynda Leacy, Padraig Slye, Sean Savage, Sean Kavanagh, Ashley Redmond, Anita McLoughlin, George Colfer, Gerry Forde, Phil Murphy, Abraham Dunne, Rory O'Mahony, Brendan Cooney, Eoin Kinsella, Cliona Connolly, Catherine McLoughlin, Pauline Doyle, Tom Byrne, Fiona Fenlon, Hugh Russell, Deirdre Kearns, Sean Meyler, Tim Murphy, Fionnuala Callery, Michael Brazzill, Michael Sweeney, Ray Murphy, Catherine White, Breege Cosgrave Clinton Donovan, Susan Kelly, Lee Flynn, Sinead Casey, James Whelan, Diarmuid Houston, Gary Duggan

- Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt
- Nasc Áitiúil
- Wexford Bus
- Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Loch Garman
- Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe Inis Córthaidh

Le cúnamh ó na daoine seo a leanas:

Cathrine Agnew, Sinead Furlong, Billy Byrne, David Whitty, Neil Dempsey, Claire Lawless, Fran Ronan, Therese Nolan, Caroline Creane, Hugh Maguire, Melissa Goff, Alan O'Shea, Joanne Kehoe, Shane Murphy, Janine Fitzgerald, Amanda Timbrell, Neville Shaw, Liam Buckley, Susan Doran.

Is mian linn aitheantas a thabhairt don chúnamh a thug oifig CARO, Comhairle Contae Cheatharlach, Comhairle Contae Chill Chainnigh, Comhairle Contae Thiobraid Árann, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus Foireann Bainistíochta Chomhairle Contae Loch Garman agus an Plean Um Ghníomhú ar son na hAeráide seo á ullmhú.



GNÍOMHÚ AERÁIDE LOCH GARMAN
ÁR gCONTAE. ÁR nDEIS. ÁR dTODHCHAÍ

Comhairle Contae Loch Garman
Wexford County Council

Comhairle Contae Loch Garman

# Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029

www.creativedesignandprint.ie TEL 053 914 4264